

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Innheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (“Rialachán IMI”) ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 12
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d’fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe 34
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1027/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a mhéid a bhaineann le cógas-aireachas ⁽¹⁾ 38
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1028/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas na scéime íocaíochta aonair agus le tacaíocht do shaothraithe finíúnacha 41
- ★ Rialachán (AE) Uimh. 1029/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena dtugtar isteach fabhair thrádála uathrialacha phráinneacha don Phacastáin 43

Praghas: EUR 4

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 316 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1024/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 25 Deireadh Fómhair 2012****maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún (“Rialachán IMI”)**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) D'fhoilligh gníomhartha áirithe de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm, ar gníomhartha iad lena rialaítear saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil sa mhargadh inmheánach, ní mór do na Ballstáit comhoibriú le chéile ar bhealach níos éifeachtaí agus faisnéis a mhálartú le chéile agus leis an gCoimisiún. Ós rud é gur minic nach sonraítear sna gníomhartha sin modhanna praiticiúla chun malartú faisnéise den chineál sin a chur chun feidhme, is gá socrúithe praiticiúla iomchuí a dhéanamh.
- (2) Is éard atá i gCóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (“IMI”) feidhmchlár bogearraí a bhfuil fáil air tríd an idirlíon agus a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit, chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit na ceanglais maidir le malartú faisnéise atá leagtha síos i ngníomhartha de chuid an Aontais a chur chun feidhme go praiticiúil trí shásra cumarsáide láraithe a sholáthar chun malartú faisnéise thar theorainneacha agus cúnamh frithpháirteach a éascú. Cuidíonn IMI, go háirithe, le húdaráis inniúla chun a gcontrapháirtí i mBallstáit eile a aithint, chun malartú na faisnéise, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a bhainistiú ar bhonn nósanna imeachta simplí agus aontaithe agus chun constaicí

teanga a sháru de bhun sreabh oibre atá réamhshainithe agus réamhaistrithe. I gcás go bhfuil teacht air, ba cheart don Choimisiún aon fheidhmiúlacht aistriúcháin eile atá ann cheana a sholáthar d'úsáideoirí IMI, ar fheidhmiúlacht í a chomhlíonann a gcuid riachtanas, a luíonn leis na riachtanais slándála agus rúndachta a bhaineann le malartú faisnéise san IMI, agus is féidir a chur ar fáil ar chostas réasúnta.

- (3) D'fhoilligh go bhféadfar constaicí teanga a sháru, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh IMI ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.
- (4) Ba cheart gurb é is cuspóir d'IMI feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí uirlis éifeachtach soláimhsithe a sholáthar chun an comhar riaracháin idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún a chur chun feidhme, agus sa dóigh sin cur i bhfeidhm gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a éascú.
- (5) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2011 dar teideal “Rialachas níos fearr ar an Margadh Aonair trí chomhar riaracháin níos fearr: Straitéis chun Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘IMI’) a leathnú agus a fhorbairt”, leagtar amach pleananna a d'fhéadfaí a úsáid chun IMI a leathnú go gníomhartha eile de chuid an Aontais. Ina Theachttaireacht an 13 Aibreán 2011 dar teideal “Gníomh um an Margadh Aonair: 12 Luamhán chun an fás agus an mhuinín a neartú — ‘Ag obair i dteannta a chéile chun an fás nua a chruthú’”, leagann an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhaineann le IMI chun an comhar a neartú i measc na ngníomhaithe atá rannpháirteach sa mhargadh aonair, lena n-áirítear ar an leibhéal áitiúil, agus sa dóigh sin cuirtear le rialachas níos fearr ar an margadh aonair. Is gá, dá bhrí sin, creat fóna dlí a bhunú le haghaidh IMI, maille le sraith comhrialtacha chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh IMI go héifeachtúil.

- (6) I gcás ina gceanglófar le foráil gníomh de chuid an Aontais go malartóidh Ballstáit sonraí pearsanta agus ina ndéanfar foráil maidir le críoch na próiseála sin, ba cheart a mheas gur leor í foráil den sórt sin mar bhunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 8 agus in

⁽¹⁾ IO C 43, 15.2.2012, lch. 14.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012.

Airteagal 52 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart breathnú ar IMI mar uirlis a úsáidtear go príomha chun faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú, ar faisnéis í a mhalartófaí ar mhodhanna eile i gcásanna eile, lena n-áirítear tríd an ngnáthphost, trí fhacs nó trí ríomhphost ar bhonn oibleagáide dlíthiúla arna forchur ar údaráis agus ar chomhlachtaí na mBallstát i ngníomhartha de chuid an Aontais. Níor cheart sonraí pearsanta a mhalartaítear trí bhíthin IMI a bhailiú, a phróiseáil ná a úsáid ach amháin chun críocha atá ag teacht leis na críocha chuig ar bailíodh iad den chéad uair agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir gach coimirce ábhartha.

- (7) Ag déanamh de réir phrionsabal an phríobháideachais d'aon ghnó, tugadh aird, agus IMI á fhorbairt, ar cheanglais na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí agus urramaíodh cosaint sonraí ann ón gcéad lá riamh, go háirithe de bharr na srianta a chuirtear ar rochtain ar shonraí pearsanta a mhalartaítear in IMI. Dá bhrí sin, tugtar leibhéal cosanta agus slándála i bhfad níos airde le IMI i gcomparáid le modhanna eile chun faisnéis a mhalartú amhail an gnáthphost, teileafón, facs nó post leictreonach.
- (8) Ba cheart go gcomhlíonfadh an comhar riaracháin ar mhodh leictreonach idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint atá leagtha síos i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ⁽¹⁾ agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ⁽²⁾. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 chun críocha an Rialacháin seo.
- (9) Déanann an Coimisiún na bogearraí agus an bonneagar TF d'IMI a sholáthar agus a bhainistiú, slándáil IMI a áirithiú, líonra chomhordaitheoirí náisiúnta IMI a bhainistiú agus tá sé rannpháirteach in oiliúint a chur ar úsáideoirí IMI agus i gcúnamh teicniúil a thabhairt dóibh. Chuige sin, ba cheart nach mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ach amháin ar na sonraí pearsanta sin a mbeadh fíorghá leo chun go gcuirfidh sé a chuid cúraimí i gcrích faoi chuimsiú na bhfreagrachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo, amhail comhordaitheoirí náisiúnta IMI a chlárú. Ba cheart go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún freisin, arna iarraidh sin do ghníomhaí IMI eile, ar shonraí pearsanta le linn dó sonraí den sórt sin a aisghabháil atá blocáilte in IMI agus ar sonraí iad ar iarr an duine is ábhar dóibh rochtain ina leith. Níor cheart go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar shonraí pearsanta a mhalartófar mar chuid den chomhar riaracháin laistigh d'IMI mura bhforáiltear le gníomh de chuid an Aontais do ról don Choimisiún sa chomhar sin.
- (10) Chun an trédhearcacht a áirithiú, go háirithe le haghaidh na n-ábhar sonraí, ba cheart forálacha de chuid gníomh-

hartha an Aontais a n-úsáidfear IMI ina leith a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

- (11) Féadfar IMI a leathnú amach anseo go dtí réimsí nua, áit is féidir leis cuidiú chun gníomh de chuid an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach ar bhealach cost-éifeachtach, soláimhsithe agus an indéantacht theicniúil á cur san áireamh mar aon leis an tionchar foriomlán a bheadh ar IMI. Ba cheart don Choimisiún na tástálacha riachtanacha a dhéanamh chun ullmhacht theicniúil IMI d'aon mhéadú atá beartaithe a thástáil. Is tríd an ngnáthnós imeachta reachtach ba cheart cinntí a dhéanamh chun IMI a leathnú chuig gníomhartha eile de chuid an Aontais.
- (12) Is uirlisí úsáideacha iad treoirhionscadail chun a thástáil an mbeadh bonn cirt le IMI a leathnú agus chun feidhmiúlacht theicniúil agus socrúithe nós imeachta a oiriúint do riachtanais úsáideoirí IMI. Ba cheart do na Ballstáit a bheith rannpháirteach go hiomlán agus cinneadh á dhéanamh cé na gníomhartha de chuid an Aontais ba cheart a bheith faoi réir treoirhionscadail agus maidir le módúlachtaí an treoirhionscadail sin, chun a áirithiú go n-áireofaí riachtanais úsáideoirí IMI sa treoirhionscadal agus go ndéanfaí na forálacha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil a chomhlíonadh go hiomlán. Ba cheart go saineofaí na módúlachtaí sin ar leithligh do gach treoirhionscadal.
- (13) Níor cheart go gcuirfeadh aon ní sa Rialachán seo cosc ar na Ballstáit ná ar an gCoimisiún a chinneadh IMI a úsáid chun faisnéis a mhalartú nach mbaineann próiseáil sonraí pearsanta leis.
- (14) Ba cheart go ndéanfaí na rialacha i dtaobh IMI a úsáid chun críche comhair riaracháin a leagan amach sa Rialachán seo, ar comhar é a fhéadfaidh, *inter alia*, malartú faisnéise duine le duine, nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt, sásraí foláirimh, socrúithe cúnamh fhrithpháirtigh agus réiteach fadhbanna, a chumhdach.
- (15) Ba cheart nach ndéanfaí difear leis an Rialachán seo don cheart atá ag na Ballstáit an cinneadh a dhéanamh cé na húdaráis náisiúnta a chomhlíonfaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann feidhmeanna agus freagrachtaí i ndáil le IMI a chur in oiriúint dá struchtúir riaracháin inmheánacha, mar aon leis na riachtanais atá ag sreabh oibre sonrach IMI a chur chun feidhme. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann comhordaitheoirí breise IMI a cheapadh chun cúraimí comhordaitheoirí náisiúnta IMI a chur i gcrích, ina n-aonair nó i bpáirt le comhordaitheoirí eile, i gcomhair réimse ar leith den mhargadh inmheánach, i gcomhair roinne ar leith den riarachán, i gcomhair réigiúin gheografaigh, nó de réir critéir eile. Ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún cé hiad na comhordaitheoirí atá ceaptha acu, ach níor cheart go mbeadh dualgas orthu comhordaitheoirí IMI breise a lua sa cháil sin in IMI, nuair nach gá sin dá feidhmiú rianúil.
- (16) D'fhonn comhar éifeachtúil riaracháin a bhaint amach trí bhíthin IMI, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag a gcuid gníomhaithe IMI chun a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

⁽²⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

- (17) Cé gur uirlis chumarsáide don chomhar riaracháin idir údaráis inniúla é IMI go bunúsach, ar uirlis í nach bhfuil ar oscailt don phobal i gcoitinne ach d'údaráis phoiblí amháin, d'fhéadfadh sé gur ghá modhanna teicniúla a fhorbairt le go bhféadfadh gníomhaithe seachtracha amhail saoránaigh, fiontair agus eagraíochtaí idirghníomhú a dhéanamh leis na húdaráis phoiblí chun faisnéis a sholáthar nó chun sonraí a aisghabháil, nó chun a gcearta a fheidhmiú mar ábhair sonraí. Ba cheart go n-áiríteofaí le modhanna teicniúla den sórt sin coimircí iomchuí chun sonraí a chosaint. Chun ardleibhéal slándála a áirithiú, ba cheart aon chomhéadan poiblí den sórt sin a fhorbairt ar bhealach ina mbeadh sé ar leithligh go hiomlán, ó thaobh na gné teicniúla de, ó IMI, ar feidhmchlár é nár cheart rochtain a bheith air ach ag úsáideoirí IMI, agus acusan amháin.
- (18) Ba cheart úsáid IMI chun tacaíocht theicniúil a thabhairt do ghréasán SOLVIT a bheith gan dochar do chineál neamhfhoirmiúil nós imeachta SOLVIT atá bunaithe ar ghealltanais deonach na mBallstát, i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2001 maidir le prionsabail chun leas a bhaint as "SOLVIT" ⁽¹⁾ — an Gréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach ("Moladh SOLVIT"). Chun go leanfar de bheith ag feidhmiú ghréasán SOLVIT ar bhonn na socrúithe oibre atá ann cheana, féadfar cúram amháin nó níos mó de chuid comhordaitheora náisiúnta IMI a shannadh d'ionaid SOLVIT faoi chuimsiú shainchúram a guoid oibre, chun go bhféadfaidh siad feidhmiú go neamhspleách ar chomhordaitheoir náisiúnta IMI. Ba cheart go rachaidh na ráthaíochtaí uile a leagtar amach sa Rialachán seo chun tairbhe na próiseála a dheánfar, mar chuid de nósanna imeachta SOLVIT, ar shonraí pearsanta agus ar fhaisnéis rúnda, gan dochar do chineál neamhcheangailteach Moladh SOLVIT.
- (19) Cé go n-áirítear ar IMI comhéadan atá bunaithe ar an Idirlíon le haghaidh a chuid úsáideoirí, i gcásanna áirithe agus arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí réitigh theicniúla a bhreithniú i gcomhair sonraí a tharchur go díreach ó chórais náisiúnta chuig IMI, i gcás go mbeidh na córais náisiúnta sin forbartha cheana féin, go háirithe i gcomhair nósanna imeachta um fhógraí a thabhairt. Ba cheart go mbraithfeadh cur chun feidhme na réiteach teicniúil sin ar thoradh measúnaithe ar a indéanta atá siad, ar na costais a bhaineann leo agus ar na buntáistí a bhfuil coinne leo dá mbarr. Ba cheart nach gcuirfeadh na réitigh sin isteach ar struchtúir atá ann cheana ná ar ord náisiúnta na n-inniúlachtaí.
- (20) I gcás ina mbeidh an oibleagáid fógra a thabhairt faoi Airteagal 15(7) de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach ⁽²⁾ comhlíonta ag na Ballstáit tríd an nós imeachta a úsáid i gcomhréir le Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 ag leagan síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise ⁽³⁾, níor cheart go mbeadh ceangal orthu an fógra céanna a thabhairt trí IMI freisin.
- (21) Eascaíonn malartú faisnéise trí IMI ón oibleagáid dhlíthiúil atá ar údaráis na mBallstát cúnamh frithpháirteach a thabhairt. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is cuí, níor cheart an luach atá uirthi mar fhianaise in imeachtaí riaracháin a bhaint den fhaisnéis a fhaigheann údarás inniúil ó Bhallstát eile trí IMI ar an aon fhoras amháin gur de thionscnamh Ballstáit eile í nó go bhfuarthas ar mhodh leictreonach í, agus ba cheart don údarás inniúil sin caitheamh léi sa tslí chéanna is a chaitheann sé le doiciméid comhchosúla de thionscnamh a Ballstáit féin.
- (22) D'fhonn ardleibhéal cosanta sonraí a áirithiú, is gá uastréimhsí coinneála a bhunú i gcomhair sonraí pearsanta in IMI. Ba cheart cothromaíocht mhaith a bheith ag baint leis na tréimhsí sin, áfach, agus an gá atá ann go bhfeidhmeoidh IMI go cuí á chur san áireamh go cuí mar aon leis na cearta atá ag na hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú ina n-iomláine, trí fhianaise a fháil gur malartaíodh sonraí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh, mar shampla. Go háirithe, níor cheart do na tréimhsí coinneála sin a bheith níos faide ná an t-achar ama a bheidh riachtanach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.
- (23) Ba cheart go bhféadfaí ainm agus sonraí teagmhála úsáideoirí IMI a phróiseáil chun críocha a luíonn le cuspóirí an Rialacháin seo, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann comhordaitheoirí IMI agus an Coimisiún as IMI, tionscnaimh chumarsáide, oiliúna agus feasachta, agus faisnéis a bhailiú maidir le comhar riaracháin nó cúnamh frithpháirteach sa mhargadh inmheánach.
- (24) Ba cheart don Mhaoriseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus féachaint lena áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm é, lena n-áirítear na forálacha ábhartha maidir le slándáil sonraí *inter alia* trí theagmhálacha a choinneáil ar bun le húdaráis náisiúnta cosanta sonraí.
- (25) D'fhonn faireachán éifeachtach agus tuairisciú éifeachtach a áirithiú maidir le feidhmiú IMI agus maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit faisnéis ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún.
- (26) Ba cheart ábhair sonraí a chur ar an eolas i dtaobh phróiseáil a sonraí pearsanta in IMI agus i dtaobh ceart rochtana a bheith acu ar na sonraí a bhaineann leo, maille leis an gceart sonraí míchruinne a cheartú agus sonraí a próiseáladh go mídhleathach a scriosadh, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear Treoir 95/46/CE chun feidhme.
- (27) D'fhonn go bhféadfaidh údaráis inniúla na mBallstát forálacha dlí don chomhar riaracháin a chur chun feidhme agus faisnéis a mhalartú go héifeachtúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le socrúithe praiticiúla a leagan síos don mhalartú sin. Ba cheart don Choimisiún na socrúithe sin a ghlacadh i bhfoirm gnímh cur chun feidhme ar leith do gach gníomh de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn nó do gach cineál nós imeachta comhair riaracháin agus ba cheart go gcuimhdófaí leo an fheidhmiúlacht theicniúil fhíor-riachtanach agus na socrúithe fíor-riachtanacha maidir le nósanna imeachta a theastaíonn chun na nósanna

⁽¹⁾ IO L 331, 15.12.2001, lch. 79.

⁽²⁾ IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

⁽³⁾ IO L 204, 21.7.1998, lch. 37.

imeachta ábhartha um chomhar riaracháin a chur chun feidhme trí IMI. Ba cheart don Choimisiún cothabháil agus forbairt na mbogearraí agus an bhonneagair TF le haghaidh IMI a áirithiú.

- (28) D'fhonn a áirithiú go bhfuil dóthain trédhearcachta ann le haghaidh na n-ábhar sonraí, ba cheart na sreabha oibre réamhshainithe, na tacair réamhshainithe ceisteanna agus freagraí, na foirmeacha réamhshainithe agus na socruithe eile réamhshainithe a bhaineann le nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI a phoibliú.
- (29) I gcás ina ndéanfaidh Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 95/46/CE, aon teorainneacha nó aon eisceachtaí a chur i bhfeidhm ar chearta na n-ábhar sonraí, ba cheart faisnéis i dtaobh na dtéorainneacha nó na n-eisceachtaí sin a phoibliú chun trédhearcacht iomlán a áirithiú le haghaidh na n-ábhar sonraí. Ba cheart go mbeadh na heisceachtaí nó na teorainneacha sin riachtanach agus go mbeadh siad comhréireach leis an guspóir atá beartaithe agus faoi réir coimircí leordhóthanacha.
- (30) I gcás ina dtugtar comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha, lena gcuimhdítear freisin cur i bhfeidhm forálacha de chuid na gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart go bhféadfaí contrapháirtithe ghníomhaithe IMI i dtríú tíortha den sórt sin a áireamh sna nósanna imeachta um chomhar riaracháin lena dtacaíonn IMI, ar choinníoll gur suíodh go dtugann an tríú tír lena mbaineann cosaint leordhóthanach i ndáil le sonraí pearsanta i gcomhréir le Treoir 95/46/CE.
- (31) Ba cheart Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2007 maidir le cur chun feidhme Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) i dtaca le cosaint sonraí pearsanta⁽¹⁾ a aisghairm. Maidir le Cinneadh 2009/739/CE ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar amach na socruithe praiticiúla chun faisnéis a mhalartú ar mhodhanna leictreonacha idir na Ballstáit faoi Chaibidil VI de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach⁽²⁾, ba cheart go leanfadh sé d'fheidhm a bheith aige maidir le saincheisteanna a bhaineann le faisnéis a mhalartú faoi Threoir 2006/123/CE.
- (32) D'fhonn coinníollacha comhionann a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁽³⁾.
- (33) Ba cheart go ndéanfaí faireachán ar fheidhmíocht na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach an

Rialacháin seo sa tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú IMI, bunaithe ar shonraí staidrimh ó IMI agus ar aon sonraí ábhartha eile. Ba cheart go ndéanfaí meastóireacht ar fheidhmíocht na mBallstát, *inter alia*, bunaithe ar mheán-agaí freagartha d'fhonn freagraí gasta d'ardcháilíocht a áirithiú.

- (34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha i gcomhair úsáid IMI le haghaidh comhair riaracháin a leagan síos, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a iarmhairtí, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (35) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug an Maoirseoir tuairim an 22 Samhain 2011⁽⁴⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha i gcomhair úsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ("IMI") le haghaidh comhair riaracháin, lena n-áirítear próiseáil sonraí pearsanta, idir údaráis inniúla de chuid na mBallstát agus idir údaráis inniúla de chuid na mBallstát agus an Coimisiún.

Airteagal 2

Bunú IMI

Bunaítear IMI go foirmiúil leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Raon feidhme

1. Úsáidfear IMI le haghaidh comhair riaracháin idir údaráis inniúla de chuid na mBallstát agus idir údaráis inniúla de chuid na mBallstát agus an Coimisiún, ar comhar é a bhfuil gá leis chun gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme i réimse an mhargaidh inmheánaigh, de réir bhrí Airteagal 26(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach (CFAE), lena ndéantar foráil maidir le comhar riaracháin, lena n-áirítear malartú sonraí pearsanta, idir Ballstáit nó idir Ballstáit agus an Coimisiún. Liostaítear na gníomhartha Aontais sin san Iarscríbhinn.

2. Ní bheidh d'éifeacht le haon ní sa Rialachán go ndéanfar éigeantach forálacha gníomhartha Aontais nach bhfuil aon bhrí cheangailteach leo.

⁽¹⁾ IO L 13, 16.1.2008, lch. 18.

⁽²⁾ IO L 263, 7.10.2009, lch. 32.

⁽³⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

⁽⁴⁾ IO C 48, 18.2.2012, lch. 2.

*Airteagal 4***IMI a leathnú**

1. Féadfaidh an Coimisiún treoirthionscadail a dhéanamh chun a mheasúnú an uirlis éifeachtach é IMI chun forálacha le haghaidh comhair riaracháin de chuid ghníomhartha de chuid an Aontais nach liostaítear san Iarscríbhinn a chur chun feidhme. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun a chinneadh cé na forálacha de ghníomhartha an Aontais a chuirfear faoi réir treoirthionscadail agus chun módúlachtaí gach tionscadal a leagan amach go háirithe an bhunfheidhmiúlacht theicniúil agus na socruithe nós imeachta is gá chun na forálacha ábhartha comhair riaracháin a chur chun feidhme. Is i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(3) a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún meastóireacht faoi thoradh an treoirthionscadail, lena n-áirítear saincheisteanna maidir le cosaint sonraí agus feidhmiúlachtaí i gcomhair aistriúcháin éifeachtaigh, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an meastóireacht sin chun úsáid IMI a leathnú d'fhorálacha ábhartha ghníomhartha de chuid an Aontais.

*Airteagal 5***Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE agus i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

Ina dteannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas freisin:

- (a) ciallaíonn "IMI" an uirlis leictreonach arna soláthar ag an gCoimisiún chun comhar riaracháin idir údarais inniúla na mBallstát agus idir údarais inniúla na mBallstát agus an Coimisiún a éascú;
- (b) ciallaíonn "comhar riaracháin" údarais inniúla na mBallstát nó údarais inniúla na mBallstát agus an Coimisiún a bheith ag obair i gcomhar le chéile, trí fhaisnéis a mhalartú agus a phróiseáil, lena n-áirítear trí bhíthin fógraí agus foláirimh, nó trí chúnamh frithpháirteach a thabhairt, lena n-áirítear cúnamh chun fadhbanna a réiteach, chun dlí an Aontais a chur i bhfeidhm níos fearr;
- (c) ciallaíonn "réimse de chuid an mhargaidh inmheánaigh" réimse reachtach nó feidhme de chuid an mhargaidh inmheánaigh de réir bhrí Airteagal 26(2) CFAE, ina n-úsáidtear IMI i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo;
- (d) ciallaíonn "nós imeachta um chomhar riaracháin" sreabh oibre réamhshainithe dá bhforáiltear in IMI lena gceadaítear do ghníomhaithe IMI cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh le chéile ar mhodh struchtúrtha;
- (e) ciallaíonn "comhordaitheoir IMI" comhlacht arna cheapadh ag Ballstát chun cúraimí tacaíochta a dhéanamh a bhfuil gá leo ionas go bhfeidhmeoidh IMI go héifeachtúil i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (f) ciallaíonn "údarás inniúil" aon chomhlacht atá bunaithe ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil agus atá cláraithe in IMI, is comhlacht a bhfuil freagrachtaí sonracha aige a bhaineann le dlí náisiúnta nó ghníomhartha de chuid an

Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a chur i bhfeidhm i réimse amháin nó níos mó den mhargadh inmheánach;

- (g) ciallaíonn "gníomhaithe IMI" na húdarais inniúla, comhordaitheoirí IMI agus an Coimisiún;
- (h) ciallaíonn "úsáideoir IMI" duine nádúrtha atá ag obair faoi údarás ghníomhaí IMI agus atá cláraithe in IMI thar ceann an ghníomhaí IMI sin;
- (i) ciallaíonn "gníomhaithe seachtracha" daoine nádúrtha nó dlítheanacha cé is moite d'úsáideoirí IMI, is daoine nach bhféadfaidh idirghníomhú le IMI ach amháin trí mhodhanna teicniúla ar leith agus i gcomhréir le sreabh oibre réamhshainithe arna sholáthar chun na críche sin;
- (j) ciallaíonn "blocáil" modh teicniúil a chur i bhfeidhm lena n-áirítear nach mbeidh rochtain ag úsáideoirí IMI ar shonraí pearsanta trí ghnáth-chomhéadan IMI;
- (k) ciallaíonn "dúnadh foirmiúil" an tsaoráid theicniúil a chuirtear ar fáil ag IMI a chur i bhfeidhm chun nós imeachta um chomhar riaracháin a dhúnadh.

CAIBIDIL II

FEIDHMEANNA AGUS FREAGRACHTAÍ I nDÁIL LE IMI*Airteagal 6***Comhordaitheoirí IMI**

1. Ceapfaidh gach Ballstát comhordaitheoir náisiúnta IMI amháin a mbeidh freagrachtaí, lena n-áirítear iad seo a leanas, air:

- (a) comhordaitheoirí IMI agus údarais inniúla a chlárú nó a gclárúcháin a bhailíochtú;
 - (b) gníomhú mar an príomhphointe teagmhála le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le IMI do ghníomhaithe IMI de chuid na mBallstát lena n-áirítear faisnéis a sholáthar faoi ghnéithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo;
 - (c) gníomhú mar an teagmhálaí leis an gCoimisiún i gcás saincheisteanna a bhaineann le IMI, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar faoi ghnéithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo;
 - (d) eolas, oiliúint agus tacaíocht, lena n-áirítear cúnamh teicniúil bunúsach, a sholáthar do ghníomhaithe IMI de chuid na mBallstát;
 - (e) feidhmiú éifeachtúil IMI a áirithiú, a mhéid a bheidh sé faoina rialú acu, lena n-áirítear soláthar freagairtí tráthúla agus leordhóthanacha ag gníomhaithe IMI de chuid na mBallstát ar iarrataí ar chomhar riaracháin.
2. Féadfaidh gach Ballstát, ina theannta sin, comhordaitheoir IMI amháin nó níos mó a cheapadh chun ceann amháin nó níos mó de na cúraimí a liostaítear i mír 1 a dhéanamh, i gcomhréir lena struchtúr inmheánach riaracháin.
3. Cuirfidh na Ballstáit na comhordaitheoirí IMI arna gceapadh i gcomhréir le mír 1 agus mír 2 in iúl don Choimisiún, maille leis na cúraimí a bheidh orthu. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chomhroinnt leis na Ballstáit eile.
4. Féadfaidh gach comhordaitheoir IMI feidhmiú mar údarás inniúil. I ngach cás den sórt sin, beidh na cearta rochtana céanna ag comhordaitheoir IMI mar atá ag údarás inniúil. Beidh gach comhordaitheoir IMI ina rialtóir ar a ghníomhaíochtaí próiseála sonraí féin, ina cháil mar ghníomhaí IMI.

Airteagal 7 Údaráis inniúla

1. Le linn dóibh bheith i mbun comhair trí IMI, déanfaidh na húdaráis inniúla, ag gníomhú dóibh trí úsáideoirí IMI i gcomhréir le nósanna imeachta um chomhar riaracháin, a áirithiú go ndéanfaidh úsáideoirí IMI, i gcomhréir leis an ngníomh Aontais is infheidhme, freagairt shásúil a sholáthar laistigh den tréimhse is giorra is féidir agus in aon chás faoin spriocdháta arna leagan síos leis an ngníomh sin.
2. Féadfaidh údarás inniúil aon fhaisnéis, aon doiciméad, aon toradh, aon ráiteas nó aon fhíorchóip dheimhnithe a fuair sé go leictreonach trí IMI a úsáid mar fhianaise ar an mbonn céanna le faisnéis chomhchosúil a fuarthas ina thír féin, chun críocha atá ag luí leis na críocha ar chucu a bailíodh na sonraí an chéad uair riamh.
3. Beidh gach údarás inniúil ina rialtóir i ndáil lena ghníomhaíochtaí próiseála sonraí féin, is gníomhaíochtaí a fheidhmeoidh úsáideoir IMI atá faoina údarás, agus áiritheoidh sé gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú i gcomhréir le Caibidil III agus Caibidil IV, i gcás inar gá, i gcomhar leis an gCoimisiún.

Airteagal 8 An Coimisiún

1. Beidh an Coimisiún freagrach as na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích:
 - (a) slándáil, infhaighteacht, cothabháil agus forbairt na mbogearraí agus an bhonneagair TF le haghaidh IMI a áirithiú;
 - (b) córas ilteangach, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí aistriúcháin atá ann cheana, oiliúint i gcomhar leis na Ballstáit agus deasc chabhreach chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit IMI a úsáid a sholáthar;
 - (c) comhordaitheoirí náisiúnta IMI a chlárú agus rochtain ar IMI a thabhairt dóibh;
 - (d) oibríochtaí próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta in IMI, i gcás ina bhfuil foráil déanta dóibh sa Rialachán seo i gcomhréir leis na críocha a chinntear leis na gníomhartha is infheidhme de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn;
 - (e) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Mhaoriseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 25.
2. D'fhonn na cúraimí, ar cúraimí iad a liostaítear i mír 1, a fheidhmiú agus chun tuarascálacha staidrimh a sholáthar, beidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis is gá, ar faisnéis í a bhaineann leis na hoibríochtaí próiseála arna ndéanamh in IMI.
3. Ní bheidh an Coimisiún rannpháirteach i nósanna imeachta um chomhar riaracháin ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, mura gceanglaítear amhlaidh le foráil de ghníomh de chuid an Aontais atá liostaithe san Iarscríbhinn.

Airteagal 9 Cearta rochtana gníomhaithe agus úsáideoirí IMI

1. Is ag úsáideoirí IMI, agus acu sin amháin, a bheidh rochtain ar IMI.
2. Ainmneoidh na Ballstáit comhordaitheoirí IMI agus na húdaráis inniúla agus na réimsí den mhargadh inmheánach ina bhfuil inniúlacht acu. Féadfaidh an Coimisiún ról comhairleach a ghlacadh sa phróiseas sin.

3. Déanfaidh gach gníomhaí IMI na cearta rochtana iomchuí a dheonú agus a chúlghairm, de réir mar is gá, d'úsáideoirí IMI sa réimse den mhargadh inmheánach ina bhfuil inniúlacht aige.

4. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit modhanna iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go ligtear d'úsáideoirí IMI rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI ar bhonn riachtanais amháin, agus laistigh den réimse nó de na réimsí den mhargadh inmheánach inar deonaíodh cearta rochtana dóibh i gcomhréir le mír 3, agus laistigh den réimse sin nó de na réimsí sin amháin.

5. Cuirfear cosc ar sonraí pearsanta a ndéantar próiseáil orthu in IMI a úsáid ar mhaithe le cuspóir sonrach agus ar bhealach nach bhfuil ag luí leis an gcuspóir bunaidh sin, ach amháin má dhéantar foráil shainráite maidir leis sin sa dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

6. I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta mar chuid de nós imeachta um chomhar riaracháin, ní bheidh rochtain ach ag gníomhaithe IMI atá rannpháirteach sa nós imeachta sin ar na sonraí pearsanta sin, agus ag na gníomhaithe sin amháin.

Airteagal 10 Rúndacht

1. Cuirfidh gach Ballstát a rialacha maidir le rúndacht ghairmiúil nó maidir le dualgais choibhéiseacha rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena chuid gníomhaithe IMI agus lena chuid úsáideoirí IMI, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta nó le reachtaíocht an Aontais.

2. Áiritheoidh gníomhaithe IMI go n-urramóidh úsáideoirí IMI atá ag obair faoina n-údarás iarrataí ó ghníomhaithe eile IMI go ndéileálfar leis an bhfaisnéis a aistrítear trí IMI ar bhealach rúnda.

Airteagal 11 Nósanna imeachta um chomhar riaracháin

Beidh IMI bunaithe ar nósanna imeachta um chomhar riaracháin lena ndéantar forálacha ghníomhartha ábhartha de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a chur chun feidhme. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh gnímh shonraigh de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn nó le haghaidh cineál nós imeachta um chomhar riaracháin, lena leagtar amach an fheidhmiúlacht theicniúil fhíor-riachtanach agus na socruithe nós imeachta is gá ionas go bhféadfaí na forálacha ábhartha maidir le comhar riaracháin oibriú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhmithe, an idirghníomhaíocht idir gníomhaithe seachtracha agus IMI mar a thagraítear di in Airteagal 12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 24(2).

Airteagal 12 Gníomhaithe seachtracha

Féadfar meáin theicniúla a chur ar fáil ionas gur féidir le gníomhaithe seachtracha idirghníomhú le IMI i gcás inarb amhlaidh, maidir leis an idirghníomhaíocht sin:

- (a) go bhforáiltear di le gníomh de chuid an Aontais;
- (b) go bhforáiltear di le gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11 chun comhar riaracháin a éascú idir údaráis inniúla de chuid na mBallstát d'fhonn forálacha ghníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a chur i bhfeidhm; nó

- (c) go bhfuil sí riachtanach chun iarrataí a chur isteach d'fhonn a gcearta mar ábhair sonraí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 19.

Beidh aon mheáin theicniúla den sórt sin leithleach ó IMI agus ní chuirfidh siad ar chumas gníomhaithe seachtracha rochtain a fháil ar IMI.

CAIBIDIL III

PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA AGUS SLÁNDÁIL

Airteagal 13

Cuspóir a theorannú

Ní dhéanfaidh gníomhaithe IMI sonraí pearsanta a aistriú ná a phróiseáil ach chun na gcríoch atá sainmhínithe i bhforálacha ábhartha ghníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn.

Ní bhainfear úsáid as sonraí a dhéanfaidh ábhair sonraí a chur faoi bhráid IMI ach chun na gcríocha ar chucu a tíolacadh na sonraí.

Airteagal 14

Sonraí pearsanta a choinneáil

1. Déanfar na sonraí pearsanta a phróiseáiltear in IMI a bhlocáil sa chóras a luaite nach mbeidh gá a thuilleadh leo chun na críche ar chuige a bailíodh iad, ag brath ar shainiúlachtaí gach cineál comhair riaracháin, agus, mar riail ghinearálta, tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an nós imeachta maidir le comhar riaracháin a dhúnadh go foirmiúil.

Má fhoráiltear do thréimhse níos faide le gníomh is infheidhme de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn, áfach, féadfar sonraí pearsanta a phróiseáiltear in IMI a choinneáil go ceann uastréimhse 18 mí tar éis an nós imeachta maidir le comhar riaracháin a dhúnadh go foirmiúil.

2. I gcás ina n-éilítear stór faisnéise de bhun ghníomh ceangailteach de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn, ar stór é a mbeidh gníomhaithe IMI in ann tarraingt air amach anseo, féadfar próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta atá sa stór sin a fhad is gá iad chun na críche sin, le toiliú an ábhair sonraí nó, nuair a dhéantar foráil dó sin leis an ngníomh sin de chuid an Aontais.

3. Ní dhéanfar sonraí pearsanta arna mblocáil de bhun an Airteagail seo, gan stóráil na sonraí sin a áireamh, a phróiseáil ach chun críocha cruthúnais i dtaobh malartú faisnéise trí IMI le toiliú an ábhair sonraí, mura n-iarrtar go ndéanfar próiseáil ar chúiseanna sáraitheacha ar mhaithe leis an bpobal.

4. Déanfar na sonraí blocáilte a scriosadh go huathoibríoch in IMI, trí bliana tar éis an nós imeachta um chomhar riaracháin a dhúnadh go foirmiúil.

5. Arna iarraidh sin go sainráite d'údarás inniúil i gcás sonrach agus le toiliú an ábhair sonraí, féadfar sonraí pearsanta a scriosadh sula rachaidh an tréimhse coinneála is infheidhme in éag.

6. Déanfaidh an Coimisiún a áirithiú, trí mheáin theicniúla, go mblocálfar agus go scriosfar sonraí pearsanta agus go n-aisghabhfar iad i gcomhréir le mír 3.

7. Cuirfear meáin theicniúla i bhfeidhm ionas go spreagar gníomhaithe IMI chun nósanna imeachta um chomhar riaracháin a dhúnadh go foirmiúil a luaite is féidir tar éis an mhalartaithe faisnéise agus chun a chumasú do ghníomhaithe IMI comhordaitheoirí IMI atá freagrach a tharraingt isteach in aon nós imeachta, ar nós imeachta é nach raibh gníomhach ar feadh níos mó ná dhá mhí agus gan bonn cirt a bheith leis sin.

Airteagal 15

Sonraí pearsanta úsáideoirí IMI a choinneáil

1. De mhaolú ar Airteagal 14, beidh feidhm ag mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo maidir le sonraí pearsanta úsáideoirí IMI a choinneáil. Áireofar sna sonraí pearsanta sin ainm iomlán an úsáideora agus gach meán teagmhála, leictreonach agus eile, is gá chun críocha an Rialacháin seo.

2. Déanfar sonraí pearsanta a bhaineann le húsáideoirí IMI a stóráil in IMI chomh fada agus a leanann siad de bheith ina n-úsáideoirí IMI, agus féadfar na sonraí a phróiseáil chun críocha atá ag luí le cuspóirí an Rialacháin seo.

3. Nuair a scoireann duine nádúrtha de bheith ina úsáideoir IMI, déanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine sin a bhlocáil trí mheáin theicniúla ar feadh tréimhse trí bliana. Ní phróiseálfar na sonraí sin, gan stóráil na sonraí a áireamh, ach chun críocha cruthúnais i dtaobh malartú faisnéise trí IMI, agus scriosfar iad ag deireadh na tréimhse trí bliana.

Airteagal 16

Próiseáil ar chatagóirí speisialta sonraí

1. Ní cheadófar próiseáil le IMI ar chatagóirí speisialta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Threoir 95/46/CE agus in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ach amháin ar bhonn forais shonraigh atá luaite in Airteagal 8(2) agus (4) den Treoir sin agus in Airteagal 10(2) den Rialachán sin agus faoi réir coimircí iomchuí dá bhforáiltear sna hAirteagail sin chun cearta daoine aonair a ndéantar próiseáil ar a sonraí pearsanta a áirithiú.

2. Féadfar IMI a úsáid chun sonraí a bhaineann le cionta, le ciontuithé coiriúla nó le bearta slándála dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Threoir 95/46/CE agus in Airteagal 10(5) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a phróiseáil, faoi réir coimircí dá bhforáiltear sna hAirteagail sin, lena n-áirítear faisnéis maidir le smachtbhannaí araíonachta, riaracháin nó coiriúla nó faisnéis eile is gá le dea-cháil duine aonair nó duine dhlítheanaigh a shuíomh, i gcás ina ndéantar foráil maidir le próiseáil na sonraí sin i ngníomh de chuid an Aontais arb é an bonn atá faoin bpróiseáil, nó le toiliú sainráite an ábhair sonraí, faoi réir coimircí sonracha iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Threoir 95/46/CE.

Airteagal 17

Slándáil

1. Áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfaidh IMI na rialacha maidir le slándáil sonraí arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na bearta is gá chun slándáil na sonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI a áirithiú, lena n-áirítear rialú iomchuí ar rochtain ar shonraí agus plean slándála a choinneofar cothrom le dáta.

3. Déanfaidh an Coimisiún a áirithiú, i gcás teagmhais slándála, gur féidir cé na sonraí pearsanta sin a próiseáladh in IMI a fhíorú, maille le cathain a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil agus cad chuige a ndearnadh an phróiseáil sin.

4. Déanfaidh gníomhaithe IMI gach beart nós imeachta agus gach beart eagrúcháin is gá chun slándáil sonraí pearsanta arna bpróiseáil acu in IMI a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 95/46/CE.

CAIBIDIL IV

CEARTA NA NÁBHAR SONRAÍ AGUS MAOIRSEACHT

Airteagal 18

Faisnéis le haghaidh na n-ábhar sonraí agus trédhearcacht

1. Áiritheoidh gníomhaithe IMI go gcuirfear ábhair sonraí ar an eolas faoin bpróiseáil a dhéantar ar a sonraí pearsanta in IMI a luaithe is féidir agus go mbeidh rochtain acu ar fhaisnéis maidir lena gcearta agus cén chaoi na cearta sin a fheidhmiú, lena n-áirítear céannacht agus sonraí teagmhála an rialtóra agus ionadaí an rialtóra, más ann dó, i gcomhréir le hAirteagal 10 nó le hAirteagal 11 de Threoir 95/46/CE agus leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gcomhréir leis an Treoir sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a chur ar fáil go poiblí ar bhealach ar féidir teacht go héasca air:

- faisnéis a bhaineann le IMI i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, is faisnéis a leagfar amach ar bhealach soiléir agus intuigthe;
- faisnéis faoi ghnéithe cosanta sonraí na nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo;
- faisnéis faoi eisceachtaí ó chearta, nó faoi teorainneacha le cearta, na n-ábhar sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán seo;
- cinéilacha nósanna imeachta um chomhar riaracháin, feidhmiúlachtaí IMI atá fíor-riachtanach agus catagóirí sonraí a fhéadfá a phróiseáil in IMI;
- liosta cuimsitheach de gach gníomh cur chun feidhme nó gach gníomh tarmilgthe i dtaca le IMI, arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo nó de bhun gníomh eile de chuid an Aontais, agus leagan comhdhlúite den larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus na leasuithe arna ndéanamh air dá éis sin le gníomhartha eile de chuid an Aontais.

Airteagal 19

Ceart ar rochtain, ar cheartú agus ar scríosadh

1. Áiritheoidh gníomhaithe IMI gur féidir le hábhair sonraí a gceart rochtana ar shonraí a bhaineann leo in IMI a fheidhmiú go héifeachtúil, mar aon leis an gceart sonraí atá míchruinn nó neamhiomlán a cheartú agus an ceart sonraí a phróiseáiltear go mídhleathach a scríosadh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Déanfaidh gníomhaí IMI lena mbaineann a mbeidh an fhreagracht sin air na sonraí a cheartú nó a scríosadh a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí 30 lá ón tráth a fhaigheann sé an t-iarratas ón ábhar sonraí.

2. I gcás ina ndéanann an t-ábhar sonraí cruinneas nó dleathacht na sonraí arna mblocáil de bhun Airteagal 14(1) a chonspóid, déanfar an méid sin a thaifeadadh mar aon leis an bhfaisnéis chruinn atá ceartaithe.

Airteagal 20

Eisceachtaí agus teorainneacha

I gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil maidir le heisceachtaí ó chearta, nó teorainneacha le cearta, na n-ábhar sonraí arna leagan amach sa Chaibidil seo sa reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 95/46/CE, cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.

Airteagal 21

Maoirseacht

1. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta maoirseachta nó na húdaráis náisiúnta maoirseachta arna ainmiú nó arna n-ainmniú i ngach Ballstát agus dá dtugtar na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir 95/46/CE ("an tÚdarás Náisiúnta Maoirseachta") faireachán go neamhspleách ar a dhleathaí atá sé go mbeadh sonraí pearsanta á bpróiseáil ag gníomhaithe IMI a mBallstáit, agus áiritheoidh sé nó siad, go háirithe, go ndéantar cearta na n-ábhar sonraí, is cearta atá leagtha amach sa Chaibidil seo, a chosaint i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faireachán ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta an Choimisiúin, ina cháil mar ghníomhaí IMI, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus féachfaidh sé lena áirithiú go ndéanfar amhlaidh. Beidh feidhm ag na dualgaí agus ag na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 46 agus in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 dá réir.

3. Áiritheoidh na húdaráis Náisiúnta Maoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus iad araon ag gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí féin, go ndéanfar maoirseacht chomhordaithe ar IMI agus ar an úsáid a bhaineann gníomhaithe IMI as.

4. Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a iarraidh ar na húdaráis Náisiúnta Maoirseachta teacht le chéile i gcás inar gá sin chun an mhaoirseacht chomhordaithe ar IMI agus ar an úsáid a bhaineann gníomhaithe IMI as, agus dá dtagraítear i mír 3, a áirithiú. Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a íocfaidh costas cruinnithe den sórt sin. Féadfar tuilleadh modhanna oibre, lena n-áirítear rialacha nós imeachta, a fhorbairt i gcomhpháirt chun na críche sin de réir mar is gá. Seolfar comhthuarascáil ar ghníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún gach trí bliana ar a laghad.

CAIBIDIL V

RAON FEIDHME GEOGRAFACH IMI

Airteagal 22

Úsáid náisiúnta IMI

1. Ní fhéadfaidh Ballstát IMI a úsáid chun críche comhair riaracháin idir údaráis inniúla laistigh dá chríoch féin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- nach n-éilítear athruithe substaintiúla ar na nósanna imeachta um chomhar riaracháin atá ann cheana;

(b) go bhfuil fógra faoin úsáid atá beartaithe a bhaint as IMI curtha faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Mhaoirseachta i gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta go ndéanfaí amhlaidh; agus

(c) nach bhfuil tionchar diúltach aige ar fheidhmiú éifeachtúil IMI d'úsáideoirí IMI.

2. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag Ballstát úsáid chórasach a bhaint as IMI chun críocha náisiúnta, cuirfidh sé a rún in iúl don Choimisiún agus iarrfaidh sé cead roimh ré air. Scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh. I gcás inar gá, agus i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfar comhaontú a thabhairt i gcrích idir an Ballstát agus an Coimisiún, is comhaontú ina leagfar amach, *inter alia*, na socruithe teicniúla, airgeadais agus eagrúcháin i gcomhair úsáide náisiúnta, lena n-áirítear freagrachtaí ghníomhaithe IMI.

Airteagal 23

Malartú faisnéise le tríú tíortha

1. Ní féidir faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú in IMI de bhun an Rialacháin seo idir gníomhaithe IMI laistigh den Aontas agus a gcuid contrapháirtithe i dtríú tír ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bpróiseáiltear an fhaisnéis de bhun forála gníomh de chuid an Aontais atá liostaithe san Iarscríbhinn agus de bhun forála coibhéisí i ndlí an tríú tír;

(b) go ndéantar an fhaisnéis a mhalartú nó a chur ar fáil i gcomhréir le comhaontú idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) an tríú tír do chur i bhfeidhm forála gníomh de chuid an Aontais atá liostaithe san Iarscríbhinn;

(ii) úsáid IMI; agus

(iii) prionsabail agus módúlachtaí an mhalartaithe sin; agus

(c) go n-áirithíonn an tríú tír i dtrácht cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Threoir 95/46/CE lena n-áirítear coimircí leordhóthanacha nach n-úsáidfear na sonraí arna bpróiseáil in IMI ach chun na críche ar chuige a malartaíodh iad ar an gcéad dul síos, agus go bhfuil cinneadh glactha ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE.

2. I gcás inar gníomhaí IMI é an Coimisiún, beidh feidhm ag Airteagal 9(1) agus (7) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le malartú aon sonraí pearsanta arna bpróiseáil in IMI lena chontrapháirtithe atá i dtríú tír.

3. Déanfaidh an Coimisiún liosta a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus a choinneáil cothrom le dáta, is liosta de na tríú tíortha atá údaraithe faisnéis, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhalartú, i gcomhréir le mír 1.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 24

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 25

Faireachán agus tuairisciú

1. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar fheidhmiú IMI a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar bhonn bliantúil.

2. Faoin 5 Nollaig 2017 agus gach cúig bliana dá éis sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar ghnéithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta in IMI, lena n-áirítear slándáil sonraí, a thabhairt don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

3. D'fhonn na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a sholáthar, cuirfidh na Ballstáit aon fhaisnéis is ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar fáil don Choimisiún, lena n-áirítear faisnéis ar an gcaoi a gcuirtear na ceanglais um chosaint sonraí atá leagtha síos sa Rialachán seo i bhfeidhm go praiticiúil.

Airteagal 26

Costais

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a bheidh na costais arna dtabhú i dtaobh fhorbairt, chur chun cinn, fheidhmiú agus chothabháil IMI, gan dochar do na socruithe atá ann faoi Airteagal 22(2).

2. Ach amháin má leagtar síos a mhalairt i ngníomh de chuid an Aontais, is ar gach Ballstát a bheidh na costais a bhaineann le hoibríochtaí IMI ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear na hacmhainní daonna atá de dhíth le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna, cur chun cinn agus cúnamh theicniúil (deasc chabhrach), mar aon leis na costais a bhaineann le IMI a riar ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 27

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE.

Airteagal 28

Cur i bhfeidhm éifeachtach

Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh a ngníomhaithe IMI an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.

Airteagal 29

Eisceachtaí

1. D'ainneoin Airteagal 4 den Rialachán seo, maidir le treoir-thionscadal IMI a seoladh an 16 Bealtaine 2011 chun oiriúnacht IMI a thástáil maidir le cur chun feidhme Airteagal 4 de Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibríthe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar⁽¹⁾ féadfaidh an treoirthionscadal sin leanúint ag oibriú ar bhonn na socruithe a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

⁽¹⁾ IO L 18, 21.1.1997, lch. 1.

2. D'ainneoin Airteagal 8(3) agus pointe (a) agus pointe (b) den chéad mhír d'Airteagal 12 den Rialachán seo, i ndáil le forálacha chomhair riaracháin Mholadh SOLVIT a chur chun feidhme trí IMI, féadfaidh rannpháirtíocht an Choimisiúin i nósanna imeachta um chomhar riaracháin agus an tsaoráid atá ann cheana do ghníomhaithe seachtracha leanúint ar aghaidh ar bhonn na socrúithe a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ocht mí dhéag a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 14(1) den Rialachán seo i gcás sonraí pearsanta a phróiseáiltear in IMI chun críocha Mholadh SOLVIT.

3. D'ainneoin Airteagal 4(1) den Rialachán seo, féadfaidh an Coimisiún treoirthionscadal a sheoladh le measúnú a dhéanamh ar IMI lena fháil amach an uirlis éifeachtúil é atá éifeachtach ó thaobh costais de agus atá furasta le húsáid chun Airteagal 3(4), (5) agus (6) de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir um thráchtáil leictreonach) ⁽¹⁾ a chur chun feidhme. Tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis an treoirthionscadal sin a

sheoladh, cuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Rialachán seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus cumhdófar léi freisin an idirghníomhaíocht idir comhar riaracháin laistigh den chóras comhair um chosaint tomhaltóirí arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhar idir údarais náisiúnta atá freagrach as dlíthe um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú ⁽²⁾ agus laistigh d'IMI.

4. D'ainneoin Airteagal 14(1) den Rialachán seo, maidir le haon tréimhsí suas go dtí uastréimhse 18 mí a chinntear ar bhonn Airteagal 36 de Threoir 2006/123/CE maidir le comhar riaracháin de bhun Chaibidil VI de, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu i ndáil leis an réimse sin.

Airteagal 30

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

⁽¹⁾ IO L 178, 17.7.2000, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 364, 9.12.2004, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

FORÁLACHA MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN I NGNÍOMHARTHA AONTAIS A CHUIRTEAR CHUN FEIDHME TRÍ IMI, DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3

1. Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach ⁽¹⁾: Caibidil VI, Airteagal 39(5), mar aon le hAirteagal 15(7) ach amháin má thugtar fógra, dá bhforáiltear san Airteagal deireanach sin, i gcomhréir le Treoir 98/34/CE.
2. Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint ⁽²⁾: Airteagal 8, Airteagal 50(1), (2) agus (3), agus Airteagal 56.
3. Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm ⁽³⁾: Airteagal 10(4).
4. Rialachán (AE) Uimh. 1214/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le hiompar trasteorann gairmiúil airgid thirim in euro de bhóthar idir Ballstáit sa limistéar euro ⁽⁴⁾: Airteagal 11(2).
5. Moladh ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2001 maidir le prionsabail chun leas a bhaint as “SOLVIT” — an Gréasán um Fhadhbanna sa Mhargadh Inmheánach a Réiteach ⁽⁵⁾: Caibidil I agus Caibidil II.

⁽¹⁾ IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

⁽²⁾ IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

⁽³⁾ IO L 88, 4.4.2011, lch. 45.

⁽⁴⁾ IO L 316, 29.11.2011, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 331, 15.12.2001, lch. 79.

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1025/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 25 Deireadh Fómhair 2012

maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é is cuspóir príomhuil don chaighdeánú sonraíochtaí deonacha teicniúla nó cáilíochta a shainiú, ar sonraíochtaí iad a fhéadfaidh táirgí, próisis táirgthe nó seirbhísí, atá ann anois nó a bheidh ann amach anseo, a chomhlíonadh. D'fhéadfadh roinnt nithe a bheith i gceist le caighdeánú, amhail caighdeánú ar ghráid nó ar thoisí éagsúla de tháirge ar leith nó caighdeánú ar shonraíochtaí teicniúla i margaí táirgí nó seirbhísí ina bhfuil comhoiriúnacht agus idir-inoibritheacht le táirgí nó córais eile fíor-riachtanach.
- (2) Is iad na geallsealbhóirí lena mbaineann a eagraíonn caighdeánú Eorpach, agus is dóibh a dhéantar an méid sin, bunaithe ar ionadaíocht náisiúnta (an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus an Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictreicniúil (Cenelec)) agus ar rannpháirteachas díreach (Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI)), agus tá sé bunaithe ar phrionsabail atá aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) i réimse an chaighdeánúcháin eadhon comhleánúnachas, trédhearcacht, oscailteacht, comhthoil, cur i bhfeidhm deonach, neamhspleáchas ó shainleasanna agus éifeachtúlacht ("na prionsabail bhunaidh"). I gcomhréir leis na prionsabail bhunaidh, tá sé tábhachtach go mbeadh na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear údarais phoiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), páirteach go hiomchuí sa

phróiseas náisiúnta agus Eorpach um chaighdeánú. Ba cheart freisin do chomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú rannpháirteachas na ngeallsealbhóirí a spreagadh agus a éascú.

- (3) Tá caighdeánú Eorpach ina chuidiú le hiomaíocht fiontar a mhéadú trí bhithin saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, idir-inoibritheacht gréasán, modhanna cumarsáide, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht go háirithe a éascú. Déanann caighdeánú Eorpach iomaíochas domhanda an tionscail Eorpach a threisiú, go háirithe nuair a dhéantar é ar bhonn comhordúcháin leis na comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú, eadhon Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), an Coimisiún Leictreicniúil Idirnáisiúnta (IEC) agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU). Bíonn éifeachtaí suntasacha dearfacha eacnamaíocha ag caighdeánú, mar shampla déantar dul i bhfód eacnamaíoch ar an margadh inmheánach a chur chun cinn agus spreagtar forbairt táirgí nó margaí nua agus feabhsaithe, mar aon le dálaí feabhsaithe soláthair. Is gnách, dá bhrí sin, go méadaíonn caighdeánú iomaíochas agus go laghdaíonn siad costais aschuir agus díolacháin, rud a théann chun tairbhe do na geilleagair ina n-iomláine agus do na tomhaltóirí go sonrach. Is féidir le caighdeánú feabhas a chur ar cháilíocht agus í a choimeád, faisnéis a sholáthar agus idir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht a áirithiú, agus ar an dóigh sin méadaíonn an tsábháilteacht agus an luach a fhaigheann tomhaltóirí.
- (4) Déanann eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, eadhon CEN, Cenelec agus ETSI, caighdeán Eorpacha a ghlacadh.
- (5) Tá ról an-tábhachtach ag caighdeánú Eorpacha sa mhargadh inmheánach, mar shampla trí úsáid a bhaint as caighdeánú chomhchuibhithe ina thiomhdiú go bhfuil táirgí atá le cur ar fáil ar an margadh ar comhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a bhaineann leis na táirgí sin i reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le comhchuibhiú. Ba cheart na ceanglais sin a shainiú go beacht chun aon mhíleiriú ó thaobh na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú de a sheachaint.
- (6) Tá ról atá ag éirí níos tábhachtaí ag an gcaighdeánú sa trádáil idirnáisiúnta agus in oscailt suas na margaí. Ba cheart don Aontas féachaint leis an gcomhar idir eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú a chur chun cinn. Ba cheart don Aontas freisin modhanna cur chuige déthaobhacha le tríú tíortha a chur chun cinn chun comhordú a dhéanamh ar dhíchill don chaighdeánú agus chun caighdeánú Eorpacha a chur chun cinn, mar

⁽¹⁾ IO C 376, 22.12.2011, lch. 69.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012.

shampla nuair a bhíonn comhaontuithe á gcaibidliú nó trí shaineolaithe um chaighdeánú a thabhairt ar iasacht do thríú tíortha. Thairis sin, ba cheart don Aontas teagmháil idir eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus fóraim agus cuibhreannais phríobháideacha a spreagadh, agus fós tosaíocht an chaighdeánúcháin Eorpaigh a choimeád ar bun.

- (7) Rialaítear caighdeánú Eorpach le creat sonrach dlí arb é atá ann trí cinn de ghníomhartha dlíthiúla éagsúla, eadhon Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise⁽¹⁾, Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le caighdeánú Eorpach a mhaoiniú⁽²⁾ agus Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 maidir le caighdeánú i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus nateileachumarsáide⁽³⁾. Mar sin féin, níl an creat reachtach reatha bord ar bhord leis na forbairtí atá déanta sa chaighdeánú Eorpach le scór éigin bliain anuas. Ba cheart, dá bhrí sin, an creat reachtach reatha a shimpliú agus a oiriúnú chun gnéithe nua den chaighdeánú a chur san áireamh sa chaoi is go léireoidh sé na forbairtí is deireanaí sin agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo don chaighdeánú Eorpach. Baineann sé sin go háirithe leis an méadú atá tagtha ar fhorbairt chaighdeánú le haghaidh seirbhísí agus forás táirgí caighdeánúcháin seachas caighdeánú fhoirmiúla.
- (8) Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Deireadh Fómhair 2010 maidir le todhchaí an chaighdeánaithe Eorpaigh⁽⁴⁾, i dteannta tuarascáil an Phainéil Saineolaigh i ndáil leis an Athbhreithniú ar an gCóras Eorpach um Chaighdeánú (Express) Fheabhra 2010 dar teideal “Caighdeánú ar mhaithe le hEoraip iomaíoch agus nuálach: fíis don bhliain 2020”, leagtar amach lear mór moltaí straitéiseacha i ndáil leis an athbhreithniú ar an gcóras Eorpach um chaighdeánú.
- (9) D’fhonn a áirithiú go mbeidh caighdeánú agus caighdeánú ina n-uirlisí beartais éifeachtacha ag an Aontas, tá gá le córas um chaighdeánú atá éifeachtach agus éifeachtúil, trína bhféadfaidh na rannpháirtithe go léir teacht ar chomhaontú ar bhealach solúbtha trédhearcach, agus atá innharthana ó thaobh airgeadais de.
- (10) Le Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach⁽⁵⁾ bunaítear forálacha ginearálta a éascaíonn feidhmiú na saoirse bunaíochta do sholáthróirí seirbhísí agus saorghluaiseacht seirbhísí, ag coinneáil ardchaighdeán seirbhísí ar bun san am céanna. Cuireann an Treoir sin oibleagáid ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, forbairt caighdeán Eorpach deonach a spreagadh agus é mar aidhm leis éascú a

dhéanamh ar chomhoiriúnacht idir seirbhísí arna soláthar ag soláthróirí i mBallstáit éagsúla, ar fhaisnéis a sholáthar don fhaighteoir agus ar cháilíocht soláthair seirbhísí. Maidir le Treoir 98/34/CE, tá feidhm ag caighdeánú maidir le táirgí, áfach, agus níl caighdeánú maidir le seirbhísí cumhdaithe go sainráite inti. Mar sin féin, i réaltacht an mhargaidh inmheánaigh, tá ag laghdú ar ábharthacht an dealaithe idir seirbhísí agus earraí. Go praiticiúil, ní i gcónaí is féidir dealú soiléir a dhéanamh idir caighdeánú maidir le táirgí agus caighdeánú le haghaidh seirbhísí. Is iomaí sin caighdeánú maidir le táirgí a bhfuil comhchuid seirbhíse ag gabháil leo agus is minic go mbaineann caighdeánú maidir le seirbhísí go páirteach le táirgí chomh maith. Is gá, dá bhrí sin, an creat dlíthiúil reatha a oiriúnú do na dálaí nua sin trí bhithin a raon feidhme a leathnú chuig caighdeánú le haghaidh seirbhísí.

- (11) Fearacht na gcaighdeán eile, tá caighdeánú maidir le seirbhísí deonach agus ba cheart iad a bheith faoi thionchar an mhargaidh lenar cheart tosaíocht a bheith ag riachtanais oibreoirí eacnamaíocha agus geallsealbhóirí a ndéanann an caighdeánú difear dóibh go díreach nó go hindíreach, agus ba cheart leas an phobail a chur san áireamh iontu agus iad a bheith bunaithe ar na prionsabail bhunaidh, lena n-áirítear comhthoilíú. Ba cheart iad a bheith dírithe go príomha ar sheirbhísí atá nasctha le táirgí agus próisis.
- (12) Maidir leis an gcreat dlíthiúil lena gceadaítear don Choimisiún a iarraidh ar eagraíocht Eorpach um chaighdeánú amháin nó roinnt díobh caighdeánú Eorpach nó táirge Eorpach caighdeánúcháin do sheirbhísí a dhreachtú, déantar é a fheidhmiú agus lán-urraim á tabhairt do dháileadh inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit faoi mar a leagtar síos sna Conarthaí é. Baineann sé seo go háirithe le hAirteagail 14, 151, 152, 153, 165, 166 agus 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Protocal (Uimh. 26) maidir le Seirbhísí Leasa Ghinearálta atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an CFAE ar dá réir gur ag na Ballstáit atá an inniúlacht eisiach prionsabail bhunaidh a gcóras slándála sóisialta, a gcóras gairmoiliúna agus a gcóras sláinte a shainiú agus na creatchoinníollacha do bhainistiú, maoiniú, eagrú agus seachadadh na seirbhísí a sholáthraítear laistigh de na córais sin a mhúnú, lena n-áirítear — gan dochar d’Airteagal 168(4) CFAE agus do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint⁽⁶⁾ — sainiú na gceanglas, na cáilíochta agus na gcaighdeánú sábháilteachta is infheidhme ina leith. Níor cheart don Choimisiún, trí bhithin iarrata den sórt sin, difear a dhéanamh don cheart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a fhorfheidhmiú agus don cheart gníomh tionscail a dhéanamh i gcomhréir le dlí agus cleachtais náisiúnta a urramaíonn dlí an Aontais.

- (13) Tá na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú faoi réir an dlí iomaíochta a mhéid is féidir a mheas gur gnóthas nó comhlachas gnóthas iad de réir bhrí Airteagal 101 agus Airteagal 102 CFAE.

⁽¹⁾ IO L 204, 21.7.1998, lch. 37.

⁽²⁾ IO L 315, 15.11.2006, lch. 9.

⁽³⁾ IO L 36, 7.2.1987, lch. 31.

⁽⁴⁾ IO C 70 E, 8.3.2012, lch. 56.

⁽⁵⁾ IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

⁽⁶⁾ IO L 255, 30.9.2005, lch. 22.

- (14) Laistigh den Aontas, is iad na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú a ghlacann caighdeáin náisiúnta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caighdeán a mbeadh easaontacht eatarthu agus le baic theicniúla sa mhargadh inmheánach. Is gá, dá bhrí sin, ar mhaithe leis an margadh inmheánach agus éifeachtacht an chaighdeánúcháin laistigh den Aontas, an malartú tráthrialta faisnéise a dhéantar idir na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus an Coimisiún maidir lena ngníomhaíochtaí caighdeánúcháin atá á déanamh faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo a dhearbhu, mar aon leis an bprionsabal neamhghníomhaíochta is infheidhme maidir leis na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú laistigh de chreat na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú lena bhforáiltear d'aistarraingt caighdeán náisiúnta tar éis caighdeán Eorpach nua a fhoilsiú. Ba cheart freisin do na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú déanamh de réir na bhforálacha maidir le malartú faisnéise atá in larscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Baic Theicniúla ar Thrádáil⁽¹⁾.
- (15) Maidir le hoibleagáid na mBallstát fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh a gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, níor cheart go gceanglófaí léi reachtaíocht shainiúil náisiúnta a ghlacadh chun na comhlachtaí sin a aithint.
- (16) Maidir leis an malartú tráthrialta faisnéise idir na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus an Coimisiún, níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú oibleagáidí agus gealltanais eile a chomhlíonadh, go háirithe comhlíonadh larscríbhinn 3 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Baic Theicniúla ar Thrádáil.
- (17) Maidir le hionadaíocht leasa shoचाीoch agus le geallsealbhóirí soचाीocha i ngníomhaíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, tagraíonn sé do ghníomhaíochtaí eagraíochtaí agus páirtithe a dhéanann ionadaíocht ar leasanna a bhfuil ábharthacht mhór shoचाीoch ag gabháil leo, mar shampla leasanna comhshaoil, leasanna tomhaltóra nó leasanna fostaithe. Maidir le hionadaíocht leasanna sóisialta agus geallsealbhóirí sóisialta i ngníomhaíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, áfach, tagraíonn sé go háirithe do ghníomhaíochtaí eagraíochtaí agus páirtithe a dhéanann ionadaíocht ar chearta bunúsacha na n-oibrithe, mar shampla ceardchumainn.
- (18) D'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta, ba cheart do chomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú faisnéis inrochtana ar a gcuid gníomhaíochtaí a éascú tríd an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) ina gcórais um chaighdeánú faoi seach a chur chun cinn, mar shampla trí shásra comhairliúcháin ar líne atá éasca le húsáid a sholáthar do na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun go bhféadfaidís trácht a dhéanamh ar dhréacht-caighdeán agus trí chruinnithe fíorúla de na coistí teicniúla a eagrú, lena n-áirítear trí bhithin ríomhchomhdháilú nó físchomhdháilú.
- (19) Is féidir le caighdeán a bheith ina gcuidiú do bheartas an Aontais aghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin shoचाीocha amhail an t-athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe acmhainní, an nuálaíocht, aosú an daonra, imeascadh daoine faoi mhíchumas, cosaint tomhaltóirí, sábháilteacht oibrithe agus a ndálaí oibre. D'fhéadfadh an tAontas buntáiste iomaíochta a chruthú dá chuid fiontar agus trádáil a éascú, go háirithe do FBManna, ar cuid mhór d'fhiontair na hEorpa iad, ach forbairt caighdeán Eorpach nó idirnáisiúnta maidir le hearraí agus teicneolaíochtaí a chur chun cinn sna margat atá ag fairsingiú sna réimsí sin.
- (20) Is uirlisí tábhachtacha iad caighdeán d'iomaíochas gnóthas agus go háirithe do FBManna, a bhfuil a rannpháirteachas sa phróiseas um chaighdeánú tábhachtach don dul chun cinn teicniúil san Aontas. Is gá, dá bhrí sin, go ndéanfaidh an creat um chaighdeánú FBManna a spreagadh le bheith páirteach go gníomhach agus a gcuid réiteach teicneolaíochta nuálaí a sholáthar do na dícheall um chaighdeánú. Áirítear leis sin feabhas a chur ar a rannpháirteachas ar an leibhéal náisiúnta mar ar féidir leo a bheith níos éifeachtaí a bhuí do chostais níos ísle agus don easpa bacainní teanga. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfaí, leis an Rialachán seo, ionadaíocht agus rannpháirteachas FBManna sna coistí teicniúla, idir náisiúnta agus Eorpach a fheabhsú, agus ba cheart go ndéanfaidh sé an rochtain agus an fheasacht atá acu i ndáiríre ar chaighdeán a éascú.
- (21) Tá caighdeán Eorpach ríthábhachtach ó thaobh a iomaíche atá FBManna, ach is amhlaidh i gcásanna áirithe atá FBManna tearcionadaithe i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe na hEorpa. Ba cheart, dá bhrí sin, go spreagadh agus go n-éascódh an Rialachán seo ionadaíocht agus rannpháirteachas iomchuí ag FBManna sa phróiseas Eorpach um chaighdeánú trí bhithin eintitis a bhíonn i dteagmháil go héifeachtach le FBManna agus le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar FBManna ar an leibhéal náisiúnta, agus atá ionadaíoch go cuí orthu.
- (22) Is féidir tionchar mór a bheith ag caighdeán ar an tsochaí, go háirithe ar shábháilteacht agus ar fholláine tomhaltóirí, ar éifeachtúlacht gréasán, ar an gcomhshaoil, ar shábháilteacht oibrithe agus ar a ndálaí oibre, ar inrochtaineacht agus ar réimsí beartais phoiblí eile. Is gá a áirithiú, dá bhrí sin, go neartófar ról agus ionchur geallsealbhóirí soचाीocha i bhforbairt caighdeán, tríd an tacaíocht ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna tomhaltóirí, leasanna comhshaoil agus leasanna soचाीocha a threisiú.
- (23) Maidir le hoibleagáid na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú ionadaíocht agus rannpháirteachas éifeachtach na ngeallsealbhóirí ábhartha go léir a spreagadh agus a éascú, ní ghabhann cearta vótála le haghaidh na ngeallsealbhóirí sin leis an méid sin, mura rud é go bhfuil na cearta vótála sin forordaithe le rialacha inmheánacha nós imeachta na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

⁽¹⁾ Arna formheas ag Cinneadh 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994, i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha (1986-1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

- (24) Ba cheart don chóras Eorpach um chaighdeánú lán-aird a thabhairt freisin ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas⁽¹⁾. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, maidir le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna tomhaltóirí, go ndéanfadh siad ionadaíocht leordhóthanach ar dhaoine faoi mhíchumas agus go gcuirfeadh siad a gcuid leasanna san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfaí rannpháirtíocht na ndaoine faoi mhíchumas sa phróiseas um chaighdeánú a éascú ar gach modh atá ar fáil.
- (25) Mar gheall ar thábhacht an chaighdeánaithe mar uirlis chun tacú le reachtaíocht agus beartais an Aontais, agus chun agóidí *ex-post* in aghaidh na gcaighdeán comhchuibhithe mar aon le modhnuithe ar na caighdeáin sin a sheachaint, tá sé tábhachtach go mbeadh na húdaráis phoiblí rannpháirteach sa chaighdeánú ag gach céim i bhfhorbairt na gcaighdeán sin a bhféadfadh siad a bheith páirteach iontu agus go háirithe sna réimsí a chuimsítear le reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú le haghaidh táirgí.
- (26) Ba cheart an tionchar a imreoidh táirgí agus seirbhísí ar an gcomhshaol le linn a saolré a chur san áireamh i gcaighdeáin. Tá uirlisí tábhachtacha forbartha ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (ACT), a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair den sórt sin. Ba cheart, dá réir sin, go n-áiríteodh an Rialachán seo gur féidir le ACT ról gníomhach a bheith aige sa chóras Eorpach um chaighdeánú.
- (27) Tá inmhharthanacht an chomhair idir an Coimisiún agus an córas Eorpach um chaighdeánú ag brath ar iarrataí ar fhorbairt caighdeán a dhéanfar amach anseo a bheith pleanáilte go cáiríseach. D'fhéadfaí feabhas a chur ar an bpleanáil sin, go háirithe trí ionchur a bheith ag páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis náisiúnta um fhaireachas an mhargaidh, trí shásraí a thabhairt isteach chun tuairimí a bhailiú agus chun malartú faisnéise i measc na bpáirtithe leasmhara go léir a éascú. Ós rud é go bhforáiltear cheana le Treoir 98/34/CE don fhéidearthacht a iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a fhorbairt, is iomchuí pleanáil níos fearr agus níos trédhearcaí a leagan síos i gclár oibre bliantúil inar cheart forléargas a bheith ann ar gach iarraidh ar chaighdeáin a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún iad a chur faoi bhráid na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. Is gá leibhéal ard comhair idir na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo agus an Coimisiún a áirithiú le linn dá chlár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú a bheith á bhunú agus le linn do na hiarrataí ar chaighdeáin a bheith á n-ullmhú chun anailís a dhéanamh ar a ábhartha don mhargadh atá an t-ábhar beartaithe agus ar na cuspóirí beartais arna leagan síos ag an reachtóir, chomh maith leis an deis a thabhairt do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú freagairt níos tapa do ghníomhaíochtaí caighdeánúcháin a iarraidh.
- (28) Sula ndéantar ceist maidir le hiarrataí ar chaighdeáin Eorpacha nó ar tháirgí Eorpacha caighdeánúcháin, nó maidir le hagóidí in aghaidh caighdeáin chomhchuibhithe a thabhairt os comhair an choiste a chuirtear ar bun leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát, mar shampla trí na coistí arna gcur ar bun le reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais a thabhairt i dtreis nó, sa chás nach ann do na coistí sin, trí chineálacha eile comhairliúcháin le saineolaithe na hearnála.
- (29) Tá sé sonraithe i roinnt treoracha lena gcomhchuibhítear na coinníollacha faoina margaítear táirgí go bhféadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha a ghlacadh, ar ar a mbonn a dhéantar an toimhde go bhfuil comhréireacht ann leis na ceanglais fhíorriachtanacha. Mar sin féin, i roinnt mhaith de na treoracha sin tá réimse leathan forálacha maidir le hagóidí a dhéanamh i gcoinne na gcaighdeán sin nuair nach gcumhdaíonn na caighdeáin na ceanglais uile is infheidhme nó nuair nach gcumhdaíonn siad ina n-iomláine iad. Tá forálacha éagsúla as a leanann neamhchinnteacht d'oibreoirí eacnamaíocha agus d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú ann go háirithe i dTreoir 89/686/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le trealamh cosanta pearsanta⁽²⁾, i dTreoir 93/15/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le comhchuibhiú na bhforálacha i ndáil le pléascáin le haghaidh úsáidí sibhialta a chur ar an margadh agus a mhaoirsiú⁽³⁾, i dTreoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach⁽⁴⁾, i dTreoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa⁽⁵⁾, i dTreoir 95/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 1995 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hardaitheoirí⁽⁶⁾, i dTreoir 97/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Bealtaine 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát maidir le brú-threalamh⁽⁷⁾, i dTreoir 2004/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le huirlisí tomhais⁽⁸⁾, i dTreoir 2007/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir le hearraí piriteicniúla a chur ar an margadh⁽⁹⁾, i dTreoir 2009/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

⁽²⁾ IO L 399, 30.12.1989, lch. 18.

⁽³⁾ IO L 121, 15.5.1993, lch. 20.

⁽⁴⁾ IO L 100, 19.4.1994, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 164, 30.6.1994, lch. 15.

⁽⁶⁾ IO L 213, 7.9.1995, lch. 1.

⁽⁷⁾ IO L 181, 9.7.1997, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 135, 30.4.2004, lch. 1.

⁽⁹⁾ IO L 154, 14.6.2007, lch. 1.

⁽¹⁾ Arna formheas ag Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).

gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le huirliis neamh-uathoibríocha meáite⁽¹⁾ agus i dTreoir 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárthaigh bhrú shimplí⁽²⁾. Is gá, dá bhrí sin, an nós imeachta aonfhoirmeach dá bhforáiltear i gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le comhchreat le haghaidh margú táirgí⁽³⁾ a chur ar áireamh sa Rialachán seo, na forálacha ábhartha sna Treoracha sin a scríos, chomh maith leis an gceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh caighdeáin chomhchuibhithe i gcomhréir leis an Rialachán seo a leathnú chuig Parlaimint na hEorpa.

- (30) Ba cheart d'údarais phoiblí an úsáid is fearr is féidir a bhaint as raon iomlán na sonraíochtaí teicniúla ábhartha atá ann agus iad ag soláthar crua-earraí, bogearraí agus seirbhísí teicneolaíochta faisnéise, trí bhíthin, mar shampla, sonraíochtaí teicniúla a roghnú is féidir le gach soláthraí leasmhar a úsáid, rud a chothóidh tuilleadh iomaíochta agus a laghdóidh an baol gur cliaint faoi chuing a bheidh sna comhlachtaí sin. I dTreoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist⁽⁴⁾, i dTreoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú⁽⁵⁾, i dTreoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarais chonarthaí nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú⁽⁶⁾ agus i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2002 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach⁽⁷⁾, sonraítear gur cheart sonraíochtaí teicniúla sa soláthar poiblí a shainiú trí thagairt do chaighdeáin náisiúnta a thrasúfionn caighdeáin Eorpacha, formheasanna teicniúla Eorpacha, sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna, caighdeán idirnáisiúnta, córas eile tagairtí teicniúla arna mbunú ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú nó — nuair nach ann dóibh sin — trí thagairt do chaighdeáin náisiúnta, formheasanna teicniúla náisiúnta nó sonraíochtaí teicniúla náisiúnta a bhaineann le dearadh, ríomh agus cur i gcrích na n-oibreacha agus le húsáid na dtáirgí, nó a gcoibhéis. Is minic, áfach, gur eagraíochtaí eile um fhorbairt caighdeán a fhorbraíonn sonraíochtaí teicniúla TFC agus nach dtagann siad faoi aon cheann de na catagóirí caighdeán agus formheasanna atá leagtha síos i dTreoir 2004/17/CE, i dTreoir 2004/18/CE, nó i

dTreoir 2009/81/CE nó i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh go bhféadfadh sonraíochtaí teicniúla maidir le soláthar poiblí a bheith ag tagairt do shonraíochtaí teicniúla TFC, chun freagairt don fhorás mear atá ag teacht ar réimse TFC, chun soláthar trasteorann seirbhísí a éascú, chun iomaíocht a spreagadh agus chun idir-inoibritheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn.

- (31) Maidir le sonraíochtaí teicniúla nach ndéanann eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú iad a ghlacadh, níl stádas acu atá coibhéiseach le caighdeáin Eorpacha. Tá roinnt sonraíochtaí teicniúla TFC nach bhforbraítear i gcomhréir leis na prionsabail bhunaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, nós imeachta um shainaithint sonraíochtaí teicniúla TFC a leagan síos sa Rialachán seo a bhféadfaí tagairt a dhéanamh dóibh sa soláthar poiblí, lena rachfaí i gcomhairle le cuid mhór geallsealbhoirí éagsúla, lena n-áirítear na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, fiontair agus údarais phoiblí. Ba cheart ceanglais a leagan síos leis an Rialachán seo freisin, i bhfoirm liosta critéar, le haghaidh na sonraíochtaí teicniúla sin agus na bpróiseas forbartha atá gaolmhar leo. Maidir leis na ceanglais le haghaidh sonraíochtaí teicniúla TFC a shainaithint, ba cheart a áirithiú leo go n-urramófar cuspóirí beartais phoiblí agus riachtanas na sochaí, agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar na prionsabail bhunaidh.
- (32) Chun nuálaíocht agus iomaíocht a chothú, níor cheart go bhféadfadh sainaitheint a thabhairt do shonraíocht theicniúil ar leith nach bhféadfaí sonraíocht theicniúil iomaíoch a shainaithint i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Ba cheart aon sainaitheint a bheith faoi réir chomhlíonadh na gcritéar agus faoi réir leibhéal suntasach glactha sa mhargadh a bheith ag an tsonraíocht theicniúil.
- (33) D'fhéadfadh na sonraíochtaí teicniúla TFC a shainaithnítear a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme Chinneadh Uimh. 922/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha (ISA)⁽⁸⁾ lena mbunaítear, don tréimhse 2010-2015, clár um réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha agus d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, lena soláthraítear réitigh choiteanna agus réitigh chomhroinnte a éascaíonn idir-inoibritheacht.
- (34) D'fhéadfadh cásanna áirithe teacht chun cinn sa réimse TFC ina mbeadh sé iomchuí úsáid caighdeán ábhartha ar leibhéal an Aontais a spreagadh, nó a cheangal na caighdeáin sin a chomhlíonadh, chun idir-inoibritheacht sa mhargadh aonair a áirithiú agus chun níos mó saoirse rogha a thabhairt d'úsáideoirí. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé nach gcomhlíonadh caighdeáin Eorpacha shonraithe riachtanais tomhaltóirí a thuilleadh nó go gcuirfidís bac le forbairt theicniúil. Ar na cúiseanna sin, déantar, le Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialúcháin i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí⁽⁹⁾, a chumasú don Choimisiún, i gcás inar

⁽¹⁾ IO L 122, 16.5.2009, lch. 6.

⁽²⁾ IO L 264, 8.10.2009, lch. 12.

⁽³⁾ IO L 218, 13.8.2008, lch. 82.

⁽⁴⁾ IO L 134, 30.4.2004, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 134, 30.4.2004, lch. 114.

⁽⁶⁾ IO L 216, 20.8.2009, lch. 76.

⁽⁷⁾ IO L 357, 31.12.2002, lch. 1.

⁽⁸⁾ IO L 260, 3.10.2009, lch. 20.

⁽⁹⁾ IO L 108, 24.4.2002, lch. 33.

gá, a iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeán a tharraingt suas, liosta caighdeán nó sonraíochtaí a bhunú agus a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* d'fhonn a n-úsáid a spreagadh, nó a gcur chun feidhme a dhéanamh éigeantach, nó d'fhonn caighdeán nó sonraíochtaí a bhaint den liosta sin.

- (35) Níor cheart go ndéanadh an Rialachán seo cosc a chur ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú leanúint de bheith ag forbairt caighdeán sa réimse TFC ná de bheith ag gearú ar an gcomhoibriú a dhéanann siad le comhlachtaí eile a fhorbraíonn caighdeán, go háirithe sa réimse TFC, chun comhleanúnachas a áirithiú agus chun ilroinnt agus dubailt a sheachaint le linn caighdeán agus sonraíochtaí a bheith á gcur chun feidhme.
- (36) Níor cheart go mbainfeadh an nós imeachta chun sonraíochtaí teicniúla TFC dá bhforáiltear sa Rialachán seo a shainaithint an bonn de chomhleanúnachas an chórais Eorpaigh um chaighdeánú. Ba cheart, dá bhrí sin, go leagfaí síos leis an Rialachán seo na coinníollacha faoina bhféadfar a mheas nach bhfuil sonraíocht theicniúil contrártha do chaighdeán Eorpacha eile.
- (37) Sula ndéanfar sonraíochtaí teicniúla TFC a d'fhéadfadh a bheith incháilithe do thagairtí sa soláthar poiblí a shainaithint, ba cheart an tArdán Il-Gheallsealbhóirí arna bhunú ag an gCoimisiún le Cinneadh an 28 Samhain 2011 ⁽¹⁾ a úsáid mar fhóram i gcomhair comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí Eorpacha agus náisiúnta, leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus leis na Ballstáit chun dlísteacht an phróisis a áirithiú.
- (38) Le Cinneadh 1673/2006/CE bunaítear rialacha maidir le ranníocaíocht an Aontais leis an maoiniú a thugtar chun caighdeánú Eorpach a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar caighdeán Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin eile a fhorbairt agus a athbheithniú sa chaoi is go dtacóidh siad le cuspóirí, reachtaíocht agus beartais an Aontais. Is iomchuí, ar mhaithe le simpliú i gcúrsaí riaracháin agus buiséadacha, forálacha an Chinnidh sin a ionchorprú sa Rialachán seo agus úsáid a bhaint cibé uair is féidir as na nósanna imeachta is lú a bhfuil anró ag baint leo.
- (39) I bhfianaise go dtacaíonn caighdeánú Eorpach le beartais agus reachtaíocht an Aontais i raon ríleathan réimsí agus i bhfianaise cineálacha éagsúla gníomhaíochta caighdeánúcháin a bheith ann, is gá foráil a dhéanamh maidir le socruithe éagsúla maoinithe. Baineann sé sin den chuid is mó le deontais d'uireasa glaonna ar thairiscintí a thugtar do na comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú agus do na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 110(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ⁽²⁾ agus le pointe (d) d'Airteagal 168(1) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha

céanna maidir leis na comhlachtaí sin nach n-aithnítear mar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú sa Rialachán seo ach ar tugadh sainordú dóibh i ngníomh bunúsach agus ar cuireadh ar iontaoibh dóibh réamhobair a dhéanamh chun tacú le caighdeánú Eorpach, i gcomhar leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

- (40) Sa mhéid is go leanann eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí an Aontais, ba cheart lár-rúnaíochtaí éifeachtacha agus éifeachtúla a bheith acu. Ba cheart, dá bhrí sin, cead a bheith ag an gCoimisiún deontais a sholáthar do na heagraíochtaí sin a fhéachann le cuspóir a bhaint amach a bhaineann le leas ginearálta Eorpach gan prionsabal an laghdaithe bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 113(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 a chur i bhfeidhm, i gcás deontas oibriúcháin.
- (41) I gCinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007-2013) ⁽³⁾, i gCinneadh Uimh. 1926/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear clár gníomhaíochta Comhphobail maidir le beartais tomhaltóirí (2007-2013) ⁽⁴⁾, agus i Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir leis an Ionstraim Airgeadais don Chomhshaoil (LIFE+) ⁽⁵⁾, tá foráil déanta cheana féin maidir le tacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht ar FBManna, tomhaltóirí agus leasanna comhshaoil i gcúrsaí caighdeánaithe, agus íoctar deontais shonracha le heagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht ar leasanna sóisialta i gcúrsaí caighdeánaithe. An maoiniú a dhéantar faoi Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE, Cinneadh Uimh. 1926/2006/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2007, tiocfaidh deireadh leis an 31 Nollaig 2013. Tá sé riachtanach d'fhorbairt an chaighdeánaithe Eorpaigh go leanfaí de rannpháirteachas gníomhach na n-eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht ar FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comhshaoil agus leasanna sóisialta a chothú agus a spreagadh. Féachann eagraíochtaí den sórt sin le cuspóir a bhaint amach a bhaineann le leas ginearálta Eorpach, agus is éard atá iontu, de bhua an tsainordaithe shonraigh atá tugtha ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta dóibh, gréasán Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí neamhbhrabúsacha atá gníomhach sna Ballstáit agus a chuireann chun cinn prionsabail agus beartais a luíonn le cuspóirí na gConarthaí. I ngeall ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn na heagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht ar FBManna, tomhaltóirí, agus leasanna comhshaoil agus leasanna sóisialta i gcaighdeánú Eorpach agus i ngeall ar a gcuspóirí reachtúla, tá ról buan ag na heagraíochtaí atá sár-riachtanach le haghaidh chuspóirí agus bheartais an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann leanúint de bheith ag soláthar deontas do na heagraíochtaí sin gan prionsabal an

⁽¹⁾ IO C 349, 30.11.2011, lch. 4.

⁽²⁾ IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 310, 9.11.2006, lch. 15.

⁽⁴⁾ IO L 404, 30.12.2006, lch. 39.

⁽⁵⁾ IO L 149, 9.6.2007, lch. 1.

laghdaithe bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 113(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 a chur i bhfeidhm, i gcás deontas oibriúcháin.

- (42) Ba cheart gur leor an maoiniú a thugtar do ghníomhaíochtaí caighdeánúcháin chun réamhghníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí coimhdeacha a bhaineann le bunú caighdeán nó bunú táirgí Eorpacha caighdeánúcháin le haghaidh táirgí agus le haghaidh seirbhísí. Tá gá leis sin go príomha le haghaidh oibre taighde, ullmhú réamhdhoiciméad le haghaidh reachtaíochta, tástálacha idirshaotharlainne agus bailíochtú nó measúnú caighdeán. Ba cheart leanúint de bheith ag cur chun cinn gníomhaíochtaí caighdeánaithe ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal idirnáisiúnta trí bhithin clár a bhaineann le cúnaimh teicniúil a thabhairt do thríú tíortha agus le dul i gcomhar leis na tíortha sin. D'fhonn an rochtain atá ar an margadh a fheabhsú agus d'fhonn a iomaíche atá fiontair an Aontais a neartú, ba cheart go bhféadfaí deontais a thabhairt do chomhlachtaí eile trí ghlaonna ar thairiscintí nó, nuair is gá, trí dheontais a dhámhachtain.
- (43) Ba cheart, trí mhaoiniú an Aontais, go bhféachfaí le caighdeán Eorpacha nó le táirgí Eorpacha caighdeánúcháin le haghaidh táirgí agus le haghaidh seirbhísí, an úsáid a bhaineann fiontair as caighdeán a éascú trí thacaíocht mhéadaithe dá n-aistriú isteach i dteangacha oifigiúla éagsúla an Aontais, chun an deis a thabhairt do FBManna lán tairbhe a bhaint as tuiscint agus feidhmiú na gcaighdeán Eorpach, a chomhtháite atá an córas um chaighdeánú Eorpach a neartú, agus rochtain chothrom thrédhearcach ar chaighdeán Eorpacha ag gach gníomhaire margaidh ar fud an Aontais a áirithiú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcásanna ina bhfágann úsáid caighdeán gur féidir reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais a chomhlíonadh.
- (44) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart go bhféadfaí an saineolas is gá a úsáid, go háirithe a mhéid a bhaineann le hiniúcháireacht agus bainistiú airgeadais, mar aon le hacmhainní tacaíochta riaracháin atá in ann cur chun feidhme a éascú, agus ba cheart go bhféadfaí meastóireacht thráthrialta a dhéanamh ar a ábhartha atá gníomhaíochtaí dá dtugann an tAontas maoiniú, chun a áirithiú go bhfuil siad úsáideach agus éifeachtach.
- (45) Ba cheart bearta iomchuí a dhéanamh chun cosc a chur ar chalaos agus ar mhírialtachtaí agus chun cistí a íocadh go míchuí a aisghabháil, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach⁽¹⁾ agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar chalaos agus ar mhírialtachtaí eile⁽²⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrú-

duithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)⁽³⁾.

- (46) Chun liostaí na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a thabhairt cothrom le dáta agus chun na critéir maidir le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do gheallsealbhoirí FBManna agus do gheallsealbhoirí sochaíocha a oiriúnú d'fhorbairtí nua a bhaineann le cineál neamhbhrabúsach na n-eagraíochtaí sin agus lena ionadaíche atá siad, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmlichthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (47) Ba cheart go mbeadh an coiste arna bhunú leis an Rialachán seo ina chúnamh don Choimisiún sna nithe go léir a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ag féachaint go cuí do na saineolaithe earnálacha.
- (48) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁽⁴⁾.
- (49) Ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid le haghaidh glacadh gníomhartha cur chun feidhme i dtaca le hagóidí i gcoinne caighdeán comhchuibhithe agus i gcás nach bhfuil na caighdeáin comhchuibhithe lena mbaineann foilsithe go fóill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é nach raibh ann go fóill de thoradh an chaighdeán ábhartha toimhde comhréireachta i leith na gceanglas fíor-riachtanach arna leagan amach i reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir le comhchuibhiú.
- (50) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh gach iarraidh ar chaighdeánú a chuirfear faoi bhráid eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus le haghaidh glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme i ndáil le hagóidí i gcoinne caighdeán comhchuibhithe agus i gcás ina bhfuil na tagairtí do na caighdeáin comhchuibhithe i gceist foilsithe cheana féin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go bhféadfadh cinneadh den sórt sin iarmhairtí a bheith aige ar thoirimhe na comhréireachta i leith na gceanglas infheidhme fíor-riachtanach.

⁽¹⁾ IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

⁽³⁾ IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(51) Chun príomhchuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú agus chun nósanna imeachta cinnteoireachta meara a éascú, chomh maith leis an am forbartha foriomlán do chaighdeán a laghdú, ba cheart a mhéid is féidir go mbainfí úsáid as na bearta nós imeachta dá bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a chuireann ar chumas chathaoirleach an choiste ábhartha, de réir phráinn an ábhair, teorainn ama a leagan síos faoinar cheart don Choiste a thuairim a thabhairt. Thairis sin, i gcás ina mbíonn údar maith leis, ba cheart go bhféadfaí tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, agus ba cheart go bhféadfaí ar thost ó thaobh an chomhalta den choiste de mar chomhaontú intuigthe.

(52) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcaighdeán agus an chaighdeánaithe a áirithiú mar uirlisí beartais don Aontas trí chomhar idir eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus an Coimisiún, caighdeán Eorpacha agus táirgí Eorpach caighdeánúcháin i gcomhair táirgí agus seirbhísí mar thaca le reachtaíocht agus beartais an Aontais a bhunú, sonraíochtaí teicniúla TFC is incháilithe don tagairtíú a shainnithint agus caighdeánú Eorpach agus rannpháirteachas geallsealbhoirí i gcaighdeánú Eorpach a mhaoiniú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, de bharr a n-éifeachta, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(53) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 89/686/CEE, 93/15/CEE, 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE a leasú dá réir.

(54) Ba cheart Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE agus Cinneadh 87/95/CEE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear rialacha maidir leis an gcomhar idir eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, na Ballstáit agus an Coimisiún, maidir le bunú caighdeán Eorpach agus bunú táirgí Eorpacha caighdeánúcháin le haghaidh táirgí agus seirbhísí chun tacú le reachtaíocht agus beartais de chuid an Aontais, maidir le sainnithint sonraíochtaí teicniúla TFC atá incháilithe do thagairtíú, maidir le caighdeánú Eorpach a mhaoiniú agus maidir le rannpháirteachas geallsealbhoirí sa chaighdeánú Eorpach.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “caighdeán” sonraíocht theicniúil, arna glacadh ag comhlacht aitheanta um chaighdeánú, atá ceaptha lena fheidhmiú arís is arís nó ar bhonn leantach, sonraíocht nach bhfuil a comhlíonadh éigeantach, agus a thagann faoi réir ceann de na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “caighdeán idirnáisiúnta” caighdeán arna ghlacadh ag comhlacht idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(b) ciallaíonn “caighdeán Eorpach” caighdeán arna ghlacadh ag eagraíocht Eorpach um chaighdeánú;

(c) ciallaíonn “caighdeán comhchuibhithe” caighdeán Eorpach arna ghlacadh ar bhonn iarrata ón gCoimisiún ar chur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú;

(d) ciallaíonn “caighdeán náisiúnta” caighdeán arna ghlacadh ag comhlacht náisiúnta um chaighdeánú;

(2) ciallaíonn “táirge Eorpach caighdeánúcháin” aon sonraíocht theicniúil eile seachas caighdeán Eorpach, arna glacadh ag eagraíocht Eorpach um chaighdeánú agus atá ceaptha lena feidhmiú arís is arís nó ar bhonn leantach agus nach bhfuil a comhlíonadh éigeantach;

(3) ciallaíonn “dréachtchaighdeán” doiciméad ina bhfuil téacs na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le hábhar ar leith, díreach mar atá sé tar éis na hoibre ullmhúcháin agus nuair a scaiptear é le go ndéanfaidh an pobal trácht nó scrúdú air, ar doiciméad é atá á mheas i gcomhair a ghlactha i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha maidir le caighdeán;

(4) ciallaíonn “sonraíocht theicniúil” doiciméad ina bhforordaítear na ceanglais theicniúla atá le comhlíonadh ag táirge, próiseas, seirbhís nó córas agus ina leagtar síos ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) na saintréithe a chaithfidh a bheith ag táirge, agus lena n-áirítear leibhéil cháilíochta, feidhmíocht, idir-inoibritheacht, caomhnú comhshaoil, sláinte, sábháilteacht nó toisí, agus lena n-áirítear na ceanglais is infheidhme maidir leis an táirge i dtaca leis an ainm faoina ndíoltar é, téarmaíocht, siombailí, tástáil agus modhanna tástála, pacáistíocht, marcáil nó lipéadú agus nósanna imeachta um measúnacht comhréireachta;

(b) modhanna agus próisis táirgthe a úsáidtear i dtaca le táirgí talmhaíochta amhail a shainmhínítear in Airteagal 38(1) CFAE, táirgí atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine nó ag ainmhithe, táirgí míochaine, mar aon le modhanna agus próisis táirgthe a bhaineann le táirgí eile, i gcás ina n-imríonn siad tionchar ar a saintréithe;

- (c) na saintréithe a chaithfidh a bheith ag seirbhís, lena n-áirítear leibhéil cháilíochta, feidhmíocht, idir-inoibritheacht, caomhnú comhshaoil, sláinte nó sábháilteacht, agus lena n-áirítear na ceanglais is infheidhme maidir leis an soláthraí ó thaobh na faisnéise atá le cur ar fáil don fhaighteoir, amhail a shonraítear in Airteagal 22(1) go (3) de Threoir 2006/123/CE;
- (d) na modhanna agus na critéir chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta, amhail a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú ⁽¹⁾, i ndáil lena mbuntréithe;
- (5) ciallaíonn “sonraíocht theicniúil TFC” sonraíocht theicniúil i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;
- (6) ciallaíonn “táirge” aon táirge arna mhonarú go tionsclaíoch agus aon táirge talmhaíochta, lena n-áirítear táirgí éisc;
- (7) ciallaíonn “seirbhís” aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn féin-fhostaithe a thugtar de ghnáth ar luach saothair, amhail a shainmhínítear in Airteagal 57 CFAE;
- (8) ciallaíonn “eagraíocht Eorpach um chaighdeánú” eagraíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (9) ciallaíonn “comhlacht idirnáisiúnta um chaighdeánú” Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil (IEC) agus an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU);
- (10) ciallaíonn “comhlacht náisiúnta um chaighdeánú” comhlacht a dtugann Ballstát fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27 den Rialachán seo.

CAIBIDIL II

TRÉDHEARCACHT AGUS RANNPHÁIRTEACHAS NA NGEALL-SEALBHÓIRÍ*Airteagal 3***Trédhearcacht chlár oibre na gcomhlachtaí um chaighdeánú**

1. Uair sa bhliain, ar a laghad, déanfaidh gach eagraíocht Eorpach um chaighdeánú agus gach comhlacht náisiúnta um chaighdeánú a chlár oibre a bhunú. Beidh faisnéis maidir leis na caighdeáin agus na táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a bhfuil sé ar intinn ag eagraíocht Eorpach um chaighdeánú nó ag comhlacht náisiúnta um chaighdeánú a ullmhú nó a leasú sa chlár oibre sin, atá á n-ullmhú nó á leasú acu agus a ghlac siad sa thréimhse roimh an gclár oibre, mura rud é go bhfuil siad comhionann nó coibhéiseach le trasuímh caighdeán idirnáisiúnta nó Eorpach.

⁽¹⁾ IO L 88, 4.4.2011, lch. 5.

2. Luafar sa chlár oibre, i ndáil le gach caighdeán agus le gach táirge Eorpach caighdeánúcháin, an méid seo a leanas:

- (a) an t-ábhar;
- (b) an chéim atá bainte amach i bhforbairt na gcaighdeán agus i bhforbairt na dtáirgí Eorpacha caighdeánúcháin;
- (c) tagairtí d'aon chaighdeán idirnáisiúnta a úsáidtear mar bhonn.
3. Déanfaidh gach eagraíocht Eorpach um chaighdeánú agus gach comhlacht náisiúnta um chaighdeánú a clár oibre nó a chlár oibre a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin nó ar a shuíomh gréasáin nó ar aon suíomh gréasáin eile a bhfuil teacht ag an bpobal air, chomh maith le fógra a chur ar fáil ar fhoilseachán náisiúnta nó i gcás inarb iomchuí, ar fhoilseachán Eorpach a bhaineann le caighdeánú, á thabhairt le fios gurb ann don chlár oibre.

4. Tráth nach déanaí ná tráth foilsithe a chlár oibre, déanfaidh gach eagraíocht Eorpach um chaighdeánú agus gach comhlacht Eorpach náisiúnta um chaighdeánú fógra a thabhairt do na heagraíochtaí Eorpacha eile um chaighdeánú agus do na comhlachtaí náisiúnta eile um chaighdeánú agus don Choimisiún á chur in iúl dóibh gurb ann don chlár oibre. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na Ballstáit tríd an gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 22.

5. Ní fhéadfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agóid a dhéanamh i gcoinne ábhar i gcomhair a chaighdeánaithe ina gclár oibre a bheith á mheas na leibhéil na hEorpa i gcomhréir leis na rialacha arna leagan síos ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus ní fhéadfaidh siad aon ghníomhaíocht a dhéanamh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chinneadh ina leith sin.

6. Le linn caighdeán comhchuibhithe a bheith á ullmhú, nó tar éis é a fhormheas, ní ghlacfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhchuibhiú atá beartaithe agus, go háirithe, ní dhéanfaidh siad caighdeán náisiúnta nua nó caighdeán náisiúnta athbhreithnithe nach bhfuil ag teacht go hiomlán le caighdeán comhchuibhithe atá cheana ann a fhoilsiú sa réimse atá i gceist. Tar éis caighdeán comhchuibhithe nua a bheith foilsithe, déanfar gach caighdeán náisiúnta atá contrártha dó a tharraingt siar laistigh de thréimhse ama réasúnach.

*Airteagal 4***Trédhearcacht na gcaighdeán**

1. Déanfaidh gach eagraíocht Eorpach um chaighdeánú agus gach comhlacht náisiúnta um chaighdeánú aon dréacht-caighdeán náisiúnta, aon dréacht-caighdeán Eorpach nó aon dréacht-táirge Eorpach caighdeánúcháin a chur, i bhfoirm leictreonach ar a laghad, chuig eagraíochtaí Eorpacha eile um chaighdeánú agus chuig comhlachtaí náisiúnta eile um chaighdeánú nó chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin dóibh.

2. Déanfaidh gach eagraíocht Eorpach um chaighdeánú agus gach comhlacht náisiúnta um chaighdeánú freagra a thabhairt laistigh de thrí mhí ar aon bharúlacha maidir le haon dréacht dá dtagraítear i mír 1, is barúlacha a fhaigheann siad ó aon

eagraíocht Eorpach eile um chaighdeánú, ó aon chomhlacht náisiúnta eile um chaighdeánú nó ón gCoimisiún, agus cuirfidh siad na barúlacha sin san áireamh go hiomchuí.

3. Nuair a fhaigheann comhlacht náisiúnta um chaighdeánú barúlacha lena gcuirtear in iúl go mbeadh tionchar diúltach ag an dréachtchaighdeán ar an margadh inmheánach, rachaidh sé i gcomhairle leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus leis an gCoimisiún sula nglacfaidh sé é.

4. Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú an méid seo a leanas:

- (a) áiritheoidh siad rochtain ar dhréachtchaighdeáin náisiúnta ar shlí a fhágfaidh go mbeidh deis ag na páirtithe ábhartha uile, go háirithe iad siúd atá bunaithe i mBallstáit eile, barúlacha a chur isteach;
- (b) ligfidh siad do chomhlachtaí náisiúnta eile um chaighdeánú páirt éighníomhach nó ghníomhach a ghlacadh sna gníomhaíochtaí atá beartaithe trí bhreathnóir a chur ann.

Airteagal 5

Rannpháirteachas geallsealbhóirí sa chaighdeánú Eorpach

1. Déanfaidh eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú ionadaíocht iomchuí agus rannpháirteachas éifeachtach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear FBManna, eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sochaíocha, a spreagadh agus a éascú ina gcuid gníomhaíochtaí caighdeánaithe. Déanfaidh siad, go háirithe, ionadaíocht agus rannpháirteachas den sórt sin a spreagadh agus a éascú trí na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar leibhéal forbartha beartas agus ag na céimeanna seo a leanas i bhforbairt caighdeán Eorpach nó i bhforbairt táirgí Eorpacha caighdeánúcháin:

- (a) ítimí nua oibre a mholadh agus a ghlacadh;
- (b) plé teicniúil ar mholtaí;
- (c) barúlacha maidir le dréachtaí a chur isteach;
- (d) athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin Eorpacha nó ar tháirgí Eorpacha caighdeánúcháin atá ann cheana;
- (e) scaipeadh faisnéise faoi chaighdeáin Eorpacha nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin atá glactha agus feasacht ina leith a mhéadú.

2. Sa bhreis ar an gcomhoibriú le húdaráis um faireachas an mhargaidh sna Ballstáit, le saoráidí taighde an Choimisiúin agus le heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú ionadaíocht iomchuí, ar leibhéal teicniúil, ar ghnóthais, ar ionaid taighde, ar ollscoileanna agus ar eintitis dhlítheanacha eile a spreagadh agus a éascú i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe a bhaineann le réimse atá ag dul i dtábhacht agus a bhfuil mórimpléachtaí aici ó thaobh beartas agus nuálaíochta teicniúla, más rud é gur

ghlac na heintitis dhlítheanacha lena mbaineann páirt i dtionscadal a bhaineann leis an réimse sin agus atá á mhaoiniú ag an Aontas faoi chreachlár ilbhliantúil le haghaidh gníomhaíochtaí i réimse na taighde, na nuálaíochta agus na forbartha teicneolaíochta, arna ghlacadh de bhun Airteagal 182 CFAE.

Airteagal 6

Rochtain FBManna ar chaighdeáin

1. Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú rochtain FBManna ar chaighdeáin agus ar phróisis um fhorbairt caighdeán a spreagadh agus a éascú chun go mbainfear leibhéal níos airde rannpháirteachais amach sa chóras caighdeánaithe, mar shampla:

- (a) trí na tionscadail um chaighdeánú ar chun sainleasanna FBManna a shainaithint ina gclár oibre bhliantúla;
- (b) trí rochtain ar ghníomhaíochtaí um chaighdeánú a thabhairt ach gan oibleagáid a chur ar FBManna a bheith ina gcomhaltaí de chomhlacht náisiúnta um chaighdeánú;
- (c) trí shaor-rochtain nó rátaí speisialta a thabhairt le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú;
- (d) trí shaor-rochtain a thabhairt ar dhréachtchaighdeáin;
- (e) trí achomaireachtaí de na chaighdeáin a chur ar fáil saor in aisce ar a láithreán gréasáin;
- (f) trí rátaí speisialta a chur i bhfeidhm maidir le soláthar na gcaighdeán nó cairn de chaighdeán a sholáthar ar phraghas laghdaithe.

2. Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú sárchleachtais a mhalartú agus é mar aidhm acu feabhas a chur ar rannpháirteachas FBManna i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú agus úsáid na gcaighdeán ag FBManna a mhéadú agus a éascú.

3. Déanfaidh comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú tuarascálacha bliantúla a sheoladh chuig na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú i dtaca lena ngníomhaíochtaí i mír 1 agus i mír 2 agus i dtaca le gach beart eile chun feabhas a chur ar dhálaí do na FBManna chun úsáid a bhaint as caighdeáin agus a bheith rannpháirteach i bpróiseas forbartha na gcaighdeán. Foilseoidh na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú na tuarascálacha sin ar a láithreáin gréasáin.

Airteagal 7

Rannpháirteachas na n-údarás poiblí sa chaighdeánú Eorpach

Déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, rannpháirteachas na n-údarás poiblí, lena n-áirítear údaráis um faireachas an mhargaidh, a spreagadh sna gníomhaíochtaí náisiúnta um chaighdeánú a bheidh dírithe ar chaighdeáin a fhorbairt nó a athbhreithniú, is gníomhaíochtaí arna n-iarraidh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10.

CAIBIDIL III

**CAIGHDEÁIN EORPACHA AGUS TÁIRGÍ EORPACHA
CAIGHDEÁNÚCHÁIN A THACAÍONN LE REACHTAÍOCHT
AGUS BEARTAIS AN AONTAIS**

Airteagal 8

An clár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú Eorpach

1. Glacfaidh an Coimisiún clár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú Eorpach, ina sainaithneofar tosaíochtaí straitéiseacha don chaighdeánú Eorpach, agus straitéisí fadtéarmacha an Aontais i gcomhair fáis á gcur san áireamh aige. Sonrófar ann na caighdeáin Eorpacha agus na táirgí Eorpacha caighdeánúcháin atá ar intinn ag an gCoimisiún a iarraidh ó na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú i gcomhréir le hAirteagal 10.

2. Saineofar sa chlár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú Eorpach na cuspóirí sainiúla agus na bearta shainiúla maidir leis na caighdeáin Eorpacha chomh maith le táirgí Eorpacha caighdeánúcháin atá ar intinn ag an gCoimisiún a iarraidh ó na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú i gcomhréir le hAirteagal 10. Is féidir leis an gCoimisiún, i gcásanna práinne, iarrataí a eisiúint gan é sin a chur in iúl roimh ré.

3. Beidh ar áireamh freisin sa chlár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú Eorpach cuspóirí do ghné idirnáisiúnta an chaighdeánaithe Eorpaigh, mar thaca le reachtaíocht agus beartaí an Aontais.

4. Déanfar an clár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú Eorpach a ghlacadh i ndiaidh comhairliúcháin leathan a sheoladh leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus leis na Ballstáit tríd an gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 22 den Rialachán seo.

5. Tar éis a ghlactha, cuirfidh an Coimisiún an clár oibre bliantúil um chaighdeánú ar fáil ar a láithreán gréasáin é.

Airteagal 9

Comhar le saoráidí taighde

Rannchuideoidh saoráidí taighde an Choimisiúin le hullmhú chlár oibre bliantúil Aontais um chaighdeánú Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 8 agus cuirfidh siad ionchur eolaíoch ar fáil do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, ina réimsí saineolais, chun a áirithiú go ndéanfar iomaíochas eacnamaíoch agus riachtanais shochaíocha, amhail inbhuanaitheacht chomhshaoil agus ábhair inní a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil, a chur san áireamh sna caighdeáin Eorpacha.

Airteagal 10

Iarrataí caighdeánúcháin chuig eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú

1. Féadfaidh an Coimisiún, laistigh de na teorainneacha ar na hinniúlachtaí a leagtar síos sna Conarthaí, a iarraidh ar chomhlacht Eorpach amháin um chaighdeánú nó roinnt díobh caighdeán Eorpach nó táirge Eorpach caighdeánúcháin a dhréachtú faoi spriocdháta a bheidh leagtha síos. Beidh na caighdeáin Eorpacha agus na táirgí Eorpacha caighdeánúcháin

faoi thionchar an mhargaidh, tabharfaidh siad aird ar leas an phobail agus ar na cuspóirí beartaí a bheidh luaite go soiléir san iarraidh ón gCoimisiún agus beidh siad bunaithe ar chomhthoil. Cinnfidh an Coimisiún na ceanglais maidir le hinneachar a bheidh le comhlíonadh leis an doiciméad iarrtha agus cinnfidh sé sprioc-am lena ghlacadh.

2. Déanfar na cinní dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 22(3) tar éis dul i mbun comhairliúcháin leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus leis na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo chomh maith leis an gcoiste arna chur ar bun le reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais maidir le comhchuibhiú, nuair is ann do choiste den sórt sin, nó tar éis cineálacha eile comhairliúcháin le saineolaithe earnálacha.

3. Tabharfaidh an eagraíocht Eorpach ábhartha um chaighdeánú le fios, laistigh d'aon mhí ón iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, an nglacann sé leis an iarraidh nó nach nglacann.

4. I gcás ina ndéantar iarraidh ar mhaoiniú, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis an glacadh dá dtagraítear i mír 3 a fháil, na heagraíochtaí Eorpacha ábhartha um chaighdeánú a chur ar an eolas faoi dhámhadh deontais chun caighdeán Eorpach nó táirge Eorpach caighdeánúcháin a dhréachtú.

5. Cuirfidh na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú an Coimisiún ar an eolas faoi aon ghníomhaíochtaí a dhéantar chun na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a fhorbairt. Déanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, measúnú i dtaobh an gcomhlíonann na doiciméid arna ndréachtú ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a iarraidh tosaigh.

6. I gcás ina gcomhlíonann caighdeán comhchuibhithe na ceanglais a bhfuil sé mar aidhm leis a chumhdach, agus a leagtar amach i reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais maidir le comhchuibhiú, foilseoidh an Coimisiún tagairt don chaighdeán comhchuibhithe gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar mhodh eile i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa ghníomh comhfhreagrach de reachtaíocht an Aontais maidir le comhchuibhiú.

Airteagal 11

Agóidí foirmiúla i gcoinne caighdeán comhchuibhithe

1. Nuair a mheasann Ballstát nó Parlaimint na hEorpa nach ndéanann caighdeán comhchuibhithe na ceanglais is cuspóir dó a chomhlíonadh ina n-íomláine, ar ceanglais iad atá leagtha amach i reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir le comhchuibhiú, cuirfidh sé nó sí an Coimisiún ar an eolas ina leith le míniú mionsonraithe, agus déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gcoiste arna chur ar bun le reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais maidir le comhchuibhiú, más ann dó, nó tar éis cineálacha eile comhairliúcháin le saineolaithe earnálacha, a chinneadh:

(a) na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe lena mbaineann a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó gan iad a fhoilsiú inti nó iad a fhoilsiú faoi shrianta inti;

(b) na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe lena mbaineann a choimeád in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, iad a choimeád inti faoi shrianta nó iad a tharraingt siar ón *Iris Oifigiúil* sin.

2. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin faisnéis faoi na caighdeáin chomhchuibhithe a bheidh curtha faoi réir an chinnidh dá dtagraítear i mír 1.

3. Cuirfidh an Coimisiún an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú lena mbaineann ar an eolas faoin gcinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus, más gá, iarrfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann.

4. Glacfar an cinneadh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

5. Glacfar an cinneadh dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

Airteagal 12

Fógra a thabhairt d'eagraíochtaí geallsealbhoirí

Déanfaidh an Coimisiún córas fógartha a bhunú do na geallsealbhoirí uile, lena n-áirítear eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus eagraíochtaí geallsealbhoirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo chun comhairliúcháin cuí agus ábharthacht don mhargadh a áirithiú sula ndéantar:

- (a) clár oibre bliantúil an Aontais um chaighdeánú dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a ghlacadh;
- (b) iarrataí ar chaighdeánú dá dtagraítear in Airteagal 10 a ghlacadh;
- (c) cinneadh maidir le hagóidí foirmiúla i gcoinne caighdeán comhchuibhithe a ghlacadh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 11(1);
- (d) cinneadh maidir le sainaitheint sonraíochtaí teicniúla TFC dá dtagraítear in Airteagal 13 a ghlacadh;
- (e) gníomhartha tarmlichte dá dtagraítear in Airteagal 20 a ghlacadh.

CAIBIDIL IV

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA TFC

Airteagal 13

Sonraíochtaí teicniúla TFC atá incháilithe le haghaidh tagairtí

1. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, ar thogra a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, sonraíochtaí teicniúla TFC a shainaitheint nach caighdeáin náisiúnta, Eorpacha ná idirnáisiúnta iad ach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, ar sonraíochtaí iad a fhéadfar a thagairtí, go príomha chun idir-inoibritheacht sa soláthar poiblí a chumasú.

2. Nuair a dhéantar sonraíocht theicniúil TFC arna sainaitheint i gcomhréir le mír 1 a mhodhnú nó a tharraingt siar nó nuair nach gcomhlíonann an sonraíocht sin a thuilleadh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, ar thogra a fháil ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, sonraíocht theicniúil mhodhnaithe TFC a shainaitheint nó an sainaitheantas a tharraingt siar.

3. Déanfar na cinntí dá bhforáiltear i mír 1 agus i mír 2 a ghlacadh tar éis comhairliúcháin leis an ardán il-gheallsealbhoirí Eorpach um chaighdeánú TFC, ina n-áirítear eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, Ballstáit agus geallsealbhoirí ábhartha, agus tar éis comhairliúcháin leis an gcoiste arna chur ar bun le reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais maidir le comhchuibhiú, más ann don choiste sin, nó, murab ann do choiste den sórt sin, tar éis cineálacha eile comhairliúcháin le saineolaithe earnálacha.

Airteagal 14

Sonraíochtaí teicniúla TFC a úsáid sa soláthar poiblí

Is éard a bheidh i sonraíochtaí teicniúla TFC dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo sonraíochtaí teicniúla coiteanna dá dtagraítear i dTreoir 2004/17/CE, i dTreoir 2004/18/CE agus dTreoir 2009/81/CE, agus i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002.

CAIBIDIL V

CAIGHDEÁNÚ EORPACH A MHAOINIÚ

Airteagal 15

An tAontas do mhaoiniú eagraíochtaí um chaighdeánú

1. Féadfar maoiniú ón Aontas a thabhairt do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú chun na gníomhaíochtaí caighdeánaithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) caighdeáin Eorpacha nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt agus a athbhreithniú, rud is gá agus is iomchuí a dhéanamh chun tacú le reachtaíocht agus beartais an Aontais;
- (b) cáilíocht caighdeán Eorpach nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a fhíorú agus a gcomhréireacht le reachtaíocht chomhfhreagrach agus beartais chomhfhreagracha an Aontais a fhíorú;
- (c) réamhobair nó obair choimhdeach a dhéanamh i dtaca le caighdeánú Eorpach, lena n-áirítear staidéir, gníomhaíochtaí comhair, lena n-áirítear comhar idirnáisiúnta, seimineáir, meastóireachtaí, anailísí comparáideacha, obair thaighde, obair saotharlainne, tástálacha idirshaotharlainne, obair measúnachta comhréireachta agus bearta lena áirithiú go ngiorrófar na tréimhsí chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a fhorbairt agus a athbhreithniú gan dochar do na prionsabail bhunaidh, go háirithe prionsabail na hoscailteachta, na cáilíochta, na trédhearcachta agus na comhlthola i measc na ngeallsealbhoirí uile;
- (d) gníomhaíochtaí lár-rúnaíochtaí na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, lena n-áirítear forbairt beartas, comhordú gníomhaíochtaí caighdeánaithe, próiseáil oibre teicniúla agus soláthar faisnéise do pháirtithe leasmhara;

(e) caighdeáin Eorpacha nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a úsáidtear chun tacú le reachtaíocht agus le beartais an Aontais a aistriú go teangacha oifigiúla an Aontais nach teangacha oibre na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú iad nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí tugtha leo, go teangacha eile nach teangacha oifigiúla de chuid an Aontais iad;

(f) faisnéis a tharraingt suas chun caighdeáin Eorpacha nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a mhíniú, a léiriú agus a shimpliú, lena n-áirítear teoracha d'úsáideoirí a tharraingt suas, achomaireachtaí caighdeán, faisnéis faoi dheachleachtais agus gníomhaíochtaí a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt, mar aon le straitéisí agus cláir oiliúna;

(g) gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu cláir um chúnaimh teicniúil a thabhairt i gcrích, comhar le tríú tíortha agus an córas um chaighdeánú Eorpach chomh maith le caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin a chur chun cinn agus a fheabhsú i measc páirtithe leasmhara san Aontas agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

2. Féadfar maoiniú ón Aontas a thabhairt freisin dóibh seo a leanas:

(a) comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun na gníomhaíochtaí um chaighdeánú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanfaidh na comhlachtaí náisiúnta i gcomhpháirt le heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú;

(b) comhlachtaí eile a bhfuil sé curtha ar iontaoibh dóibh rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, nó an obair dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (g) de mhír 1 a dhéanamh, i gcomhar leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

Airteagal 16

An tAontas do mhaoiniú eagraíochtaí Eorpacha eile

Féadfar maoiniú ón Aontas a thabhairt do na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhair maoiniú ón Aontas do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) feidhmiú na n-eagraíochtaí sin agus feidhmiú a ngníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú Eorpach agus le caighdeánú idirnáisiúnta, lena n-áirítear próiseáil oibre teicniúla agus soláthar faisnéise do chomhaltaí agus do pháirtithe leasmhara eile;

(b) saineolas dlíthiúil agus teicniúil a sholáthar, lena n-áirítear staidéir, i ndáil le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin agus i ndáil le forbairt na gcaighdeán agus na dtáirgí sin mar aon le saineolaithe a oiliúint;

(c) páirt a ghlacadh san obair theicniúil i dtaca le forbairt agus athbhreithniú caighdeán Eorpach agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin, rud is gá agus is iomchuí chun tacú le reachtaíocht agus beartais an Aontais;

(d) caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin, chomh maith le faisnéis faoi chaighdeáin agus a n-úsáid, a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara, lena n-áirítear FBManna agus tomhaltóirí.

Airteagal 17

Socruithe um maoiniú

1. Is mar seo a leanas a chuirfear maoiniú ón Aontas ar fáil:

(a) trí dheontais d'uireasa glao ar thairiscintí, nó trí chonarthaí i ndiaidh nósanna imeachta um sholáthar poiblí, a thabhairt dóibh seo a leanas:

(i) eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 15(1) a dhéanamh;

(ii) comhlachtaí atá sainaitheanta le gníomh bhunúsach, de réir bhrí Airteagal 49 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002, chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 15(1) den Rialachán seo a chur i gcrích i gcomhar leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú;

(b) trí dheontais tar éis glao ar thairiscintí, nó trí chonarthaí i ndiaidh nósanna imeachta um sholáthar poiblí, a thabhairt do chomhlachtaí eile dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 15(2):

(i) chun rannchuidiú le forbairt agus athbhreithniú caighdeán Eorpach agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 15(1);

(ii) chun an réamhobair nó obair choimhdeach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 15(1) a dhéanamh;

(iii) chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 15(1) a dhéanamh;

(c) trí dheontais tar éis glao ar thairiscintí a thabhairt do na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhair maoiniú ón Aontas chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16 a dhéanamh.

2. Féadfar gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 a mhaoiniú:

(a) trí dheontais le haghaidh gníomhaíochtaí;

(b) trí dheontais oibriúcháin do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus do na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002. I gcás athnuachana, ní dhéanfar na deontais oibriúcháin a laghdú go huathoibríoch.

3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis na socrúithe um maoiniú dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, maidir le suimeanna na ndeontas agus, i gcás inar gá, maidir le huaschéatadán an mhaoinithe de réir chineál na gníomhaíochta.

4. Ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe, is i gcnaphshuimeanna a thabharfar deontais chun na gníomhaíochtaí caighdeánaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 15(1) a dhéanamh agus i gcás na ngníomhaíochtaí caighdeánaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 15(1) iocfar na deontais sin ar na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) go nglacfar caighdeán Eorpacha nó táirgí Eorpacha caighdeánúcháin arna n-iarraidh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10 nó go ndéanfar athbhreithniú orthu laistigh de thréimhse nach faide ná an tréimhse atá sonraithe san iarraidh dá dtagraítear san Airteagal sin;

(b) go ndéanfar ionadaíocht shásúil ar FBManna, eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sóisialta in gníomhaíochtaí Eorpacha caighdeánúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), agus go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach san obair sin.

5. Maidir leis na comhchuspóirí comhair agus na coinníollacha riaracháin agus airgeadais a bhaineann le deontais a thugtar d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus do na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar iad a shainmhíniú sna creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta arna síniú idir an Coimisiún agus na heagraíochtaí um chaighdeánú agus na geallsealbhóirí sin, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2342/2002. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin.

Airteagal 18

Bainistíocht

Maidir leis na leithreasáí a chinneadh an t-údarás buiséadach chun gníomhaíochtaí caighdeánaithe a mhaoiniú, féadfaidh siad na costais riaracháin a chumhdach freisin abhaineann leis an ullmhúchán, faireachán, cigireacht, iniúchadh agus meastóireacht is gá go díreach chun Airteagal 15, Airteagal 16 agus Airteagal 17 a chur chun feidhme, lena n-áirítear staidéir, cruinnithe, gníomhaíochtaí faisnéise agus foilseacháin, caiteachais a bhaineann le líonraí faisnéisíochta d'fhonn faisnéis a mhaltú agus aon chaiteachas eile ar chúnamh riaracháin agus teicniúil a fhéadfaidh an Coimisiún a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí caighdeánaithe.

Airteagal 19

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

1. Nuair a dhéanfar na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin Rialachán seo a chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus trí shuimeanna a iocadh go míchuí a ghnóthú, agus, má dhéantar neamhrial-

tachtaí a bhrath, trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a ghearradh, i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999.

2. I gcás gníomhaíochtaí de chuid an Aontais arna maoiniú de bhun an Rialacháin seo, ciallóidh coincheap na neamhrialtachta a shainítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 aon sárú ar fhoráil de dhlí an Aontais nó aon sárú ar oibleagáid chonarthaigh a éiríonn as gníomh nó neamhghníomh de chuid oibreora eacnamaíoch agus a bhfuil d'éifeacht leis an sárú sin, nó a mbeadh d'éifeacht leis, dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta an Aontais nó do bhuiséid arna mbainistiú ag an Aontas trí mhír chaiteachais nach bhfuil údar maith léi.

3. Forálfar in aon chomhaontuithe agus conarthaí a dhéanfar de thoradh an Rialacháin seo go ndéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh an Coimisiún, faireachán agus rialú airgeadais agus go ndéanfaidh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa iniúchtaí, ar iniúchtaí iad a fhéadfar a dhéanamh ar an láthair más gá.

CAIBIDIL VI

GNÍOMHARHTHA TARMGLIGTHE, AN COISTE AGUS TUAIRISCIÚ A DHÉANAMH

Airteagal 20

Gníomhartha tarmligthe

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 21 maidir le leasuithe ar na hlarscríbhinní, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) liosta na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thabhairt chun dáta chun athruithe ina n-ainm nó ina struchtúr a chur san áireamh;

(b) na critéir a bhaineann le heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a oiriúnú do thuilleadh forbairtí maidir leo a bheith neamhbhrabúsach agus ionadaíoch. Ní bheidh d'éifeacht ag na hoiriúnuithe sin aon chritéir nua a chruthú nó aon chritéir nó catagóir eagraíochta atá cheana ann a dhíbhe.

Airteagal 21

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an cumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 20 a ghlacadh, tabharfar don Choimisiún í go ceann tréimhse cúig bliana ón 1 Eanáir 2013. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 20 a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithé a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar de bhun Airteagal 20 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 22

An nós imeachta coiste

1. Beidh coiste cúnamh de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den tréimhse atá leagtha síos chun an tuairim a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

Airteagal 23

Comhar an choiste le heagraíochtaí um chaighdeánú agus le geallsealbhóirí

Oibreoidh an coiste dá dtagraítear in Airteagal 22(1) i gcomhar leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú agus leis na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha a fhaigheann maoiniú ón Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 24

Tuascálacha

1. Cuirfidh na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú tuascáil bhliantúil chuig an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh faisnéis mhionsonraithe inti faoi na nithe seo a leanas:

(a) cur i bhfeidhm Airteagail 4, 5, 10, 15 agus 17;

(b) ionadaíocht ar FBManna, eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sóisialta i gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú;

(c) ionadaíocht ar FBManna ar bhonn na dtuascálacha dá dtagraítear in Airteagal 6(3);

(d) úsáid TFC sa chóras caighdeánaithe;

(e) an comhar idir comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

2. Maidir leis na heagraíochtaí geallsealbhóirí Eorpacha, a fuair maoiniú Aontais i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad tuascáil bhliantúil a chur chuig an gCoimisiún faoina ngníomhaíochtaí. Beidh go háirithe sa tuascáil sin faisnéis mhionsonraithe faoi chomhaltas na n-eagraíochtaí sin agus faoi na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 16.

3. Faoin 31 Nollaig 2015, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tiolacfaidh an Coimisiún tuascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Beidh sa tuascáil sin anailís ar na tuascálacha bliantúla dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, meastóireacht ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí caighdeánaithe a fhaigheann maoiniú ón Aontas i bhfianaise cheanglais reachtaíochta agus bheartais an Aontais chomh maith le measúnú ar bhearta nua a d'fhéadfadh a bheith ann chun simpliú a dhéanamh ar mhaoiniú an chaighdeánaithe Eorpaigh agus chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin do na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

Airteagal 25

Athbhreithniú

Faoin 2 Eanáir 2015, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar an nós imeachta arna bhunú le hAirteagal 10 den Rialachán seo maidir leis an tréimhse ama chun iarrataí ar chaighdeánú a eisiúint. Déanfaidh an Coimisiún a chonclúidí a thíolacadh i dtuascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an tuascáil sin.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 26

Leasuithe

1. Scriostar na forálacha seo a leanas:

(a) Airteagal 6(1) de Threoir 89/686/CEE;

(b) Airteagal 5 de Threoir 93/15/CEE;

(c) Airteagal 6(1) de Threoir 94/9/CE;

(d) Airteagal 6(1) de Threoir 94/25/CE;

(e) Airteagal 6(1) de Threoir 95/16/CE;

(f) Airteagal 6 de Threoir 97/23/CE;

- (g) Airteagal 14 de Threoir 2004/22/CE;
- (h) Airteagal 8(4) de Threoir 2007/23/CE;
- (i) Airteagal 7 de Threoir 2009/23/CE;
- (j) Airteagal 6 de Threoir 2009/105/CE.

Déanfar tagairtí do na forálacha scriosta sin a fhorléiriú mar thagairtí d'Airteagal 11 den Rialachán seo.

2. Leasaítear Treoir 98/34/CE leis seo mar a leanas:

- (a) in Airteagal 1, scriostar mír 6 go mír 10;
- (b) scriostar Airteagal 2, Airteagal 3 agus Airteagal 4;
- (c) in Airteagal 6(1), scriostar na focail “leis na hionadaithe thar ceann na n-institiúidí um chaighdeán dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II”;
- (d) in Airteagal 6(3), scriostar an chéad fhleasc;
- (e) in Airteagal 6(4), scriostar pointe (a), pointe (b) agus pointe (e);
- (f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

I gcomhréir le hAirteagal 8(1), cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún na hiarrataí go léir a dhéantar chuig institiúidí um chaighdeánú lena n-iarrrtar orthu sonraíochtaí teicniúla nó caighdeán i gcomhair táirgí sainiúla a tharraingt suas ionas go ndéanfar rialachán teicniúil a achtú le haghaidh na dtáirgí sin mar dhréacht-rialacháin theicniúla, agus luafaidh siad na forais atá ann dá n-achtú.”;

- (g) in Airteagal 11, cuirtear an abairt seo a leanas in ionad an dara habairt:

“Foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* staidreamh bliantúil maidir leis na fógraí a fhaightear.”;

- (h) scriostar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.

Déanfar na tagairtí do na forálacha sin atá scriosta a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus déanfar iad a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 27

Comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina gcomhlachtaí um chaighdeánú.

Déanfaidh an Coimisiún liosta de na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, chomh maith le haon athruithe a dhéantar ar an liosta sin chun é a thabhairt cothrom le dáta, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 28

Forálacha idirthréimhseacha

I ngníomhartha de chuid an Aontais ina ndéantar foráil do thiomhde comhréireachta le ceanglais fhíor-riachtanacha trí chaighdeán chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Treoir 98/34/CE a chur i bhfeidhm, déanfar tagairtí do Threoir 98/34/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo, seachas tagairtí don choiste arna chur ar bun le hAirteagal 5 de Threoir 98/34/CE maidir le rialacháin theicniúla.

I gcás ina ndéantar foráil i ngníomh de chuid an Aontais do nós imeachta chun agóid a dhéanamh i gcoinne caighdeán comhchuibhithe, ní bheidh feidhm ag Airteagal 11 den Rialachán seo maidir leis an ngníomh sin.

Airteagal 29

Aisghairm

Aisghairtear leis seo Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE agus Cinneadh 87/95/CEE.

Déanfar tagairtí do na Cinní aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus déanfar iad a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 30

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2013.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

*IARSCRÍBHINN I***EAGRAÍOCHTAÍ EORPACHA UM CHAIGHDEÁNÚ**

1. CEN — An Coiste Eorpach um Chaighdeánú
 2. Cenelec — An Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictreicniúil
 3. ETSI — Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide
-

IARSCRÍBHINN II

CEANGLAIS MAIDIR LE SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA TFC A SHAINAITHINT

1. Tá glacadh sa mhargadh le sonraíochtaí teicniúla agus ní chuireann cur chun feidhme na sonraíochtaí sin isteach ar idir-inoibritheacht le cur chun feidhme na gcaighdeán Eorpach ná na gcaighdeán idirnáisiúnta atá ann cheana. Is féidir glacadh sa mhargadh a chur in iúl le samplaí oibríochtúla ó dhíoltóirí éagsúla de shonraíochtaí a cuireadh chun feidhme go comhlíontach.
2. Tá na sonraíochtaí teicniúla comhleanúnach mar nach bhfuil siad contrártha do chaighdeán Eorpacha, is é sin le rá go gclúdaíonn siad fearainn nach bhfuiltear ag tuar go mbeidh caighdeán Eorpacha nua le glacadh iontu laistigh de thréimhse réasúnach ama, nach bhfuil glacadh sa mhargadh bainte amach iontu ag caighdeán atá cheana ann nó a bhfuil na caighdeáin sin tite as feidhm, agus nach bhfuiltear ag tuar iontu go ndéanfar sonraíochtaí teicniúla a thrasú isteach i dtáirgí Eorpacha caighdeánúcháin laistigh de thréimhse réasúnach ama.
3. Eagraíocht neamhbhrabúsach, ar eagraíocht í atá ina cumann gairmiúil, comhlachas tionsclaíochta nó trádála nó aon eagraíocht chomhaltais eile a dhéanann, faoi chuimsiú a réimse saineolais féin, sonraíochtaí teicniúla TFC a fhorbairt agus nach eagraíocht Eorpach, náisiúnta ná idirnáisiúnta um chaighdeánú í, a rinne na sonraíochtaí teicniúla sin a fhorbairt trí phróisis a chomhlíonann na critéir seo a leanas:
 - (a) oscailteacht:

forbraíodh na sonraíochtaí teicniúla ar bhonn cinnteoireachta oscailte atá inrochtana ag na páirtithe leasmhara uile sa mhargadh nó i margai ar a mbeidh tionchar ag na sonraíochtaí teicniúla sin;
 - (b) comhthoil:

próiseas comhoibríoch, bunaithe ar chomhthoil a bhí sa phróiseas cinnteoireachta agus níor tugadh fabhar d'aon gheallsealbhoir ar leith. Ciallaíonn comhthoil comhaontú ginearálta, comhaontú arb éard is príomhghnéithe ann nach mbíonn aon chuid thábhachtach de na leasanna lena mbaineann i gcoinne saincheisteanna substaintiúla ar bhonn leanúnach agus go bhfuiltear ag féachaint le tuairimí na bpáirtithe uile lena mbaineann a chur san áireamh agus aon argóintí contrártha a réiteach. Ní hintuigthe ó chomhthoil gurb ionann é le haontoilíocht;
 - (c) trédhearcacht:
 - (i) maidir leis an bhfaisnéis uile a bhaineann le plé teicniúil agus le cinnteoireacht, rinneadh í a chur i gcartlann agus a shainaithint;
 - (ii) rinneadh faisnéis maidir le gníomhaíochtaí nua caighdeánaithe a fhógairt go poiblí agus go forleathan ar bhealaí oiriúnacha agus inrochtana;
 - (iii) iarradh ar chatagóirí ábhartha uile na bpáirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach d'fhonn cothromaíocht a bhaint amach;
 - (iv) rinneadh barúlacha na bpáirtithe leasmhara a mheas agus tugadh freagraí dóibh.
4. Tá na sonraíochtaí teicniúla ag comhlíonadh na gceanglas seo a leanas:
 - (a) cothabháil: ráthaítear tacaíocht agus cothabháil leanúnach thar thréimhse fhada do shonraíochtaí foilsithe;
 - (b) infhaighteacht: tá fáil ag an bpobal ar na sonraíochtaí lena gcur chun feidhme agus féadfaidh an pobal iad a úsáid ar théarmaí réasúnta (lena n-áirítear ar tháille réasúnta nó saor in aisce);
 - (c) maidir le cearta maoine intleachtúla atá sár-riachtanach do chur chun feidhme sonraíochtaí, is ar bhonn (cothrom) réasúnta agus neamh-idirdhealaitheach ((F)RAND) atá siad ceadúnaithe d'iarratasóirí, lena n-áirítear, de rogha shealbhóir an chirt maoine intleachtúla, maoin intleachtúil sár-riachtanach a cheadúnú gan chúiteamh;
 - (d) ábharthacht:
 - (i) sonraíochtaí éifeachtacha agus ábhartha atá iontu;
 - (ii) ní mór do na sonraíochtaí freagairt do riachtanais an mhargaidh agus do cheanglais rialála;
 - (e) neodracht agus cobhsaíocht:
 - (i) aon uair is féidir, is ar fheidhmíocht atá na sonraíochtaí dírithe, seachas ar shaintréithe a bhaineann le ceapadh nó ar shaintréithe tuairisciúla;
 - (ii) ní dhéantar an margadh a shaobhadh leis na sonraíochtaí agus ní chuirtear teorann leis na féidearthachtaí do lucht chur chun feidhme iomaíocht agus nuálaíocht a fhorbairt, ar iomaíocht agus nuálaíocht iad atá bunaithe ar na sonraíochtaí sin;
 - (iii) is ar fhorbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta ardchéime a bhunaítear sonraíochtaí;

(f) cáilíocht:

- (i) is leor cáilíocht agus leibhéal an mhionsonraithe le gur féidir forbairt a dhéanamh ar bhealaí éagsúla iomaíocha cur chun feidhme ar tháirgí agus seirbhísí idir-inoibritheacha;
 - (ii) ní dhéanann aon duine seachas na heagraíochtaí a ghlac na sonraíochtaí teicniúla comhéadain chaighdeánaithe a chur faoi cheilt ná faoi rialú.
-

IARSCRÍBHINN III

EAGRAÍOCHTAÍ GEALLSEALBHÓIRÍ EORPACHA IS INCHÁILITHE DO MHAOINIÚ ÓN AONTAS

1. Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar FBManna i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú Eorpach agus:
 - (a) atá neamhrialtasach agus neamhbhrabúsach;
 - (b) a bhfuil mar chuspóirí agus gníomhaíochtaí reachtúla aici ionadaíocht a dhéanamh ar FBManna sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach, an fheasacht ar chaighdeánú a mhéadú ina measc agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach sa phróiseas caighdeánúcháin;
 - (c) ar thug eagraíochtaí neamhbhrabúsacha a dhéanann ionadaíocht ar FBManna sainordú di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna FBManna sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach.
 2. Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar thomhaltóirí i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú Eorpach agus:
 - (a) atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;
 - (b) a bhfuil mar chuspóirí agus gníomhaíochtaí reachtúla aici ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na dtomhaltóirí sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach;
 - (c) a bhfuil sainordú tugtha ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta tomhaltóirí di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na dtomhaltóirí sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach.
 3. Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar leasanna comhshaoil i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú Eorpach agus:
 - (a) atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, ar leasanna tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;
 - (b) a bhfuil mar chuspóirí agus gníomhaíochtaí reachtúla aici ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna comhshaoil sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach;
 - (c) a bhfuil sainordú tugtha ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta comhshaoil di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna comhshaoil sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach.
 4. Eagraíocht Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar leasanna sóisialta i ngníomhaíochtaí um chaighdeánú Eorpach agus:
 - (a) atá neamhrialtasach, neamhbhrabúsach agus neamhspleách ar leasanna tionsclaíochta, ar leasanna tráchtála agus gnó nó ar leasanna contrártha eile;
 - (b) a bhfuil mar chuspóirí agus gníomhaíochtaí reachtúla aici ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna sóisialta sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach;
 - (c) a bhfuil sainordú tugtha ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha náisiúnta sóisialta di, in dhá thrian de na Ballstáit ar a laghad, chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna sóisialta sa phróiseas caighdeánúcháin ar leibhéal Eorpach.
-

IARSCRÍBHINN IV

TÁBLA COMHGHAOIL

Treoir 98/34/CE	An Rialachán seo
Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (6)	Airteagal 2(1)
Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (7)	—
Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (8)	Airteagal 2(3)
Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (9)	Airteagal 2(8)
Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (10)	Airteagal 2(10)
Airteagal 2(1)	Airteagal 3(1)
Airteagal 2(2)	Airteagal 3(2)
Airteagal 2(3)	Airteagal 3(3) agus (4)
Airteagal 2(4)	Airteagal 27
Airteagal 2(5)	Airteagal 20(a)
Airteagal 3	Airteagal 4(1)
Airteagal 4(1)	Airteagal 3(3) agus (5) agus Airteagal 4(4)
Airteagal 4(2)	—
Airteagal 6(3), an chéad fhleasc	—
Airteagal 6(4)(a)	Airteagal 20(a)
Airteagal 6(4)(b)	—
Airteagal 6(4)(e)	Airteagal 10(2)
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Airteagal 27
Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2 agus Airteagal 3	Airteagal 15
Airteagal 4	—
Airteagal 5	Airteagal 17
Airteagal 6(1)	Airteagal 18
Airteagal 6(2)	Airteagal 24(3)
Airteagal 7	Airteagal 19
Cinneadh 87/95/CEE	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 2
Airteagal 2	Airteagal 3
Airteagal 3	Airteagal 13

Cinneadh 87/95/CEE	An Rialachán seo
Airteagal 4	Airteagal 8
Airteagal 5	Airteagal 14
Airteagal 6	—
Airteagal 7	—
Airteagal 8	Airteagal 24(3)
Airteagal 9	—

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1026/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 25 Deireadh Fómhair 2012

maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) De réir mar a fhoráiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 ("Unclos") agus i gComhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mórimirceach an 4 Lúnasa 1995 ("UNFSA") a chur chun feidhme, chun stoic éisc áirithe chomhroinnte, stoic éisc traslimistéir áirithe agus stoic éisc mhórimirceacha áirithe a bhainistiú teastaíonn comhar gach tíre a bhfuil an stoc ina huiscí (na Stáit chósta) agus na tíortha a saothraíonn a gcabhlach an stoc sin (na Stáit iascaireachta). Féadfar an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha um bhainistíocht iascaigh (ERBlanna) nó, mura bhfuil inniúlacht ag ERBlanna maidir leis an stoc i gceist, trí bhíthin socruithe *ad hoc* i measc na dtíortha a bhfuil leas san iascach sin acu.
- (2) Maidir le tríú tír a bhfuil leas aici in iascach lena mbaineann stoc ar leas coiteann don tír sin agus don Aontas é, i gcás ina gceadaíonn tír den sórt sin, gan aird chuig a thabhairt ar phátrúin iascaireachta atá ann cheana féin nó ar chearta, dualgais agus leasanna tíortha eile agus an Aontais, gníomhaíochtaí iascaireachta a chuirfidh inbhuanaitheacht an stoic sin i mbaol, agus i gcás ina mainníonn sí comhoibriú le tíortha eile agus leis an Aontas chun é a bhainistiú, ba cheart bearta sonracha a ghlacadh chun rannchuidiú na tíre sin le caomhnú an stoic sin a spreagadh.
- (3) Ba cheart a mheas go bhfuil stoic éisc i staid neamh-inbhuanaithe nuair nach gcoinnítear iad go leanúnach ar na leibhéil, nó os cionn na leibhéil, ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh, nó, mura féidir meastachán a dhéanamh ar na leibhéil seo, nuair nach

ndéantar na stoic a choinneáil go leanúnach laistigh de na teorainneacha bitheolaíocha sábháilte.

- (4) Is gá na coinníollacha a shainiú faoinar féidir a mheas gur tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe tír agus faoinar féidir tír a bheith faoi réir beart faoin Rialachán seo, lena n-áirítear próiseas a thabharfaidh an ceart éisteacht a fháil do na tíortha lena mbaineann agus a thabharfaidh deis dóibh beart ceartaitheach a dhéanamh.
- (5) Thairis sin, is gá an cineál beart a fhéadfar a dhéanamh i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a shainiú agus coinníollacha ginearálta a bhunú chun bearta den sórt sin a ghlacadh ionas go mbeidh siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus go mbeidh siad cothromasach, costéifeachtach agus comhoiriúnach leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.
- (6) Ba cheart na bearta den sórt sin a bheith dírithe ar dhíchur na ndreasachtaí atá ann do na tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe, iascaireacht a dhéanamh ar an stoc ar leas coiteann é. Féadfar é sin a bhaint amach, *inter alia*, trí shrian a chur ar allmhairiú táirgí éisc arna ngabháil ag soithí a dhéanann iascaireacht ar stoc ar leas coiteann é atá faoi rialú na tíre a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe, trí shrian a chur ar rochtain na soithí sin ar chalafoirt, nó trí chosc a chur ar úsáid soithí iascaireachta ón Aontas nó trealamh iascaireachta ón Aontas chun iascaireacht a dhéanamh ar an stoc ar leas coiteann é atá faoi rialú na tíre a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe.
- (7) D'fhonn a áirithiú go mbeidh gníomhaíocht an Aontais chun stoic éisc a chaomhnú éifeachtach agus comhoiriúnach, tá sé den tábhacht go dtabharfar aird ar na bearta atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíchur ⁽³⁾.
- (8) D'fhonn a áirithiú go bhfuil bearta arna nglacadh i gcoinne tíre faoin Rialachán seo fóna ó thaobh an chomhshaoil de, éifeachtach, comhréireach agus comhoiriúnach le rialacha idirnáisiúnta, is gá meastóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí comhshaoil, trádála, eacnamaíocha agus sóisialta a mbeifear ag súil leo de bharr beart den sórt sin, sula nglacfar iad.
- (9) Más rud é go bhfuil na bearta arna nglacadh i gcoinne tíre faoin Rialachán seo neamhéifeachtach agus má leantar, i gcás na tíre sin, de bheith á meas mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe, féadfar bearta breise a ghlacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

⁽¹⁾ IO C 229, 31.7.2012, lch. 112.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2012.

⁽³⁾ IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

- (10) Ba cheart do na bearta arna nglacadh i gcoinne tíre faoin Rialachán seo scor d'fheidhm a bheith acu an tráth a ghlacfaidh an tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe na bearta is gá chun rannchuidiú le caomhnú an stoic ar leas coiteann é.
- (11) D'fhonn coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca le tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a shainathint, le bearta a ghlacadh i ndáil leis an tír sin agus le cinneadh gur cheart go scoirfeadh bearta den sórt sin d'fheidhm a bheith acu. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ⁽¹⁾.
- (12) Ba cheart don Choimisiún bearta cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le deireadh cur i bhfeidhm beart arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo, ina n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne,
- (c) ciallaíonn “eagraíocht réigiúnach um bainistíocht iascaigh” nó “ERBI” eagraíocht fhoréigiúnach nó réigiúnach nó eagraíocht chomhchosúil a bhfuil sé d'inniúlacht aici faoin dlí idirnáisiúnta bearta caomhnaithe agus bainistíochta a bhunú i gcomhair beo-acmhainní muirí a cuireadh faoina freagracht de bhua an choinbhinsiúin nó an chomhaontaithe lenar bunaíodh í;
- (d) ciallaíonn “allmhairiú” iasc nó táirgí éisc a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, lena n-áirítear lena dtrasloingsiú ag calafoirt ina chríoch;
- (e) ciallaíonn “trasloingsiú” na táirgí iascaigh go léir, nó cuid díobh, atá ar bord soithigh iascaireachta a dhílucltú chuig soitheach iascaireachta eile;
- (f) ciallaíonn “staid neamh-inbhuanaithe” an dáil sa chás nach gcoinnítear an stoc go leanúnach ar na leibhéil, nó os cionn na leibhéil, ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh nó, mura féidir meastachán a dhéanamh ar na leibhéil sin, sa chás nach ndéantar an stoc a choinneáil go leanúnach laistigh de na teorainneacha bitheolaíocha sábháilte; tá na leibhéil stoic lena gcinnfear an bhfuil an stoc i staid neamh-inbhuanaithe le cinneadh ar bhonn na fianaise eolaíche is fearr a bheidh ar fáil;

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos creat chun bearta áirithe a ghlacadh maidir le gníomhaíochtaí agus le beartais tríú tíortha, ar nithe iad a bhaineann le hiascach, d'fhonn caomhnú fadtéarmach a áirithiú i gcás stoc éisc ar leas coiteann iad don Aontas agus do na tríú tíortha sin.

2. Féadfaidh feidhm a bheith ag na bearta arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo i ngach cás inar gá comhar idir tríú tíortha agus an tAontas chun stoic ar leas coiteann iad a chomhbhainistiú, lena n-áirítear cás ina ndéanfar an comhar sin i gcomhlathas ERBI nó comhlachta chomhchosúla.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “stoc ar leas coiteann é” stoc éisc atá ar fáil don Aontas agus do thríú tíortha araon de bharr a dháilte gheografaigh agus ar stoc éisc é ar gá comhar idir tíortha den sórt sin agus an tAontas, i gcúinsí déthaobhacha nó ilthaobhacha, chun é a bhainistiú;
- (b) ciallaíonn “speicis bhainteacha” aon iasc a thagann ón éiceachóras céanna leis an stoc ar leas coiteann é agus a dhéanann seilg ar an stoc sin, a ndéanann an stoc sin seilg air, a théann in iomaíocht leis le haghaidh bia agus spáis mhaireachtála nó atá sa limistéar céanna iascaireachta agus a shaothraítear nó a thógtar isteach go taismeach san iascach céanna nó sna hiascaigh chéanna;

- (g) ciallaíonn “teorainneacha bitheolaíocha sábháilte” fóireacha mhéid an stoic ar laistigh díobh gurb ann d'ardleibhéil dóchúlachta gur féidir leis an stoc é féin a athsholáthar agus ag an am céanna iascaigh ardtáirgthe a cheadú ann;
- (h) ciallaíonn “tír” tríú tír, lena n-áirítear críocha a bhfuil stádas féinrialaitheach acu agus a bhfuil inniúlachtaí acu i réimse caomhnaithe agus bainistithe beo-acmhainní muirí.

Airteagal 3

Tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe

Féadfar tír a shainathint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe i gcás:

- (a) ina mainníonn sí comhoibriú chun stoc ar leas coiteann é a bhainistiú agus forálacha Unclos agus UNFSA á gcomhlíonadh go hiomlán, nó le forálacha aon chomhaontaithe idirnáisiúnta eile nó aon norm den dlí idirnáisiúnta; agus
- (b) inarb amhlaidh:
- (i) go mainníonn sí bearta bainistíochta iascaigh riachtanacha a ghlacadh; nó
- (ii) go nglacann sí bearta bainistíochta iascaigh gan aird chuí a thabhairt ar chearta, dualgais agus leasanna tíortha eile agus an Aontais, agus go dtagann de na bearta bainistíochta iascaigh sin, arna mbreithniú i dteannta beart arna ndéanamh ag tíortha eile agus ag an Aontas, gníomhaíochtaí iascaireachta a bhféadfadh staid neamh-inbhuanaithe an stoic a bheith de thoradh orthu. Meastar an coinníoll seo a bheith comhlíonta freisin sa chás, maidir leis na bearta bainistíochta iascaigh arna nglacadh ag an tír sin, nár tháinig díobh

⁽¹⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

bainistíocht neamh-inbhuanaithe ach amháin de thoradh beart arna nglacadh ag tíortha eile agus dá dtoradh sin amháin.

Airteagal 4

Bearta i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta seo a leanas a ghlacadh i ndáil le tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe:

- (a) an tír sin a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe;
- (b) soithí sonracha nó cabhlaigh shonracha de chuid na tíre sin a bhfuil feidhm le bheith ag bearta áirithe maidir leo a shainaithint, más gá;
- (c) srianta cainníochtúla a chur ar allmhairithe éisc d'iasc ón stoc ar leas coiteann é a gabhadh faoi rialú na tíre sin, agus ar allmhairithe táirgí éisc atá déanta d'iasc den sórt sin nó ina bhfuil iasc den sórt sin;
- (d) srianta cainníochtúla a chur ar allmhairí éisc d'aon speiceas bainteach sa chás gur gabhadh é le linn iascaireacht a dhéanamh ar an stoc ar leas coiteann é agus atá faoi rialú na tíre sin, agus ar allmhairithe táirgí éisc atá déanta d'iasc den sórt sin nó ina bhfuil iasc den sórt sin; tráth a nglacfaidh an Coimisiún an beart, déanfaidh sé a chinneadh, cé na speicis agus a ngabhálacha a thagann faoi chuimsiú raon feidhme an bhirt, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán seo, agus prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm;
- (e) srianta a chur ar úsáid chalafoirt an Aontais ag soithí a bhfuil bratach na tíre sin ar foluain acu, ar soithí iad a iascann an stoc ar leas coiteann é agus/nó speicis ghaolmhara agus a iompraíonn iasc agus táirgí iascaigh a thionscnaíonn ón stoc ar leas coiteann é agus/nó speicis ghaolmhara a ghabh soithí a bhfuil bratach na tíre sin ar foluain acu nó a ghabh soithí a bhí údraithe ag an tír sin cé go raibh bratach eile ar foluain acu; ní bheidh feidhm ag srianta den sórt sin i gcásanna *force majeure* ná i gcásanna éigeantais de réir bhrí Airteagal 18 Unclos maidir le seirbhísí is fíorghá chun na staideanna sin a leigheas;
- (f) toirmeasc a chur ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais soithí iascaireachta a bhfuil bratach na tíre sin ar foluain acu a cheannach;
- (g) toirmeasc a chur ar shoithí a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu a mbratach a athrú chun go mbeadh bratach aon cheann de na tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe ar foluain acu;
- (h) toirmeasc a chur ar Bhallstáit a údarú go dtabharfaí comhaontuithe cairtfhostaithe i gcrích sa chás go gcairtfhostaíonn oibreoirí eacnamaíocha an Aontais a soithí d'oibreoirí eacnamaíocha de chuid na tíre sin;
- (i) toirmeasc a chur ar shoithí iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, nó ar threalamh agus soláthairtí iascaireachta a bhfuil gá leo chun iascaireacht a dhéanamh ar an stoc ar leas coiteann é, a onnmhairiú chuig an tír sin;

(j) toirmeasc a chur ar chomhaontuithe trádála príobháideacha a thabhairt i gcrích idir oibreoirí eacnamaíocha an Aontais agus oibreoirí an tír sin a bhfuil sé d'aidhm acu a chumasú do shoitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu leas a bhaint as deiseanna iascaireachta de chuid na tíre sin;

(k) toirmeasc a chur ar chomhoibríochtaí iascaireachta ina bhfuil baint ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu agus soithí iascaireachta a bhfuil bratach na tíre sin ar foluain acu.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

Airteagal 5

Ceanglais ghinearálta maidir leis na bearta arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo

1. Maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4:

- (a) bainfidh siad le caomhnú an stoic ar leas coiteann é;
- (b) tabharfar éifeacht dóibh i dteannta srianta ar iascaireacht ag soithí de chuid an Aontais nó ar tháirgeadh nó ar thomhailt laistigh den Aontas i ndáil le hiasc den speiceas ar glacadh na bearta ina thaobh, agus i ndáil le táirgí éisc déanta d'iasc den sórt sin nó ina bhfuil iasc den sórt sin;
- (c) beidh siad comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, agus beidh siad comhoiriúnach leis na hoibleagáidí arna bhforchur, le comhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas agus le haon noirm ábhartha eile den dlí idirnáisiúnta.
- 2. Sna bearta dá dtagraítear in Airteagal 4, cuirfear bearta a ghlacadh cheana de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 i gcutas.
- 3. Ní chuirfear na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 i bhfeidhm ar bhealach go bhféadfaí áis a bhaint astu le haghaidh idirdhealú treallach ná idirdhealú gan bunús idir tíortha ina bhfuil na coinníollacha céanna i réim, ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta.
- 4. Nuair a bheidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 á nglacadh aige, déanfaidh an Coimisiún, chun a áirithiú go bhfuil na bearta sin fónta ó thaobh an chomhshaoil de, éifeachtach, comhréireach agus comhoiriúnach le rialacha idirnáisiúnta, meastóireacht ar na héifeachtaí comhshaoil, trádála, eacnamaíocha agus sóisialta a bheidh ag na bearta sin sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma agus ar an ualach riaracháin a bhainfidh lena gcur chun feidhme.
- 5. Maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4, forálfar leo maidir le córas iomchuí i gcomhair a bhforfheidhmithe ag údarais inniúla.

Airteagal 6

Nósanna imeachta sula nglacfar bearta i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe

1. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 a ghlacadh, tabharfaidh sé fógra don tír i dtrácht go bhfuil sé ar intinn aige í a shainaithint mar thír a

cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe. I gcásanna den sórt sin, cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach.

2. Maidir leis an fógra sin, beidh faisnéis ar áireamh ann maidir leis na fáthanna a bhfuil an tír sin arna sainaitheint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe agus tabharfar tuairisc ann ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ina taobh de bhun an Rialacháin seo.

3. Sula nglacfaidh sé bearta dá dtagraítear in Airteagal 4, tabharfaidh an Coimisiún deis réasúnach don tír i dtrácht freagra a thabhairt i scríbhinn ar an bhfógra agus an staid a leigheas laistigh de mhí amháin ón bhfógra sin a fháil.

Airteagal 7

Tréimhse chur i bhfeidhm na mbeart i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe

1. Scoirfidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 d'fheidhm a bheith acu tráth a dhéanfaidh an tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe bearta ceartaitheacha iomchuí a ghlacadh, ar bearta iad is gá chun an stoc ar leas coiteann é a chaomhnú agus a bhainistiú, agus ar bearta ceartaitheacha iad:

- (a) a glacadh go huathrialaitheach, nó a comhaontaíodh i gcomhthéacs comhairliúcháin leis an Aontas agus, más infheidhme, le tíortha eile lena mbaineann; agus
- (b) nach mbainfidh an bonn d'éifeacht beart arna nglacadh ag an Aontas go huathrialaitheach nó i gcomhar le tíortha eile, chun críche chaomhnú na stoc éisc lena mbaineann.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena gcinnfear cé acu an bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos i mír 1 comhlíonta agus lena bhforálfar, más gá, go scoirfidh na bearta arna nglacadh maidir leis an tír lena mbaineann de bhun Airteagal 4 d'fheidhm a bheith acu. Déanfar na gníomhartha cur

chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo, agus a bhaineann le briseadh eacnamaíoch nó sóisialta gan choinne, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh le cur i bhfeidhm láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8(3) chun a chinneadh go bhfuil na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 4 chun scor d'fheidhm a bheith acu.

Airteagal 8

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 de.

4. Déanfar torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 5(4) a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i dteannta na ndoiciméad dá dtagraítear ann.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 1027/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 25 Deireadh Fómhair 2012**

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a mhéid a bhaineann le cógas-aireachas

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 168(4)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽²⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) D'fhonn trédhearcacht maidir le faireachas ar tháirgí míochaine údaraithe a áirithiú, ba cheart táirgí míochaine atá faoi réir coinníollacha áirithe sábháilteachta iar-údarúcháin a áireamh ar bhonn córasach ar liosta na dtáirgí míochaine atá faoi réir faireacháin bhreise arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáide tréidliachta ⁽³⁾.
- (2) Sa bhreis air sin, má ghníomhaíonn sealbhóir an údaraithe margaíochta go deonach, níor cheart go gcruthófaí an cás nuair nach dtéann na Ballstáit uile i ngleic mar is cuí leis an ábhar imní i dtaobh na bpríacal nó na dtairbhí a bhaineann le táirge míochaine arna n-údarú san Aontas. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeidh sé d'óibleagáid ar shealbhóir an údaraithe margaíochta fógra don Ghníomhaireacht Leighreasra Eorpach faoi na cúiseanna le táirge míochaine a aistarraingt nó le stop a chur le táirge míochaine a chur ar an margadh, le hiarraidh chun údarú margaíochta a chúlghairm, nó le nach ndearnadh údarú margaíochta a athnuachan.
- (3) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon foráil a dhéanamh i leith rialacha sainiúla maidir le cógas-aireachas agus sábháilteacht táirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine de bhun Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a fheabhsú, a bhaint amach go leordhóthanach, agus ós rud é gur fearr dá bhrí sin is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal

na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 leis seo mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal 13(4):

“Tabharfaidh sealbhóir an údaraithe margaíochta fógra freisin don Ghníomhaireacht má scoireann an táirge de bheith á chur ar mhargadh Ballstáit, bíodh sé sin go sealadach nó go buan. Tabharfar an fógra sin, seachas in imthosca eisceachtúla, tráth nach déanaí ná dhá mhí sula gcuirtear stop leis an táirge a chur ar an margadh. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe margaíochta an Ghníomhaireacht ar an eolas faoi na cúiseanna leis an mbeart sin i gcomhréir le hAirteagal 14b.”;

- (2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 14b

1. Tabharfaidh sealbhóir an údaraithe margaíochta fógra láithreach don Ghníomhaireacht maidir le haon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an sealbhóir chun margaíocht táirge míochaine a fhionraí, chun táirge míochaine a aistarraingt ón margadh, chun aistarraingt údaraithe margaíochta a iarraidh nó i gcás nach ndéanfaidh sé iarratas ar údarú margaíochta a athnuachan, mar aon leis na cúiseanna leis an ngníomhaíocht sin. Dearbhóidh sealbhóir an údaraithe margaíochta, go háirithe, má tá an ghníomhaíocht sin bunaithe ar aon cheann de na forais atá leagtha amach in Airteagal 116 nó in Airteagal 117(1) de Threoir 2001/83/CE.

2. Déanfaidh sealbhóir an údaraithe margaíochta freisin an fógra de bhun mhír 1 den Airteagal seo i gcásanna ina ndéantar an beart i dtríú tír agus i gcásanna ina bhfuil an beart sin bunaithe ar aon cheann de na forais a leagtar amach in Airteagal 116 nó in Airteagal 117(1) de Threoir 2001/83/CE.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, cuirfidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis ar aghaidh chuig údaráis inniúla na mBallstát gan aon mhoill mhíchúí.”;

- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8 d'Airteagal 20:

⁽¹⁾ IO C 181, 21.6.2012, lch. 202.

⁽²⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012.

⁽³⁾ IO L 136, 30.4.2004, lch. 1.

“8. Más rud é go ndéantar an nós imeachta a thionscnamh mar thoradh ar mheastóireacht sonraí a bhaineann le cógas-aireachas, glacfaidh an Coiste um tháirgí míochaine lena n-úsáid ag an duine tuairim na Gníomhaireachta, i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, ar bhonn moladh ón gCoiste Cógas-Aireachais um Measúnú Riosca agus beidh feidhm ag Airteagal 107j(2) de Threoir 2001/83/CE.”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

“Airteagal 23

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhar leis na Ballstáit, liosta táirgí míochaine atá faoi réir faireacháin bhreise a chur ar bun, a choimeád ar bun agus a phoiblíú.

Áireofar ar an liosta sin ainmneacha agus substaintí gníomhacha na dtáirgí seo a leanas:

- (a) táirgí míochaine arna n-údarú san Aontas agus a bhfuil substaint gníomhach nua iontu nach raibh, amhail an 1 Eanáir 2011, in aon táirge míochaine arna údarú san Aontas;
 - (b) aon táirge míochaine bitheolaíoch nach bhfuil cumhdaithe faoi phointe (a) agus a údaraíodh tar éis an 1 Eanáir 2011;
 - (c) táirgí míochaine arna n-údarú de bhun an Rialacháin seo, faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe (cb) d’Airteagal 9(4), i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 10a(1) nó in Airteagal 14(7) nó in Airteagal 14(8);
 - (d) táirgí míochaine arna n-údarú de bhun Threoir 2001/83/CE, faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad mhír d’Airteagal 21a, Airteagal 22, nó i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 22a(1) de.
- 1a. 1a. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Cógas-Aireachais um Measúnú Rioscaí, féadfar táirgí míochaine a údaraítear de bhun an Rialacháin seo, agus má tá siad faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i bpointe (c), i bpointe (ca), nó i bpointe (cc) d’Airteagal 9(4), i bpointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 10a(1), nó in Airteagal 21(2), a áireamh freisin ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Arna iarraidh sin d’údarás inniúil náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Cógas-Aireachais um Measúnú Rioscaí, féadfar táirgí míochaine a údaraítear de bhun Threoir 2001/83/CE agus má tá siad faoi réir na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) nó (f) den chéad mhír d’Airteagal 21a, i bpointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 22a(1) nó in Airteagal 104a(2) den Treoir sin, a áireamh freisin ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

2. Áireofar ar an liosta dá dtagraítear i mír 1 nasc leictreonach leis an bhfaisnéis faoin táirge agus leis an achoimre ar an bplean bainistíochta riosca.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo, bainfidh an Ghníomhai-

reacht táirge míochaine den liosta cúig bliana tar éis dháta tagartha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 107c(5) de Threoir 2001/83/CE.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) de mhír 1 agus i mír 1a den Airteagal seo, bainfidh an Ghníomhaireacht táirge míochaine den liosta a luaithe agus a chomhlíonfar na coinníollacha.

4. I gcás táirgí míochaine atá ar an liosta dá dtagraítear i mír 1, beidh an ráiteas “Tá an táirge míochaine seo faoi réir faireacháin bhreise” ar áireamh san achoimre ar shaintréithe an táirge agus ar an mbileog phacáiste. Beidh siombail dhubh ann roimh an ráiteas sin ar siombail í a roghnóidh an Coimisiún faoin 2 Iúil 2013, tar éis moladh a fháil ón gCoiste Cógas-Aireachais um Measúnú Riosca, agus beidh abairt chaighdeánach iomchuí mhíniúcháin ann ina diaidh.

4a. Faoin 5 Meitheamh 2018, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le húsáid an liosta dá dtagraítear i mír 1, ar liosta é a bheidh bunaithe ar an taithí agus ar na sonraí a sholáthróidh na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht.

Déanfaidh an Coimisiún, más iomchuí, ar bhonn na tuarascála sin, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí iomchuí eile, togra a thíolacadh chun na forálacha a bhaineann leis an liosta dá dtagraítear i mír 1 a leasú.”;

(5) leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

- (a) sa dara fhomhír de mhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d):

“(c) faireachán ar tháirgí míochaine a údaraíodh laistigh den Aontas a chomhordú agus comhairle a sholáthar maidir leis na bearta is gá chun úsáid shábháilte agus éifeachtach na dtáirgí míochaine sin a áirithiú, go háirithe trí chomhordú a dhéanamh ar mheastóireacht agus ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí agus na gcóras um chógas-aireachas agus trí fhaireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme sin;

(d) a áirithiú go ndéantar faisnéis maidir le frithghníomhartha díobhálacha amhrasta in aghaidh táirgí míochaine, ar táirgí iad arna n-údarú san Aontas, a chomhthiomsú agus a scaipeadh trí mheán bunachair shonraí a bheidh inrochtana go buan do gach Ballstát.”;

- (b) sa dara fhomhír de mhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) déanfaidh sealbhóirí na n-údaruithe margaíochta, faoin 2 Iúil 2012 ar a dhéanaí, faisnéis a thíolacadh go leictreonach don Ghníomhaireacht maidir le gach táirge míochaine lena úsáid ag an duine, ar táirge é atá údaraithe san Aontas, agus iad ag baint úsáide as an bhformáid dá dtagraítear i bpointe (a);”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 5 Meitheamh 2013 seachas Airteagal 23(4), pointe (c) agus pointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 57(1) agus pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 57(2) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 arna leasú leis an Rialachán seo, a mbeidh feidhm acu ón 4 Nollaig 2012.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1028/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**an 25 Deireadh Fómhair 2012****Ilena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas na scéime íocaíochta aonair agus le tacaíocht do shaothraithe fíniúnacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) In Airteagal 103o de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margai talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha le haghaidh táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair) ⁽⁴⁾, déantar foráil go bhféadfaidh Ballstáit cabhair dhíchúpláilte a dheonú faoin scéim íocaíochta aonair do shaothraithe fíniúnacha. Bhain roinnt mhaith Ballstát leas as an mbeart tacaíochta sonracha sin.
- (2) Mar sin féin, toisc go bhféadfaidh Ballstáit aistrithe chuig an scéim íocaíochta aonair ó na cláir thacaíochta a mhodhnú uair sa bhliain, agus go maireann cláir thacaíochta cúig bliana ach go dtugtar teidlíochtaí íocaíochta as a n-eascraíonn íocaíochtaí díreacha ar feadh tréimhse neamhchinntithe, is ualaí riaracháin agus buiséid a bhí mar thoradh ar an méid sin.
- (3) D'fhonn an beart tacaíochta sonracha seo a bhainistiú ar bhealach níos simplí agus d'fhonn a chomhsheasmhacht le cuspóirí na rialacha le haghaidh scéimeanna tacaíochta díreacha d'fheirmeoirí a áirithiú, is iomchuí é a iompú ina fhéidearthacht ar dá réir a dhéanfaidh na Ballstáit na cistí a leithdháiltear do na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona a laghdú go críochnaitheach agus na huasteorainneacha náisiúnta d'íocaíochtaí díreacha a ardú ar an dóigh sin.
- (4) Is iomchuí a cheadú do Bhallstáit leanúint den tacaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 103o de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a chur i bhfeidhm le haghaidh 2014.

- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 mar seo a leanas:

1. in Airteagal 103n, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"1a. Faoin 1 Lúnasa 2013, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh laghdú a dhéanamh, ó 2015 ar aghaidh, ar an méid atá ar fáil do na cláir thacaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn Xb, d'fhonn a n-uasteorainneacha náisiúnta a mhéadú le haghaidh íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

Fanfaidh an méid a eascraíonn as an laghdú dá dtagraítear sa chéad fhomhír go críochnaitheach sna huasteorainneacha náisiúnta d'íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus ní bheidh sé ar fáil a thuilleadh do na bearta atá liostaithe in Airteagal 103p go 103y."

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 103o:

*"Airteagal 103o***An scéim íocaíochta aonair agus an tacaíocht do shaothraithe fíniúnacha**

1. Féadfaidh Ballstáit a chinneadh, faoin 1 Nollaig 2012, tacaíocht a sholáthar do lucht saothraithe fíniúnacha le haghaidh 2014 trí theidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh de réir bhrí Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009.

Más mó an méid tacaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír ná an méid a soláthraíodh don bhliain 2013, úsáidfí na Ballstát lena mbaineann an fuilleach chun teidlíochtaí íocaíochta de réir bhrí Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 a leithdháileadh ar shaothraithe fíniúnacha i gcomhréir le pointe C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. Aon Bhallstáit a bhfuil sé ar intinn acu tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, déanfaidh siad foráil do thacaíocht den chineál sin ina gcláir thacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 103k(3).

3. Maidir leis an tacaíocht le haghaidh 2014 dá dtagraítear i mír 1:

- (a) fanfaidh sí sa scéim íocaíochta aonair agus ní bheidh sí ar fáil a thuilleadh faoi Airteagal 103k(3), i gcás na mbearta atá liostaithe in Airteagal 103p go hAirteagal 103y;

- (b) déanfaidh sí méid na gcistí atá ar fáil do bhearta atá liostaithe in Airteagal 103p go hAirteagal 103y sna cláir thacaíochta a laghdú go comhréireach."

⁽¹⁾ IO C 191, 29.6.2012, lch. 116.

⁽²⁾ IO C 225, 27.7.2012, lch. 174.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012.

⁽⁴⁾ IO L 299, 16.11.2007, lch 1.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1029/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Deireadh Fómhair 2012

lena dtugtar isteach fabhair thrádála uathrialacha phráinneacha don Phacastáin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach (dá ngairtear “an tAontas” anseo feasta) agus Poblacht Ioslamach na Pacastáine (dá ngairtear “an Phacastáin” anseo feasta) cuirtear leis an gComhaontú um Chomhar a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2004 ⁽²⁾. Is é ceann de na príomhchuspóirí a bhaineann leis an gComhaontú na coinníollacha le haghaidh trádála idir na Páirtithe is páirtithe sa Chomhaontú Comhair a áirithiú agus méadú agus forbairt ar an trádáil sin a chur chun cinn. Is gné bhunriachtanach den Chomhaontú sin freisin é urramú chearta an duine, lena n-áirítear bunchearta saothair agus prionsabail an daonlathais.
- (2) In Iúil agus i Lúnasa 2010 i ndiaidh báistí troime monsúin, rinne tuilte millteacha dochar do réigiúin fhairsinge den Phacastáin, go háirithe na limistéir seo a leanas, an Bhalúcástáin, Khyber Pakhtunkhwa, an Phuínseab, Sindh agus Gilgit-Baltistan. De réir fhoinisí na Náisiún Aontaithe, bhí éifeacht ag na tuilte ar thart ar 20 milliún duine agus ar 20 faoin gcéad de thalamh na Pacastáine, arb ionann é agus 160 000 ciliméadar cearnach ar a laghad agus bhí suas le 12 milliún duine a raibh cabhair dhaonnúil ag teastáil uathu go práinneach.
- (3) Ar ndóigh, is í cabhair dhaonnúil, an áis phríomha i gcás mar seo agus tá an tAontas ar thús cadhnaíochta sa réimse sin ó thosaigh an ghéarchéim, agus níos mó ná EUR 423 milliún i gcabhair éigeandála don Phacastáin á gheallúint aige.
- (4) Beidh sé tábhachtach leas a bhaint as gach deis atá ar fáil chun tacú le téarnamh na Pacastáine ón ngéarchéim seo, lena n-áirítear na bearta trádála eisceachtúla atá beartaithe chun onnmhairí na Pacastáine a neartú agus chun cuidiú

lena forbairt eacnamaíoch amach anseo, agus comhsheasmhacht agus comhleanúnachas á n-áirithiú ar gach leibhéal ag féachaint do straitéis inbhuanaithe fhadtearmach a fhorbairt.

- (5) Éilítear le déine na tubaiste nádúrtha freagairt láithreach agus shuntasach a chuirfeadh san áireamh tábhacht gheostraitéiseach chomhpháirtíochta na Pacastáine leis an Aontas, go háirithe trí ról ríthábhachtach na Pacastáine sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta fad agus a chuirtear le forbairt, slándáil agus cobhsaíocht an réigiúin san fhoriomlán.
- (6) Ba cheart go mbeadh éifeachtaí na bhfabhar trádála uathrialach intomhaiste go coincréiteach chomh fada agus a bhaineann le poist a chruthú, deireadh a chur leis an mbochtanas agus forbairt inbhuanaithe dhaonra oibre agus bhochtáin na Pacastáine.
- (7) I nDearbhú maidir leis an bPacastáin atá i gceangal lena Conclúidí an 16 Meán Fómhair 2010, chinn an Chomhairle Eorpach sainordú a thabhairt do na hAíreí chun pacáiste cuimsitheach beart a chomhaontú láithreach bonn, ar bearta iad don ghearrthearma, don mheántearma agus don fhadtearma a bheidh mar thaca do théarnamh na Pacastáine agus d'fhorbairt na tíre sin sa todhchaí agus ina mbeidh *inter alia* bearta trádála uailm-hianacha a bheidh riachtanach le haghaidh téarnaimh agus foráis eacnamaíoch.
- (8) Leag an Chomhairle Eorpach béim, go háirithe, ar a geallúint chun breis rochtana a thabhairt don Phacastáin, agus di sin amháin, ar mhargadh an Aontais trí dhleachtanna ar na príomhallmhairí ón bPacastáin a laghdú láithreach, go ceann tréimhse teoranta. I bhfianaise an Dearbhaithe sin, mhol an Coimisiún pacáiste lena sainathnítear 75 líne taraife a bhaineann go sonrach le bunearnálacha onnmhairiúcháin na Pacastáine sna limistéir sin is mó a d'fhulaing de bharr na dtuillte, agus dearbhaíodh go gcuirfeadh méadú EUR 100 milliún nó níos mó sa bhliain in onnmhairí na Pacastáine chuig an Aontas fíorchúnamh suntasach agus fiúntach ar fáil don réigiún.
- (9) Maidir le trádáil na Pacastáine leis an Aontas, is i dteicstílí agus i dtáirgí éadaí a bhíonn an trádáil sin den chuid is mó, arb ionann í agus 73,7 % d'onnmhairí na Pacastáine chuig an Aontas in 2009. Onnmhairíonn an Phacastáin eatánól agus leathar freisin, arb iad mar aon le teicstílí agus éadach, táirgí tionsclaíocha íogaire i mBallstáit áirithe, ina bhfuil tionchar cheana féin ag an gcúlú eacnamaíoch domhanda ar phoist sa tionscal sin. Tá na tionscail sin ag streachailt le dul in oiriúint don timpeallacht nua trádála domhanda.
- (10) Tá earnáil na dteicstílí, arb ionann 8,5 % den olltairgeacht intíre í agus ina bhfuil 38 % den lucht saothair fostaíthe agus is mná iad leath acu, thar a bheith tábhachtach do gheilleagar na Pacastáine.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2012.

⁽²⁾ Cinneadh 2004/870/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Chomhar idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Pacastáine (IO L 378, 23.12.2004, lch. 22).

- (11) I bhfianaise an chruatain atá á fhulaingt ag muintir na Pacastáine de bharr na dtuillte is iomchuí mar sin fabhair thrádála uathrialacha eisceachtúla a thabhairt don Phacastáin trí na taraifí uile a chur ar fionraí go ceann tréimhse teoranta i gcás táirgí áirithe atá tábhachtach mar onnmhairí don Phacastáin. Ní bheadh aon drochthionchar suntasach ag na fabhair thrádála den sórt sin ar mhargadh intíre an Aontais ná ní bheadh tionchar diúltach aige ar na Baill is lú forbairt den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT).
- (12) Is mar chuid de phacáiste eisceachtúil a mholtar na bearta sin mar fhreagairt ar an staid shonrach sa Phacastáin. In imthosca ar bith, ní ceart gur fasach iad na bearta sin maidir le beartas trádála an Aontais le tíortha eile.
- (13) Is i bhfoirm díolúine ó dhleachtanna custaim agus táirgí á n-allmhairiú isteach san Aontas nó i bhfoirm cuótaí rátaí taraife a bheidh na fabhair thrádála uathrialacha.
- (14) Beidh an Phacastáin i dteideal leas a bhaint as na fabhair thrádála uathrialacha ar choinníoll go gcoifídh sí leis na rialacha ábhartha maidir le tionscnamh na dtáirgí agus leis na nósanna imeachta a bhaineann leo agus ar choinníoll go mbeidh an Phacastáin rannpháirteach i riarachán éifeachtach in éineacht leis an Aontas d'fhonn aon bhaol a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le calaois a chosc. Ba cheart go gcuirfí na fabhair ar fionraí go sealadach dá sárófaí, go tromchúiseach nó go córasach, coinníollacha na teidlíochta i leith an tsocráithe fhábhraigh, dá dtarlódh calaois nó dá mainneofaí comhar riaracháin a sholáthar chun tionscnamh earraí a fhíoriú.
- (15) Chun críoch na gcoincheap maidir le táirgí tionscnaimh, deimhniú ar an tionscnamh agus nósanna imeachta comhoibrithe riaracháin a shainmhíniú, ba cheart go mbeadh feidhm ag Cuid I, Teideal IV, Caibidil 2, Roinn 1 agus Roinn 1A de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 lena leagtar síos forálacha le haghaidh cur chun feidhme Rialacháin (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail⁽¹⁾, cé is moite d'Airteagal 68 go hAirteagal 71, Airteagal 90 go hAirteagal 97i agus Airteagal 97j(2) de na Ranna sin. Maidir le carnadh tionscnaimh, áfach, níor cheart ach ábhair de thionscnamh an Aontais a cheadú lena n-úsáid chun na gcríoch sin. Carnadh réigiúnach agus cineálacha eile carntha seachas carnadh le hábhair de thionscnamh an Aontais, níor cheart feidhm a bheith acu maidir le stádas tionscnaimh táirgí a chumhdaítear leis na fabhair uathrialacha trádála a bunaíodh de bhun an Rialacháin seo a chinneadh d'fhonn a áirithiú go ndéanfar go leor trasfhoirmithe sa Phacastáin.
- (16) D'fhonn fabhair thrádála uathrialacha a dheonú don Phacastáin, bheadh gá le tarscaoileadh ó oibleagáidí an Aontais de réir Airteagal I agus Airteagal XIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 (CGTT) de bhun Airteagal IX den Chomhaontú lena mbunaítear an EDT. Cheadaigh Comhairle Ghinearálta an EDT an tarscaoileadh sin an 14 Feabhra 2012.
- (17) D'fhonn tionchar láithreach agus inbhuanaithe ar théarnamh eacnamaíoch na Pacastáine a áirithiú i ndiaidh na dtuillte agus i gcomhréir le tarscaoileadh ón EDT, moltar an tréimhse a mbeidh na fabhair uathrialacha trádála i bhfeidhm a theorannú go dtí an 31 Nollaig 2013.
- (18) D'fhonn gníomhú go tapa agus sláine agus feidhmiú rianúil na bhfabhar trádála uathrialach a áirithiú don Phacastáin agus d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i gcur chun feidhme an Rialacháin seo i ndáil le fionraíocht shealadach de bharr neamhchomhlíonadh nósanna imeachta agus oibleagáidí custaim, sáruithe dáiríre agus córasacha ar bhunphrionsabail dhaonlathacha chearta an duine, na prionsabail dhaonlathacha agus riail an dlí ag an bPacastáin, nó ós rud é nach ndearna an Phacastáin an choinníoll a urramú go staonfadh sí ón 1 Iúil 2012 ó dhleachtanna nua ar onnmhairí a thabhairt isteach nó ó dhleachtanna ar onnmhairí atá ann cheana a mhéadú nó ó mhuirir chomhéifeachta nó ó aon bhac nó ó thoirmeasc eile i ndáil le honnmhairiú nó le díol le haghaidh onnmhairiú d'aon ábhair a úsáidtear i dtáirgeadh na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh, sa chás go n-éileofar é sin le mórchúiseanna práinne. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁽²⁾.
- (19) D'fhonn na hoiriúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh don liosta earraí a bhfuil na fabhair thrádála uathrialacha infheidhme ina leith agus chun táirgí a bhaint ó raon feidhme an Rialacháin sin sa chás go méadóidh toirteanna na n-allmhairí atá cumhdaithe leis an Rialachán seo thar leibhéal áirithe ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligeán chuig an gCoimisiún maidir le hlarscríbhinn I agus le hlarscríbhinn II a leasú chun athruithe san ainmníocht chomhcheangailte a léiriú agus chun táirgí a bhaint ó raon feidhme an Rialacháin seo. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaidh na Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (20) D'fhonn aghaidh a thabhairt gan mhoill shuntasach ar allmhairí a bhfuil méadú suntasach tagtha orthu atá díolmhaithe ó dhleachtanna custaim nuair a allmhairítear iad isteach san Aontas agus a d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar tháirgeoirí an Aontais, ba cheart don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a bhainfidh táirgí ó raon feidhme an Rialacháin seo faoin nós imeachta práinne.

⁽¹⁾ IO L 253, 11.10.1993, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

- (21) Tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dháta éagtha an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le héifeachtaí na bhfabhar trádála uathrialach seo. Ba cheart go mbeadh anailís mhionsonraithe faoi éifeachtaí na bhfabhar seo ar gheilleagar na Pacastáine agus a dtionchar ar thrádáil agus ar ioncam taraife an Aontais mar aon lena dtionchar ar gheilleagar agus poist an Aontais san áireamh sa tuarascáil sin. Sa tuarascáil sin, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar éifeachtaí na bhfabhar trádála uathrialach chomh fada agus a bhaineann le poist a chruthú, deireadh a chur leis an mbochtanas agus forbairt inbhuanaithe dhaonra oibre agus bhochtáin na Pacastáine,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Socruithe fabhair

1. Maidir le táirgí de thionscnamh na Pacastáine agus a áirítear in Iarscríbhinn I, beidh siad saor ó dhleachtanna custaim nuair a allmhairíofar isteach san Aontas iad.
2. Maidir le táirgí de thionscnamh na Pacastáine agus a áirítear in Iarscríbhinn II, ceadófar iad a allmhairiú isteach san Aontas faoi réir na bhforálacha speisialta atá leagtha síos in Airteagal 3.

Airteagal 2

Coinníollacha teidlíochta i leith na socruithe fabhair

1. Beidh teidlíocht chun leas a bhaint as na socruithe fabhair a tugadh isteach in Airteagal 1 faoi réir:
 - (a) na rialacha maidir le tionscnamh na dtáirgí agus na nósanna imeachta a bhaineann leo de réir mar a fhoráiltear i gCuid I, Teideal IV, Caibidil 2, Roinn I agus Roinn IA, fo-roinn 1 agus fo-roinn 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93, cé is moite d'Airteagal 68 go hAirteagal 71, Airteagal 90 go hAirteagal 97i agus Airteagal 97j(2) de na Ranna sin, a bheith á gcomhlíonadh. Mar sin féin, maidir le carnadh tionscnaimh chun stádas tionscnaimh táirgí a chumhdaítear leis na socruithe a tugadh isteach in Airteagal 1 den Rialachán seo a chinneadh, ní cheadaítear ach carnadh leis na hábhair sin ar de thionscnamh an Aontais iad. Ní cheadaítear carnadh réigiúnach ná cineálacha eile carntha seachas an carnadh le hábhair de thionscnamh an Aontais;
 - (b) chomhlíonadh modhanna an chomhair riaracháin dá bhforáiltear i gCuid I, Teideal IV, Caibidil 2, Roinn 1, fo-roinn 3 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93;
 - (c) an Phacastáin gan a bheith ag gabháil do shárúithe córasacha ar chearta an duine, lena n-áirítear bunchearta saothair, prionsabail bhunúsacha an daonlathais agus riail an dlí;
 - (d) an Phacastáin a bheith ag staonadh ó dhleachtanna nua ar onnmhairí a thabhairt isteach nó ó dhleachtanna ar onnmhairí atá ann cheana a mhéadú nó ó mhuirir chomhéifeachta nó ó aon bhac nó ó thoirmeasc eile i ndáil le honnmhairiú nó le díol le haghaidh onnmhairiú d'aon

ábhair a úsáidtear go príomha i dtáirgeadh aon cheann de na táirgí a chumhdaítear leis na socruithe fabhair seo atá ceaptha do chríoch an Aontais, ón 1 Iúil 2012.

2. Maidir le deimhnithe tionscnaimh de Fhoirm A arna eisiúint ag údaráis inniúla na Pacastáine de bhun an Rialacháin seo, ba cheart go mbeadh an formhuiniú seo a leanas i mbosca 4 acu "Autonomous measure — Rialachán (AE) Uimh. 1029/2012 ⁽¹⁾".

Airteagal 3

Cuótaí taraife

1. Ceadófar táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a allmhairiú isteach san Aontas le díolúine ó dhleachtanna custaim laistigh de theorainneacha cuótaí taraife an Aontais mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin iad.
2. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na cuótaí taraife dá dtagraítear i mír 1 agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a riaradh i gcomhréir le hAirteagal 308a, le hAirteagal 308b agus le hAirteagal 308c de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93.

Airteagal 4

Na táirgí a bhaint ó raon feidhme an Rialacháin seo

1. Más rud é sa bhliain féilire 2012 nó 2013, maidir le hallmhairí atá bunaithe ar shonraí allmhairí custaim táirge de thionscnamh na Pacastáine agus a áirítear in Iarscríbhinn I, go méadaíonn siad 25 % nó níos mó, de réir toirte, le hais mheán na mblianta 2009 go 2011, bainfear an táirge sin ó raon feidhme an Rialacháin seo ar feadh an chuid eile den bhliain sin. Chun críocha na míre seo, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 6, chun Iarscríbhinn I a leasú leis an táirge sin a bhaint de raon feidhme an Rialacháin ar feadh an chuid eile den bhliain sin.
2. Ar theacht i bhfeidhm don ghníomh tarmligthe, beidh onnmhairí den táirge dá dtagraítear i mír 1 faoi réir dleachtanna na náisiún barrfhabhair nó faoi réir dleachtanna eile is infheidhme.

Airteagal 5

Coigeartuithe teicniúla ar na hlarscríbhinní

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6, chun na hlarscríbhinní a leasú d'fhonn leasuithe agus coigeartuithe teicniúla a ionchorprú, ar leasuithe agus coigeartuithe iad a bheidh riachtanach trí leasuithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fhoranna TARIC.

Airteagal 6

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Maidir leis an gcumhacht chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a ghlacadh, tugtar don Choimisiún í faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Maidir leis an gcumhacht na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a ghlacadh, tabharfar don Choimisiún í ar feadh tréimhse feidhmithe an Rialacháin seo.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 43.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5 a chúilghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairm a dhéanamh deireadh le tarmligeán na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithfe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 5 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 7

An nós imeachta práinne

1. Gníomhartha tarmligthe a ghlacfar faoin Airteagal seo, tiocfaidh siad i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu fad nach ndéanfar aon agóid i gcomhréir le mír 2. Luafar na cúiseanna ar úsáideadh an nós imeachta práinne san fhógra faoi ghníomh tarmligthe a thabharfar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

Airteagal 8

An nós imeachta coiste

1. Beidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 247a(1) agus le hAirteagal 248a(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle⁽¹⁾ de chúnamh ag an Coimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin. Féadfaidh an Coiste sin aon ábhar a scrúdú a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, arna tharraingt anuas ag an gCoimisiún nó ar iarratas ó Bhallstát.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

⁽¹⁾ IO L 302, 19.10.1992, lch. 1.

Airteagal 9

Fionraí sealadach

1. Má chinneann an Coimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann gur mainníodh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 a chomhlíonadh, féadfaidh sé, chun an phráinn sin a fhreagairt, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach na socruithe fabhair dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach go ceann tréimhse nach mó ná sé mhí, ar choinníoll go mbeidh an méid seo a leanas déanta i dtosach báire aige:

(a) go mbeidh an Coiste, dá dtagraítear in Airteagal 8(1), curtha ar an eolas aige;

(b) go mbeidh sé tar éis a iarraidh ar na Ballstáit na bearta réamhchúraim is gá a dhéanamh d'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint nó d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Phacastáin Airteagal 2;

(c) go mbeidh fógra foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* aige lena gcuirfear in iúl go bhfuil forais ann le hamhras réasúnach a bheith ann maidir leis an bPacastáin ó thaobh na socruithe fabhair a chur i bhfeidhm nó ó thaobh Airteagal 2 a chomhlíonadh, ar forais iad a d'fhéadfadh an ceart atá ag an bPacastáin leanúint de bheith ag baint tairbhe as na buntáistí a dheonófar leis an Rialachán seo a thabhairt faoi cheist;

(d) go mbeidh an Phacastáin curtha ar an eolas aige maidir le haon chinneadh arna ghlacadh i gcomhréir leis an mír seo, sula dtiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm.

2. Nuair a bheidh críoch le tréimhse shealadach na fionraíochta, cinnfidh an Coimisiún, trí bhithin gníomhartha cur chun feidhme, an gcuirfidh sé deireadh leis an bhfionraíocht nó an gcuirfidh sé síneadh leis an tréimhse a chuirtear í i bhfeidhm.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2).

4. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile is gá a d'fhéadfadh seasamh le socruithe fabhair a chur ar fionraí go sealadach nó iad a shíneadh a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 10

Tuarascáil

Tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2015, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoi oibriú agus faoi éifeachtaí an Rialacháin seo.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2013.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 25 Deireadh Fómhair 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. D. MAVROYIANNIS

IARSCRÍBHINN I

NA TÁIRGÍ A BHFUIL AN DLEACHT CHUSTAIM DÍOLMHAITHE INA LEITH

Sainaithnítear lena gcód AC ocht n-uimhir na táirgí a mbeidh feidhm ag na bearta maidir leo. Tá tuairisc ar na cóid sin ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim ⁽¹⁾. Is chun críocha faisnéise amháin a thugtar tuairisc ar na cóid AC.

Cód AC	Tuairisc
0712 39 00	Beacáin thirime agus srufail, iad iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach gan ullmhú breise déanta orthu (seachas beacáin den ghéineas <i>Agaricus</i> , cluasa adhmaid (<i>Auricularia</i> spp.) agus glóthfhungais (<i>Tremella</i> spp.))
5205 12 00	Abhras singil cadáis, de shnáithíní neamhspionta, ar cadás é 85 % de de réir meáchain nó níos mó, atá níos lú ná 714,29 deiciteics ar dlús ach nach bhfuil níos lú ná 232,56 deiciteics (uimhir mhéadrach: níos mó ná 14 ach gan dul thar 43), agus nach bhfuil cóirithe lena miondíol
5205 22 00	Abhras singil cadáis, de shnáithíní spionta, ar cadás é 85 % de de réir meáchain nó níos mó, atá níos lú ná 714,29 deiciteics ar dlús ach nach bhfuil níos lú ná 232,56 deiciteics (uimhir mhéadrach: níos mó ná 14 ach gan dul thar 43), agus nach bhfuil cóirithe lena miondíol
5205 32 00	Abhras iolrach fillte cadáis nó abhras cábla cadáis, de shnáithíní neamhspionta, ar cadás é 85 % de de réir meáchain nó níos mó, atá níos lú ná 714,29 deiciteics ar dlús in aghaidh an abhrais shingil ach nach bhfuil níos lú ná 232,56 deiciteics (uimhir mhéadrach: níos mó ná 14 ach gan dul thar 43 in aghaidh an abhrais shingil), agus nach bhfuil cóirithe lena miondíol
5205 42 00	Abhras iolrach fillte cadáis nó abhras cábla cadáis, de shnáithíní spionta, ar cadás é 85 % de de réir meáchain nó níos mó, atá níos lú ná 714,29 deiciteics ar dlús in aghaidh an abhrais shingil ach nach bhfuil níos lú ná 232,56 deiciteics (uimhir mhéadrach: níos mó ná 14 ach gan dul thar 43 in aghaidh an abhrais shingil), agus nach bhfuil cóirithe lena miondíol
5208 11 90	Faibrící fite pléineáilte neamhthuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, a bhfuil meáchan nach mó ná 100 g/m ² acu, seachas faibrící a úsáidtear chun bindealáin, cóirithe agus uigí míochaine a mhonarú
5208 12 16	Faibrící fite pléineáilte neamhthuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, a bhfuil meáchan de níos mó ná 100 g/m ² acu ach nach dtéann thar 130 g/m ² , agus nach bhfuil níos mó ná 165 cm ar leithead
5208 12 19	Faibrící fite pléineáilte neamhthuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, a bhfuil meáchan de níos mó ná 100 g/m ² acu ach nach dtéann thar 130 g/m ² agus atá níos mó ná 165 cm ar leithead
5208 13 00	Faibrící fite neamhthuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, i gcorrán 3 shnáth nó i gcorrán 4 shnáth, lena n-áirítear croschorrán
5208 19 00	Faibrící fite neamhthuartha eile cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó
5208 21 90	Faibrící fite pléineáilte tuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, a bhfuil meáchan nach mó ná 100 g/m ² acu, seachas faibrící a úsáidtear chun bindealáin, cóirithe agus uigí míochaine a mhonarú
5208 22 19	Faibrící fite pléineáilte tuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, a bhfuil meáchan de níos mó ná 100 g/m ² acu ach nach dtéann thar 130 g/m ² , agus atá níos mó ná 165 cm ar leithead
5208 22 96	Faibrící fite pléineáilte tuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, a bhfuil meáchan de níos mó ná 130 g/m ² acu, agus nach bhfuil níos mó ná 165 cm ar leithead
5208 29 00	Faibrící fite tuartha cadáis eile, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó
5208 51 00	Faibrící fite pléineáilte priontáilte cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, agus a bhfuil meáchan nach mó ná 100 g/m ² acu

⁽¹⁾ IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

Cód AC	Tuairisc
5208 52 00	Faibricí fite pléineáilte priontáilte cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, agus a bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m ² acu
5208 59 90	Faibricí fite priontáilte eile cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó
5209 11 00	Faibricí fite pléineáilte neamhthuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, agus a bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m ² acu
5209 12 00	Faibricí fite neamhthuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó agus a bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m ² acu, i gcorrán 3 shnáth nó i gcorrán 4 shnáth, lena n-áirítear croschorrán
5209 19 00	Faibricí fite neamhthuartha eile cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó
5209 22 00	Faibricí fite tuartha cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, agus a bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m ² acu, i gcorrán 3 shnáth nó i gcorrán 4 shnáth, lena n-áirítear croschorrán
5209 29 00	Faibricí fite tuartha eile cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó
5209 32 00	Faibricí fite ruaimnithe cadáis, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, agus a bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m ² acu, i gcorrán 3 shnáth nó i gcorrán 4 shnáth, lena n-áirítear croschorrán
5211 12 00	Faibricí fite neamhthuartha cadáis, ar cadás é níos lú ná 85 % díobh de réir meáchain, agus iad measctha go príomha nó go leithleach le snáithíní de dhéantús an duine, agus a bhfuil meáchan is mó ná 200 g/m ² acu, i gcorrán 3 shnáth nó i gcorrán 4 shnáth, lena n-áirítear croschorrán
5407 81 00	Faibricí fite abhrais, ar filiméid shintéiseacha é níos lú ná 85 % díobh de réir meáchain, lena n-áirítear faibricí fite a dhéantar as aonfhiliméad sintéiseach atá 67 deiciteics ar dlús nó níos mó agus nach dtéann aon toise trasghearrthach dá gcuid thar 1 mm, arna meascadh go príomha le cadás nó le cadás amháin, agus iad neamhthuartha nó tuartha
5407 82 00	Faibricí fite abhrais, ar filiméid shintéiseacha é níos lú ná 85 % díobh de réir meáchain, lena n-áirítear faibricí fite a dhéantar as aonfhiliméad sintéiseach atá 67 deiciteics ar dlús nó níos mó agus nach dtéann aon toise trasghearrthach dá gcuid thar 1 mm, arna meascadh go príomha le cadás nó le cadás amháin, agus iad ruaimnithe
5513 11 20	Faibricí fite déanta as snáithíní stáplacha poileistir, ar snáithíní den sórt sin é níos lú ná 85 % díobh de réir meáchain, iad measctha go príomha le cadás nó le cadás amháin; tá meáchan nach mó ná 170 g/m ² acu; fí phléineáilte atá i gceist; iad neamhthuartha nó tuartha; 165 cm ar leithead nó níos lú
5513 21 00	Faibricí fite déanta as snáithíní stáplacha poileistir, ar snáithíní den sórt sin é níos lú ná 85 % díobh de réir meáchain, iad measctha go príomha le cadás nó le cadás amháin; tá meáchan nach mó ná 170 g/m ² acu; fí phléineáilte atá i gceist; iad ruaimnithe
5513 41 00	Faibricí fite déanta as snáithíní stáplacha poileistir, ar snáithíní den sórt sin é níos lú ná 85 % díobh de réir meáchain, iad measctha go príomha le cadás nó le cadás amháin; tá meáchan nach mó ná 170 g/m ² acu agus tá siad priontáilte
6101 20 90	Anoraic d'fhir nó do bhuachaillí (lena n-áirítear seaicéid sciála) cótaí gaoithe, seaicéid ghaoithe agus earraí dá samhail, as cadás, atá cniotáilte nó cróiseáilte
6112 12 00	Cultacha spóirt de snáithíní sintéiseacha, atá cniotáilte nó cróiseáilte
6116 10 20	Lámhainní, atá tuilithe, brataithe nó clúdaithe le rubar, agus atá cniotáilte nó cróiseáilte
6116 10 80	Mitíní agus miotóga, atá tuilithe, brataithe nó clúdaithe le plaistigh nó le rubar agus atá cniotáilte nó cróiseáilte, agus lámhainní atá tuilithe, brataithe nó clúdaithe le plaistigh agus atá cniotáilte nó cróiseáilte
6116 92 00	Lámhainní, mitíní agus miotóga, as cadás, atá cniotáilte nó cróiseáilte
6116 93 00	Lámhainní, mitíní agus miotóga, as snáithíní sintéiseacha, atá cniotáilte nó cróiseáilte
6201 93 00	Anoraic d'fhir nó do bhuachaillí, cótaí gaoithe, seaicéid ghaoithe agus earraí dá samhail as snáithíní de dhéantús an duine

Cód AC	Tuairisc
6203 43 19	Treabhsair agus brístí d'fhir nó do bhuachaillí, as snáithíní sintéiseacha (seachas iad atá tionsclaíoch nó a bhaineann le ceird)
6204 22 80	<i>Ensembles</i> do mhná nó do chailíní, as cadás (seachas iad atá tionsclaíoch nó a bhaineann le ceird)
6204 62 90	Brístí sciota as cadás do mhna nó do chailíní
6207 91 00	Singléid agus veisteanna eile, róbaí folctha, fallaingeacha seomra agus earraí dá samhail as cadás d'fhir nó do bhuachaillí
6208 91 00	Singléid agus veisteanna eile, brístíní, <i>negligés</i> , róbaí folctha, fallaingeacha seomra agus earraí dá samhail as cadás do mhna nó do chailíní
6211 43 10	Napruín, rabhlaeir, forléine-rabhlaeir agus éadaí tionsclaíocha agus ceirde eile do mhná nó do chailíní, as snáithíní de dhéantús an duine
6216 00 00	Lámhainní, miotóga agus mitíní
6303 91 00	Cuirtíní (lena n-áirítear scaraidí) agus dallóga intí, cuirtíní leapa nó sciortaí leapa as cadás gan a bheith cniotáilte nó cróiseáilte
6303 92 90	Cuirtíní (lena n-áirítear scaraidí) agus dallóga intí, sciortaí cuirtíní nó sciortaí leapa, as snáithíní sintéiseacha, seachas iad sin nach bhfuil fite agus seachas iad sin atá cniotáilte nó cróiseáilte
6303 99 90	Cuirtíní (lena n-áirítear scaraidí) agus dallóga intí, sciortaí cuirtíní nó sciortaí leapa, seachas iad sin atá déanta as cadás nó as snáithíní sintéiseacha agus seachas iad sin nach bhfuil fite, agus iad atá cniotáilte ná cróiseáilte
6304 92 00	Earraí eile d'fhearastú as cadás, nach bhfuil cniotáilte nó cróiseáilte
6307 10 90	Ceirteacha urláir, ceirteacha mias, glantóirí deannaigh agus ceirteacha glantacháin seachas iad atá cniotáilte nó cróiseáilte agus seachas iad nach bhfuil fite
6307 90 99	Earraí rédhéanta eile teicstíle, lena n-áirítear patrúin do ghúnaí, nach bhfuil cniotáilte nó cróiseáilte agus nach bhfuil déanta as feilt

IARSCRÍBHINN II

AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR NA GCUÓTAÍ TARAIFE BLIANTÚLA SAOR Ó DHLEACHT DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3

Aithnítear lena gcód AC ocht n-uimhir na táirgí a mbeidh feidhm ag na bearta maidir leo. Tá tuairisc ar na cóid sin ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87. Is chun críocha faisnéise amháin a thugtar tuairisc ar na cóid AC.

Uimh. an Ordaithe	Cód AC	Tuairisc	Ó theacht i bhfeidhm go dtí deireadh 2012	1.1.2013 go 31.12.2013
09.2401	2207 10 00	Alcól eitile gan dínádúrá a bhfuil neart iarbhir alcóil $\geq 80\%$ aige	18 750 tona	75 000 tona
09.2409	4107 92 10	Scoilteanna snáithe de leathar bó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) an fionnadh bainte díobh, agus ullmhú breise déanta orthu tar éis súdaireacht a dhéanamh nó crústa a chur orthu, seachas seithí agus craicne iomlána	89 tona	356 tona
09.2410	4107 99 10	Leathar bó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill), an fionnadh bainte díobh, agus ullmhú breise déanta orthu tar éis súdaireacht a dhéanamh nó crústa a chur orthu, seachas seithí agus craicne iomlána, snáitheanna iomlána neamhscoilte agus scoilteanna snáithe	90,25 tona	361 tona
09.2411	4203 21 00	Lámhainní, mitíní agus miotóga, as leathar nó as leathar comhdhéanta, atá saindeartha le haghaidh úsáide sa spórt	361,75 tona	1 447 tona
09.2412	4203 29 10	Lámhainní, mitíní agus miotóga, as leathar nó as leathar comhdhéanta, cosanta do na ceirdeanna go léir, seachas iad sin atá saindeartha le haghaidh úsáide sa spórt	1 566,5 tona	6 266 tona
09.2413	ex 4203 29 90	Lámhainní, mitíní agus miotóga d'fhir agus do bhuachaillí, as leathar nó as leathar comhdhéanta, seachas iad sin atá saindeartha le haghaidh úsáide sa spórt agus iad atá cosanta do na ceirdeanna go léir	62,75 tona	251 tona
09.2414	ex 4203 29 90	Lámhainní, mitíní agus miotóga, as leathar nó as leathar comhdhéanta, seachas iad sin atá saindeartha le haghaidh úsáide sa spórt, iad atá cosanta do na ceirdeanna go léir agus iad sin atá d'fhir agus do bhuachaillí	135,5 tona	542 tona
09.2415	5205 23 00	Abhras singil cadáis, de shnáithíní spíonta, ar cadás é 85 % de de réir meáchain nó níos mó, atá níos lú ná 232,56 deiciteics ar dlús ach nach bhfuil níos lú ná 192,31 deiciteics (uimhir mhéadrach: níos mó ná 43 ach gan dul thar 52), agus nach bhfuil cóirithe lena miondíol	1 790 tona	7 160 tona
09.2416	5205 24 00	Abhras singil cadáis, de shnáithíní spíonta, ar cadás é 85 % de de réir meáchain nó níos mó, atá níos lú ná 192,31 deiciteics ar dlús ach nach bhfuil níos lú ná 125 deiciteics (uimhir mhéadrach: níos mó ná 52 ach gan dul thar 80), agus nach bhfuil cóirithe lena miondíol	1 276,25 tona	5 105 tona
09.2417	5208 39 00	Faibrící fite ruaimnithe cadáis eile, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó	421,25 tona	1 685 tona
09.2418	5209 39 00	Faibrící fite ruaimnithe cadáis eile, ar cadás é 85 % díobh de réir meáchain nó níos mó, agus a bhfuil meáchan de níos mó ná 200 g/m ² acu	689,25 tona	2 757 tona
09.2419	5509 53 00	Abhras (seachas snáth fuála) déanta as snáithíní stáplacha poileistir, arna meascadh go príomha le cadás nó le cadás amháin, agus ar abhras é nach bhfuil cóirithe lena miondíol	3 061 tona	12 244 tona

Uimh. an Ordaithe	Cód AC	Tuairisc	Ó theacht i bhfeidhm go dtí deireadh 2012	1.1.2013 go 31.12.2013
09.2420	6103 32 00	Seaicéid agus bléasair as cadás d'fhir nó do bhuachaillí, atá cniotáilte nó cróiseáilte	249,75 tona	999 tona
09.2421	6103 42 00	Treabhsair, rabhlaer beannóg is guailleán, brístí agus brístí sciota (seachas feisteas snámha), as cadás, d'fhir nó do bhuachaillí, atá cniotáilte nó cróiseáilte	568,75 tona	2 275 tona
09.2422	6107 21 00	Léinte oíche agus pitseámaí, as cadás, d'fhir nó do bhuachaillí, atá cniotáilte nó cróiseáilte	167,5 tona	670 tona
09.2423	6108 31 00	Gúnaí oíche agus pitseámaí, as cadás, do mhná nó do chailíní, atá cniotáilte nó cróiseáilte	374,5 tona	1 498 tona
09.2424	6109 90 20	T-léinte, singléid agus veisteaná eile as olann nó fionnadh fineáilte ainmhithe nó snáithíní de dhéantús an duine, atá cniotáilte nó cróiseáilte	297,5 tona	1 190 tona
09.2425	6111 20 90	Baill éadaigh babaithe agus gabhálaí éadaigh, as cadás, atá cniotáilte nó cróiseáilte (seachas lámhainní, mitíní agus miotóga)	153,5 tona	614 tona
09.2426	6115 95 00	Riteoga, stocaí, gearrstocaí agus góiséireacht eile, agus coisbheart gan boinn a bheith curtha leo, iad as cadás agus cniotáilte nó cróiseáilte (seachas góiséireacht chomhbhrú ghrádaithe agus riteoga comhbhrú grádaithe, stocaí lánfhada ban nó stocaí glún ban, atá níos lú ná 67 deiciteics ar dlús in aghaidh an abhrais shingil)	2 263 tona	9 052 tona
09.2427	6204 62 31	Treabhsair dheinime agus brístí deinime as cadás do mhná nó do chailíní (seachas iad atá tionsclaíoch nó a bhaineann le ceird)	1 892,75 tona	7 571 tona
09.2428	6211 42 90	Baill éadaigh as cadás do mhná nó do chailíní	96,5 tona	386 tona
09.2429	6302 60 00	Línéadach ionlainne agus línéadach cistine de thuáille gibíneach agus d'fhaibricí gibínigh eile dá samhail as cadás	9 602 tona	38 408 tona
09.2430	6302 91 00	Línéadach ionlainne agus línéadach cistine as cadás, seachas faibricí tuáille gibíneach agus faibricí gibínigh eile dá samhail	2 499,25 tona	9 997 tona
09.2431	6403 99 93	Coisbheart a bhfuil boinn sheachtracha rubair, boinn sheachtracha phlaisteacha nó boinn sheachtracha de leathar comhdhéanta agus uachtair leathair aige, ag a bhfuil boinn istigh atá 24 cm ar fad nó níos mó agus nach bhfuil inaitheanta mar choisbheart fear ná coisbheart ban, seachas coisbheart spóirt agus coisbheart a bhfuil bairbín cosanta miotail aige, coisbheart nach mbíonn an rúitín á chlúdach aige, nach ndearnadh ar bhonn ná ar chlár adhmaid (nach bhfuil bonn istigh aige), seachas coisbheart le huachtar atá déanta as strapáí nó a bhfuil píosa nó roinnt píosaí gearrtha as, seachas slipéir	60,5 tona	242 tona
09.2432	6403 99 96	Coisbheart a bhfuil boinn sheachtracha rubair, boinn sheachtracha phlaisteacha nó boinn sheachtracha de leathar comhdhéanta agus uachtair leathair aige, ag a bhfuil boinn istigh atá 24 cm ar fad nó níos mó, d'fhir, seachas coisbheart spóirt agus coisbheart a bhfuil bairbín cosanta miotail aige, coisbheart nach mbíonn an rúitín á chlúdach aige, nach ndearnadh ar bhonn ná ar chlár adhmaid (nach bhfuil bonn istigh aige), seachas coisbheart le huachtar atá déanta as strapáí nó a bhfuil píosa nó roinnt píosaí gearrtha as, seachas slipéir	363,25 tona	1 453 tona

Uimh. an Ordaithe	Cód AC	Tuairisc	Ó theacht i bhfeidhm go dtí deireadh 2012	1.1.2013 go 31.12.2013
09.2433	6403 99 98	Coisbheart a bhfuil boinn sheachtracha rubair, boinn sheachtracha phlaisteacha nó boinn sheachtracha de leathar comhdhéanta agus uachtair leathair aige, ag a bhfuil boinn istigh atá 24 cm ar fad nó níos mó, do mhná, seachas coisbheart spóirt agus coisbheart a bhfuil bairbín cosanta miotail aige, coisbheart nach mbíonn an rúitín á chlúdach aige, nach ndearnadh ar bhonn ná ar chlár adhmaid (nach bhfuil bonn istigh aige), seachas coisbheart le huachtar atá déanta as strapáí nó a bhfuil píosa nó roinnt píosaí gearrtha as, seachas slipéir	172,75 tona	691 tona

COSTAS SÍNTIÚIS 2012 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + DVD bliantúil	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 1 310 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 840 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, DVD míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla de chuid an AE	EUR 100 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, DVD, eagrán amháin sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C — comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Dhá shraith atá san Iris Oifigiúil, L (Reachtaíocht) agus C (Faisnéis agus Fógraí).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, a foilsíodh in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl ceangal ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh, faoi láthair, na gníomhartha go léir a tharraingt suas as Gaeilge ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Dá bhrí sin, déantar na heagraín Gaeilge den Iris Oifigiúil a dhíol astu féin leis an bpobal.

Is éard atá san Fhorlónadh ar an Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar DVD ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Na síntiúis do thréimhseacháin éagsúla a gcaithfear íoc astu, amhail an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá siad ar fáil ónár n-oifigí díolacháin. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an cásdlí agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>

